www.gaelsceal.ie

Forlíonadh 8 leathanach saor in aisce! - nós*

Imní go gcuirfear bás ar an Iriseoireacht Iniúchadh
L. 4

Sólás sa cheol, faoi scáth an bhróin san Iorua
L. 16

Goin an Ocrais
L. 9

ISSN 2009-3055
€1.65 (£1.50)
Uimh. 30

Gaelscéal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge
29.07.2011

€1.1 Billiún Caillte ag NAMA

Céad Tuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní foilsithe

Seosamh Ó Riain

D'FHOILSIGH an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (NAMA) a gcéad tuarascáil bhliantúil inné, inar tugadh le fios go ndearna siad brabús oibriúcháin de €305 milliún, ach go raibh luach €1.485 billiún ar chailliúintí lagaithe nó 'impairment losses' mar a thugann an Béarla orthu.

Is é an bhrí taobh thiar de chailliúintí lagaithe sa chás seo ná an luach a bhí ar na sócmhainní tráth ar ghlac NAMA seilbh orthu agus an díluacháil a bhaineann leo sa lá atá inniu ann de bharr titim praghsanna tithe agus réadmhaoin tráchtála.

Thug NAMA le tuiscint, áfach, cé go bhfuil forálacha airgeadais ann do chailliúintí, nach é sin le rá gurb amhlaidh a thitfidh rudaí amach sna blianta romhainn.

Sa chéad tuarascáil seo de chuid NAMA, cuimsítear an tréimhse ó bhunú na Gníomhaireachta ar 21 Nollaig 2009 suas go 31 Nollaig 2010.

Sa bhliain 2010, fuair NAMA 11,500 iasacht ó 850 duine a raibh fiacha orthu ó na cúig institiúid atá páirteach inti (Banc Angla-Éireannach, Banc AIB, Banc na hÉireann, EBS and Irish Nationwide).

D'íoc sí €30.2 billiún d'iarmhéideanna iasachtaí ainmniúla de luach €71.2 billiún (nominal loan balances), is é sin lascaine de 58%.

Is in Éirinn atá móramh na sócmhainní - 61% - a fuarthas, tá 32% acu sa Bhreatain agus sa Tuaisceart, agus is sa chuid eile den domhan atá 7%.

Dúirt NAMA go bhfuil thart ar 59% de na sócmhainní atá aici go nuige seo i réadmhaoin infheistíochta (investment properties - i.e. áiteanna nach bhfuil an t-úinéir ina chónaí iontu agus atá ar an saol chun brabús a ghiniúint, m.sh. teach ar cíos, foirgneamh árasán) agus tá 41% de na sócmhainní i dtalamh nó réadmhaoin atá faoi fhorbairt.

Scoil Samhraidh Mhic Reachtain faoi bhláth

Mairéad Murray, Molly McAuley agus Orlaith Murray ag Scoil Samhraidh Mhic Reachtain i dTuaisceart Bhéal Feirste an tseachtain seo. Tá an-ráth ar an scoil seo le breis is 400 Gaeil ag freastal air. Tá físeán ar an scoil le feiceáil ar www.gaelsceal.ie.

Dingle/Daingean Uí Chúis le bheith ar chomharthaí

Ach níl an t-airgead ann leis an athrú a dhéanamh!

Seosamh Ó Riain

GHLAC AN Dáil le reachtaíocht ar 21 Iúil chun an t-ainm Dingle/Daingean Uí Chúis a athbhaisteadh ar an mbaile cáiliúil An Daingean, i nGaeltacht Chiarraí. Ritheadh an reachtaíocht sa Seanad agus shínigh an tUachtarán, Máire Mhic Ghiolla Íosa, an reachtaíocht isteach sa dlí inné.

Seo an cor is déanaí sa scéal seo atá ar bun ó 2004, tráth ar athraíodh gach baile agus baile fearainn sa Ghaeltacht de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla go dtí a leagan Gaelach ársa amháin, Dingle/Daingean Uí Chúis san áireamh.

Dúirt an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Phil Hogan, ag a bhfuil freagracht don reachtaíocht nua seo, "Féachfaidh an reachtaíocht chuige go gcuirfear athrú logainm faoi dhlí rialtais áitiúil in áit orduithe faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla agus cealófar éifeacht an Ordaithe Logainmneacha 2004, mar a bhaineann sé leis an Daingean."

Dar leis an gCathaoirleach ar an bhfeachtas 'Dingle Daingean Uí Chúis', Fergus Flaherty, "Tá an-áthas agus sonas orainn fáilte a chur roimh an bhfógra seo ag an Aire Hogan...Rachaimid i dteagmháil le Comhairle Contae Chiarraí chun an t-ainm Dingle a chur ar ais ar na comharthaí bóthair."

Ar lean ar leathanach 8

An mbeidh an Ghaeilge le cloisteáil san Áras?

Níl Gaeilge líofa ach ag iarrthóir amháin go dtí seo

Katie McGreal

TÁ cúigear chun tosaigh sa rás don Áras faoi láthair - David Norris, Seán Gallagher agus Mary Davis, neamh-spleách, Michael D Higgins le Páirtí an Lucht Oibre agus Gay Mitchell ó Fhine Gael.

Ach cé chomh táb-hachtach is atá an Ghaeilge dóibh seo agus an mbeidh Gaeilge, teanga oifigiúil an Stáit, ag Uachtarán an Stáit sna blianta amach romhainn?

An t-aon duine a sheasann amach go mór ó thaobh na Gaeilge de ná Michael D. Higgins, a bhí ina Aire Cumarsáide nuair a bunaíodh TG4.

"Tá Gaeilge agam agus déanaim iarracht í a labhairt gach lá," a deir sé. "Chomh maith leis sin, beidh mé lánsásta díospóireacht lán-Ghaeilge a dhéanamh ar TG4 ríomh an toghchán. Ceapaim go bhfuil sé riachtanach agus gurb iontach an díospóireacht a bhí ann ríomh an oll-toghchán i mí Feabhra."

Ar lean ar leathanach 5

European Newspaper AWARD
NEWSPAPERDESIGN & CONCEPT

NUACHT NÁISIÚNTA

BLÚIRÍNÍ NÁISIÚNTA

Le Katie McGreal

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Athrú sa chóras pointí

TÁ an tAire Oideachais agus Scileanna, Ruairí Quinn, ag déanamh machnaimh ar an gcóras pointí Ardteiste faoi láthair.

I ndiaidh córas nua a chur isteach mar gheall ar bhreis pointí d'ardleibhéal sa mhata, tá an tAire ag smaoineamh faoin rud céanna a dhéanamh leis na hábhair eolaíochta. Ach sula féidir leis é a dhéanamh beidh air measúnú a dhéanamh ar an méid daoine atá ag déanamh ardleibhéil sa mhata agus conas atá ag éirí leis an gcóras nua.

Córas nua ag Eircom

TÁ an comhlacht Eircom chun €100,000 a chaitheamh ar leathanbhanda atá níos tapúla - leathanbhanda snáithín-bhunaithe (fibre-based). D'fhógair siad inné go mbeadh an leathanbhanda seo ag 100,000 teach agus gnólacht faoi 2012.

Tá plean acu go mbeadh sé ag milliún custaiméir i gceann 4 bliana. Chomh maith leis sin, tá siad ag siúl le córas teilifíse leathanbhanda freisin agus tosóidh scéimeanna píolótacha an bhliain seo chugainn.

Dul chun cinn déanta ag na Gardaí

GHABH na Gardaí fear mar gheall ar an iarracht abduchtú de dhéagóir in Uíbh Fhailí an tseachtain seo caite.

Ghabh siad air i dTrá Mhór i bPort Láirge maidin inné agus cheistigh siad i stáisiún Garda Tulach Mhór é.

D'éalaigh an cailín ón bhfear agus rith sí go teach a comharsa. Ní fhuair sí ach mionghortuithe.

Easpa Gaeilge i mBillí Deochanna Meisciúla

DÚIRT dlíodóir, Ruairí Ó Catháin, le Breitheamh Olann Kelleher nach féidir leis an dlí a chur ar úinéir teach tábhairne mar gheall ar An mBille Deochanna Meisciúla 2000 mar níl an bille ar fáil i nGaeilge.

Tá sé mar cheart de mhuintir na tíre na dlíthe agus achtanna nua a fháil i nGaeilge taobh istigh de am réasúnta. Tháinig an bille seo amach 11 bliain ó shin. Tá na Billí Deochanna Meisciúla 1988 agus 2008 ar fáil i nGaeilge ach níl na billí ó 2000, 2003 agus 2004 ar fáil.

Tá an cás cuairte curtha siar go dtí 27 Meán Fómhair.

An méadú daonra is airde in Éirinn

TÁ an méadú daonra nádúrtha (an difríocht idir breitheanna agus bás) is airde san Eoraip againn in Éirinn. De réir tuairisce a tháinig amach ón Aontas Eorpach inné, tá ráta méadaithe 10.3% againn. Tá na rátaí beireatais is airde ag Éirinn (16.5%), an Ríocht Aontaithe (13%) agus an Fhrainc (12.8%). Bhí an ráta beireatais is lú ag an nGearmáin ag 8.3%.

D'ardaigh daonra na hEorpa 1.4 milliún idir mí Eanáir 2010 agus mí Eanáir 2011.

Gaelscéal

Ciarán Dunbar
Eagarthóir
ciaran.dunbar@gaelsceal.ie

Patricia Ní Chonghaile
Comhordaitheoir Táirgíochta
patricia.nichonghaile@gaelsceal.ie

Treasa Bhreathnach
Iriseoir
treasa.bhreathnach@gaelsceal.ie

Seosamh Ó Riain
Iriseoir
seosamh.oriain@gaelsceal.ie

Katie McGreal
Iriseoir
katie.mcgreal@gaelsceal.ie

Caroline Ní Chualáin
Comhordaitheoir Oideachais
caroline.nichualain@gaelsceal.ie

Gráinne McElwain
Soláthróir Ábhair Spóirt
grainne.mcelwain@gaelsceal.ie

Oifig an Spidéil: 00353-91-897766

Le cabhair ó:
Foras na Gaeilge

Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhraíonn le litriú agus gramadach na Gaeilge, www.cruinneog.com

Na Sluaite ag Scoil Samhraidh MacGill

Treasa Bhreathnach

IS sna Gleannta i gContae Dhún na nGall a chruinnigh riar mhaith de pholaiteoirí na tíre an tseachtain seo chun freastal ar Scoil Samhraidh MacGill.

D'oscail an Taoiseach Enda Kenny an scoil ar an Luan agus dúirt sé gur cheap sé go mbeadh an tréimhse is gnóthaí le tamall fada fós don rialtas le teacht idir mí Mheán Fómhair agus an Nollaig. Dúirt sé chomh maith go raibh comhráitíí ar bun ag an rialtas chun infheistíocht a dhéanamh i mbanc Éireannach, nach raibh sé in ann a ainmniú ach go raibh sé dóchasach go mbeadh toradh ar na comhráití sin.

Leis na polaiteoirí ar fad ar ais ar scoil don tseachtain bhí sé ábharach gur labhair an tAire Oideachais Ruairí Quinn. Dúirt sé arú inné go raibh sé ag smaoineamh ar athstruchtúrú a dhéanamh ar an Teastas Ardteistiméireachta chun go mbeadh breis pointí ar fáil do dhaltaí a thógann ábhair eolaíochta chun tuilleadh daltaí a mhealladh i dtreo na n-ábhar sin. Dúirt sé gurbh iad "na hollscoileanna agus na hinstitiúidí tríú leibhéal iad féin a dhéanann cinneadh ar an gcóras pointí," agus go raibh sé seo in úsáid acu mar chineál "smachtú ar na sluaite" ag freastal ar na hollscoileanna.

Dúirt an tAire Talmhaíochta Simon Coveney go bhfuil sé i gceist go mbeidh ardú á dhéanamh aige ar cháin ghealltóireachta chun maoiniú breise a chur ar fáil don earnáil rásaíocht capall. Dúirt an tAire Coveney, "Ba mhaith liom a chinntiú go bhfuil siad [an earnáil rásaíochta capall] in ann iad féin a mhaoiniú trí cháin ar ghealltóireacht, agus ní dóigh liom gurb iad na cinntí a rinne an rialtas le 15 bliana anuas na cinntí cearta."

Ní hiad na polaiteoirí amháin a bhí ag labhairt ag an Scoil Samhraidh. Labhair Mathew Elderfield, an rialaitheoir airgeadais, ag an ócáid chomh maith. Dúirt sé gur mhaith leis go mbeadh tacaíocht leanúnach ar fáil dóibh siúd atá ag streachailt lena gcuid íocaíochtaí morgáiste agus gur cheart go mbeadh athchóiriú déanta ar dhlíthe féimhigh (bankrupcy). Dúirt sé gur cheart don rialtas smaoineamh faoi dheireadh a chur leis an uasthuarsatal atá i bhfeidhm d'fhostaithe sa chóras baincéireachta mar go mb'fhéidir go mbeidh fadhb ag an earnáil fostaithe úra a mhealladh, rud a chiallóidh go mbeadh an córas baincéireachta sa tír in ann dul in iomaíocht leis an margadh idirnáisúnta. Dúirt sé chomh maith, "Tuigim an strus agus an imní laethúil atá ar a lán daoine faoi riaráistí morgáiste nó fiú an bhagairt de riaráistí morgáiste."

Is tírdhreach iontach difriúil a bhí i gceist ag Scoil Samhraidh MacGill i gcomparáid leis an t-am seo anuraidh nuair a bhí Fianna Fáil agus na Glasaigh sa rialtas. Dúirt ceannaire Fhianna Fáil go bhfuil cuthach le haireachtáil ar roinnt de bhaill an pháirtí faoi dhrochiompar roinnt eile ball sna blianta atá imithe tharainn.

CLUAS SA CHEANNÁRAS

Lenár gcomhfhreagraí polaitiúil i dTeach Laighean, **Colm Ó Broin**

Fág an 'Ballagh' d'fheachtas David Norris

TÁ sé nach mór cinnte anois go bhfaighidh David Norris an cúigear tacadóirí breise san Oireachtas le seasamh i toghchán na hUachtaránachta.

Cheana féin tá sé ráite ag 15 ball den Oireachtas, ochtar Teachta Dála agus seachtar Seanadóir go dtacódh siad le Norris, ach tá cúigear eile ag teastáil chun go mbeidh sé in ann páirt a ghlacadh sa rás.

Ainneoin gur rogha na coitiantachta é sna pobalbhreitheanna, níl ag éirí go maith le Norris ó thaobh tacaíocht a fháil ó chomhairlí contae.

Níl ach ceann amháin, Fine Gall, sásta é a ainmniú faoi láthair, i gcomparáid le Mary Davis (sé chomhairle) agus Seán Gallagher (cúig chomhairle).

Anois go bhfuil Robert Ballagh éirithe as an rás áfach, táthar ag súil go dtacóidh cúigear teachta Chomhaontas na Clé Aontaithe (ULA) leis.

Bhí an ULA ag beartú a vótaí a roinnt idir Ballagh agus Norris ionas go bhféadfaidís beirt ainmniúchán a fháil.

Bhíothas ag súil go dtacódh 17 ball an Oireachtais de chuid Shinn Féin leis an ealaíontóir poblachtánach den eite chlé, agus go dtacódh triúr ón ULA leis. Labhair sé leis an dá ghrúpa ach tar éis dó machnamh a dhéanamh d'fhógair Ballagh an tseachtain seo nár theastaigh uaidh rith toisc nár oir an pholaitíocht dó.

Mura dtagann iarrthóir den eite chlé chun cinn roimh an spriocdháta d'ainmniúcháin (lár Mheán Fómhair) beidh an 20 tacadóir ag Norris.

Dóibh siúd atá ag meabhrú ar vóta a chaitheamh ar a shon le léiriú gur sochaí liobrálach muid atá sásta duine aerach a thoghadh mar Uachtarán, cuimhnigh go ndúradh an rud céanna faoi Mary Robinson in 1990.

Ó shin i leith léirigh muid go bhfuil muid sásta bean a thoghadh mar cheannaire siombalach, ach ní mar cheannaire le fíorchumacht fheidhmeach, murab ionann is tíortha ar nós na Pacastáine, na Bangladéise, na nOileán Filipíneach, Shrí Lanca, na Libéire agus Iamáice.

Aoibhinn beatha an pholaiteora?

TÁ an Dáil ar scor le haghaidh dhá mhí, ach an gciallaíonn sé sin go bhfuil na Teachtaí ag ligint a scíthe ar thránna ar fud na Meánmhara agus na Cairibe faoi láthair?

Dar le Teachtaí a labhair le Gaelscéal ní bheidh siad ag ól Pina Colada ná Mojito ar feadh an chuid eile den samhradh, ach ag obair go dian dícheallach ar son an phobail.

Dúirt teachta amháin go n-oibríonn sé ar feadh 85 uair an chloig, sé lá nó sé cinn go leith in aghaidh na seachtaine.

Tá cruinnithe an tseachtain seo ag Tommy Broughan ón Lucht Oibre leis an Roinn Iompair, le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus le Coiste Airgeadais an Oireachtais. Beidh sé ag bualadh le grúpaí i mBaile Átha Cliath Thoir Thuaidh, idir áitritheoirí, ghrúpaí pobail, choistí scoile srl, ag lorg vótaí ar son Mhichíl D Uí Uigín don Uachtaránacht agus ag déileáil leis na hiarratais eile ó dhaoine sa toghcheantar atá mar chuid den 100 rphost agus 20 glaoch teileafóin a fhaigheann sé in aghaidh an lae.

Cé go mbeidh sé saor ón obair go hoifigiúil go dtí an 14 Meán Fómhair, deir sé nach mbeidh sé ag glacadh ach saoire sheachtaine i mBéara am éigin i mí Lúnasa.

Baineann formhór a chuid oibre le hiarratais ón dáilcheantar, ach mhaígh Broughan nach gcaitheann sé 85 uair an chloig in aghaidh na seachtaine ag déileáil leis an obair seo toisc go mbeadh sé thíos leis am toghcháin, ach de bharr go bhfuil sé faoi oibleagáid ag an 10,000 duine a thug vóta dó.

"D'éirigh liom filleadh ar an Dáil cúpla uair anois mar sin caithfidh go bhfuil daoine ag tacú leis an méid a dhéanaim," ar seisean.

"Tosaím ag 8.30 ar maidin agus ní shroichim an baile go dtí 10.00in nó 10.30in de ghnáth. Caithfidh tú a bheith ruainnín beag as do mheabhair chun an post seo a dhéanamh," ar sé. Ní eisceacht atá sa Teachta Broughan ó thaobh líon na n-uaireanta a oibríonn teachtaí, de réir na bpolaiteoirí eile a labhair leis an gcolún seo.

Gan amhras íoctar €92,000 in aghaidh na bliana, móide costais, le teachtaí, ach nach é an córas féin atá as a mheabhair má tá siad ag fáil sciar suntasach den airgead sin chun stocaireacht áitiúil a dhéanamh ó mhaidin go hoíche, fiú agus iad ar 'saoire', seachas a bheith ag díriú go hiomlán ar bhealaí níos fearr chun an tír a rith?

Táille €100 – geallúint eile briste?

TÁ neart cáinte faighte ag Fine Gael as geallúintí toghchánaíochta a bhriseadh agus bhíothas ag maíomh go raibh ceann eile déanta acu leis an táille nua €100 ar theaghlaigh a fógraíodh an tseachtain seo.

Gearrfar an táille ar thithe go dtí go gcuirfear cáin mhaoine i bhfeidhm. Le cothrom na Féinne a thabhairt d'Fhine Gael níor gheall siad nach gcuirfeadh siad cáin mhaoine i bhfeidhm dá dtoghfaí iad, dúirt siad ina bhforógra toghchánaíochta nach mbeadh cáin dá leithéid 'cothrom'. Mhol siad cáin ar an airgead a thuillfeadh daoine nuair a dhíol siad teach. Thacaigh a leathbhádóirí sa chomhrialtas, an Lucht Oibre, le cáin mhaoine áfach. Macasamhail páirtí ar bith i gcomhrialtas, ní féidir le Fine Gael a gclár iomlán a chur i bhfeidhm beag beann ar pholasaithe a bpáirtnéirí. Sa chás seo d'fhéadfadh sé gurbh iad an Lucht Oibre a fuair an lámh in uachtar sna cainteanna, é sin nó bhí sé i gceist ag Fine Gael cáin mhaoine, a bhí mar chuid de Chlár an Aontais Eorpaigh - an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta a aontaíodh anuraidh, a chur i bhfeidhm ar aon nós.

Ní inniu ná inné gur thosaigh polaiteoirí ag briseach geallúintí toghchánaíochta áfach ach tá sé thar am tabhairt faoin gceist seo.

Má tá daoine ag buachan toghchán agus cumhacht pholaitiúil bunaithe ar gheallúintí nach gcuirfear i bhfeidhm, nach calaois é sin? Is féidir le páirtithe vótaí a mhealladh ar bhonn bréagach agus ní féidir leis an bpobal mórán a dhéanamh faoi.

Má tá an pobal iomlán míshásta le rialtas níl bealach ar bith acu deireadh a chur leis an rialtas sin, caithfidh na teachtaí sa Dáil é sin a dhéanamh.

Tá muid in ainm is a bheith ag maireachtáil i ndaonlathas áfach, ní deachtóireacht a thoghtar gach cúig bliana.

Táthar ag caint faoi leasuithe a dhéanamh ar an mBunreacht i láthair na huaire - foráil a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm ná an ceart a thabhairt don phobal an rialtas a aisghairm dá n-eagrófaí achainí le tacaíocht 51% de na toghthóirí. Dá mbeadh an rogha sin ag an bpobal seans go mbeadh polaiteoirí níos stuama ó thaobh na rudaí a ghearlann siad am toghcháin agus níos airdeallaí i leith na bpolasaithe a chuireann siad i bhfeidhm agus iad i gcumhacht.

Go hálainn!, Rosanna deas freisin

PHOTO: LEON FARRELL/PHOTOCALL IRELAND

Iar-Miss World Rosanna Davison leis an bhFreaslannach Ginealaigh (Pedigree Friesian) 'Princess' ag déanamh poiblíochta don Fhéile 'Mooty' atá ar siúl amárach i Loch Ramhar, an Cabhán.

An tSeirbhís Chúirteanna
Courts Service

An tSeirbhís Chúirteanna.

Ráiteas Straitéise 2012 - 2014

Cuireadh chun Aighneachtaí a dhéanamh

Tá Plean Straitéiseach Trí Bhliana nua á ullmhú ag an Seirbhís Chúirteanna le chur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais i mí na Samhna 2011. Ba mhian leis an Seirbhís go mbeadh dearcaidh an phobail curtha in iúl dóibh don chúis seo.

Tá a thuilleadh eolais faoin Seirbhís Chúirteanna ar fáil ar ár suíomh gréasáin www.courts.ie

Is féidir aighneachtaí a chur i bhfoirm ríomhphoist chuig strategicplan@courts.ie nó a chur tríd an bpost go Sean Quigley, Sráid an Fhionnuisce Thuaidh, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 29 Iúil, 2011

Imní go gcuirfear bas ar an Iriseoireacht Iniúchadh

"An rud a bhí sa News of the World, bhí sé mícheart ó thaobh na heitice agus na moráltachta" : Frank Connolly, SIPTU

Anton Mac Cába

Tá imní ar iriseoirí go mbainfear úsáid as scannal an News of the World chun tuilleadh bacanna a chur ar an iriseoireacht iniúchach (*Investigative Journalism*).

Mhol David Cameron, príomh-aire na Breataine, go mbeadh "a new, more effective way of regulating the press" ann. I Westminster, mhol an feisire sinsearach Paul Flynn ón Lucht Oibre go mbeadh reachtaíocht ann le deimhniú go mbeadh "the obligation of balanced political reporting" ar na meáin.

Tá an iriseoireacht iniúchach tábhachtach. Ba tríd a fuarthas amach faoi na scannail a bhain leis an Eaglais Chaitliceach agus le rialtas Fhianna Fáil - agus leis an News of the World.

Tá impleachtaí ag a dtarlaíonn i Sasana don tír seo. Tá an iriseoireacht iniúchach faoi bhrú anseo cheana féin. Is le comhlachtaí Sasanacha cúig cinn de na nuachtáin laethúla. Is ar an teilifís agus ar an raidió a bhíonn an chuid is mó den ábhar iniúchach. Mar iris, níl ann ach an Village, a thagann amach gach dara nó tríú mí. Druideadh Fiosrú an Phobail de bharr líomhaintí a bhain leis an iriseoir Frank Connolly.

Sa Ríocht Aontaithe, an Tuaisceart san áireamh, baintear úsáid as sár-urghairí. Níl cead fiú a thuairisciú go bhfuil a leithéidí ann. Baineann daoine saibhre cumhachtacha úsáid astu chun cosc iomlán a chur ar phoiblíocht faoi ghnéithe dá saol. Fuarthas ceathrar de na hurghairí seo sa Tuaisceart. Deimhníodh sin i bhfreagra a thug an tAire Cirt, David Ford, ar cheist ón gComhalta den Tionól Reachtach Jim Allister.

Tá na sár-urghairí seo ina mbagairt mhór don iriseoireacht, dar le Evgeny Lebedev, cathaoirleach an chomhlachta a fhoilsíonn an Independent i Sasana. "An comhtharlú é, agus scéal na bradaíola fón ag bogadh leis, go bhfuil breithimh ag eisiúint sár-urghairí, a thugann cosaint do dhaoine cáiliúla?" ar seisean. "Tá an chontúirt anseo go mbainfidh daoine saibhre agus cumhachtacha úsáid as an reachtaíocht chosantach seo chun stop a chur le fiosrúcháin bona fide maidir lena n-iompar, agus an dóigh, b'fhéidir, go bhfuil siad ag baint mí-úsáide as an chumhacht atá acu. Ní aisteoirí, pop-cheoltóirí agus réaltaí spóirt amháin atá i gceist."

Bhí Frank Connolly ina iriseoir iniúchach, é anois ina cheannaire cumarsáide leis an cheardchumann SIPTU. Dar leis go bhfuil an baol ann go mbainfidh an bhunaíocht úsáid as scannal an News of the World le rudaí a dhéanamh nach mbeadh siad ábalta a dhéanamh i dtréimhse chiúin. "Cinnte, feicimid anois iarracht ag cuid den bhunaíocht, nach maith leo an iriseoireacht iniúchach, chun smacht a chur ar shaoirse an phreasa in ainm na príobháideachta," ar seisean. "Ciallaíonn sin nach maith leo go mbeadh fhios againn na rúin atá acu.

"An rud a bhí sa News of the World, bhí sé mícheart ó thaobh na heitice agus na moráltachta. Tá an chontúirt ann go mbainfear úsáid as chun ionsaí a dhéanamh ar dhaoine gur mhaith leo tabhairt faoin iriseoireacht ionraic."

Dúirt Connolly go raibh baint ag polaiteoirí sinsearacha le Murdoch. "Ní de thubaiste a bhí nuachtáin s'aige - an Sunday Times san áireamh - ó 1997 ag tabhairt tacaíochta do Bertie Ahern agus a chuid polasaithe," ar seisean. "Níos faide anonn, nuair a bhí daoine eile - mé féin san áireamh - ag cur ceisteanna faoi airgead Bhertie, níor mhaith leis na nuachtáin sin ceisteanna a chur ná an cosán sin a leanúint."

Mar eagraíocht, tá imní ar Cheardchumann Náisiúnta na nIriseoirí. Dúirt Eamonn McCann ón gCoiste Gnó go raibh contúirt ann do shaoirse an phreasa. Tá sin amhlaidh mar go bhfuil na páirtithe sa rialtas (sa Ríocht Aontaithe) ag caint ar chomhlacht reachtúil leis an phreas a rialú.

"Tá réiteach ar na cleachtaí déistineacha iriseoireachta," arsa McCann. "Sin, iriseoirí cloí le Cód Iompair Cheardchumann Náisiúnta na nIriseoirí. Dá mba rud é go raibh séipéal (i. craobh den cheardchumann) ag an cheardchumann sa News of the World ní bheadh maistíneacht dá himirt ar dhaoine, ní bheifí dá gciapadh sa bhaile agus iad tinn. Iriseoirí go mbeadh ábhar imní acu, bheadh ceardchumann acu, iad ábalta labhairt leis."

Dar leis gurb é an rud atá soiléir ná nach féidir rud ar bith a dhéanamh gan ceardchumann bheith ann. "An ceardchumannachas a chur san áireamh mar réiteach - sin bealach nár mhaith leis an bhunaíocht, an rialtas, na meáin, dul," ar seisean.

Tá imní ar Cheardchumann Náisiúnta na nIriseoirí go dtabharfar isteach reachtaíocht phríobháide agus bacanna eile ar an phreas in Éirinn. Dúirt Seamus Dooley, Rúnaí Éireannach an cheardchumainn, go raibh an rud a rinne iriseoirí Mhurdoch mídhleathach "mar sin níl dlíthe nua ina réiteach. Is léir nár aithin siad bacanna eiticiúla ná dlíthiúla, agus go raibh siad sásta gníomhartha chomh suarach sin a dhéanamh, chomh suarach agus gurbh fhéidir a dhéanamh leis an teicneolaíocht agus leis an airgead. Cá bhfuil an loighic le reachtaíocht dhiansmachtúil a chuirfeadh bacanna ar an iriseoireacht ar fad, mar aisfhreagra ar chomhlacht sna meáin a léirigh go raibh sé breá sásta an dlí a bhriseadh?"

Réaltaí móra scannán míshásta le cailliúint Melanie Verwoerd as UNICEF Ireland

Treasa Bhreathnach

BRISEADH Melanie Verwoerd as a post mar phríomhfheidhmeannach ar UNICEF Ireland an tseachtain seo. Cé gur tuairiscíodh an tseachtain seo gur cuireadh litir scoir chuici tríd an ríomhphost, séanann UNICEF Ireland é seo, agus deir siad gur chinneadh d'aon ghuth é a ghlac an bord stiúrtha.

Tagann an ráiteas seo ó UNICEF Ireland tar éis gur shocraigh Liam Neeson, duine d'ambasadóirí dea-thola UNICEF, gan páirt a ghlacadh i dturas go dtí Mozambique mar agóid i gcoinne an chaoi gur briseadh as a post í. Thug sé ráiteas don 'Irish Times' an tseachtain seo ag rá gur 'cailliúint le damáiste domhain' é don eagraíocht gur briseadh as a post Melanie Verwoerd. Ní hé Liam Neeson an t-aon duine atá tar éis a mhíshásamh leis an scéal a léiriú; tá Vanessa Redgrave agus Sir Roger Moore tar éis a míshásamh a léiriú chomh maith. Ba pháirtí Gerry Ryan í Melanie Verwoerd, agus dúirt sí nuair a briseadh as a post í gur mar gheall go raibh an iomarca clúdaigh sna meáin chumarsáide fúithi féin agus faoi bhás Gerry Ryan a rinne UNICEF Ireland an cinneadh. Deir UNICEF gur tugadh tuarastal dhá bhliain di agus í ar an mbealach amach an doras agus go bhfuil sí tar éis an tseic a shóinseáil. Deir UNICEF gur eagraíocht iad a bhaineann le níos mó ná duine amháin. Tá sé i gceist ag Melanie Verwoerd cás cúirte a thabhairt i gcoinne UNICEF Ireland ag an mBinse Achomhairc Fostaíochta.

'SOLAS' úr do chuardaitheoirí poist

Treasa Bhreathnach

TÁ an rialtas chun deireadh a chur leis an eagraíocht fostaíochta agus traenála FÁS agus údarás oideachais agus traenála, SOLAS, á chur ina háit. Ag fógairt na scéime an tseachtain seo deir an tAire Oideachais agus Scileanna, Ruairí Quinn, go mbeadh sé de dhualgas ar SOLAS oideachas d'ardchaighdeán agus cúrsaí oiliúna a chur ar fáil dóibh siúd atá ag cuardach poist.

Deir an tAire Quinn, "Cinnteofar nach mbeidh SOLAS ag díriú ar scileanna traidisiúnta a bhfuil titim thar cuimse tagtha ar rátaí fostaíochta iontu, cosúil leis an earnáil tógála. Beidh fócas níos déine acu ar chláir thraenála agus oideachais a thabharfaidh deiseanna dóibh siúd atá ag cuardach poist fáil faoi réir do ghairmeacha beatha in earnálacha a bhfuil borradh ag teacht orthu mar, ICT, gléasanna leighis, bia agus biopharma."

Léirigh Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta (CIF) imní an tseachtain seo go mbeadh níos lú printíseach á dtraenáil ag SOLAS ná mar a bhí ag FÁS. Deir Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta nach raibh baint ar bith acu leis na pleananna d'athstruchtúrú údarás fostaíochta agus scileanna an rialtais agus gur cheart go mbeadh. Creideann príomhfheidhmeannach CIF, Tom Parlon, cé go n-aontaíonn sé go bhfuil scileanna nua ag teastáil, gur dúshlán atá ann printísigh úra a oiliúint agus go gcaithfidh go mbeadh todhchaí ann don earnáil tógála.

Tá sé i gceist go nglacfadh SOLAS freagracht d'fhostóirí FÁS agus ionaid FÁS mar chuid den athstruchtúrú. Beidh an chuid is mó d'fhostaithe réigiúnda FÁS á n-aistriú go dtí na Coistí Gairmoideachais sa chaoi agus go mbeidh an fhreagracht fhadtéarmach ar na Coistí Gairmoideachais do sheachadadh seirbhísí oideachais agus traenála don phobal. Tá súil go neartóidh sé seo an ról atá ag na Coistí Gairmoideachais athstruchtúrtha sna pobail éagsúla.

D'fhógair an tAire Quinn chomh maith go mbeadh súil níos géire á coinneáil ar chúrsaí airgeadais, ar phróisis traenála úra agus ar athstruchtúrú á dhéanamh ar bhainistíocht, faoin údarás nua.

Ní bheidh tionchar ar bith ag an athstruchtúrú ar an údarás úr traenála, ar dhaoine atá ag freastal ar chúrsaí traenála agus oiliúna FÁS faoi láthair.

An mbeidh an Ghaeilge le cloisteáil san Áras?

Ar lean ó leathanach a haon

Ach an bhfuil go leor Gaeilge ag na hiarrthóirí eile chun díospóireacht stairiúil eile a bhí againn ar TG4, mar a bhí againn idir cheannairí na bpáirtithe ag an olltoghchán?

Deir Seán Gallagher, David Norris agus Gay Mitchell go bhfuil siad ag foghlaim Gaeilge faoi láthair ach níl caighdeán Gaeilge sách maith acu le díospóireacht a dhéanamh trí mheán na Gaeilge.

"Táim ag baint suilt as an nGaeilge a fhoghlaim arís ach ní bheidh an caighdeán ceart agam chun páirt a ghlacadh i ndíospóireacht lán-Ghaeilge," a deir Seán Gallagher.

Dúirt urlabhraí ar son Gay Mitchell, "Is maith leis an Ghaeilge agus tá sé á foghlaim faoi láthair. Ach, ní bheidh sé réalaíoch dó díospóireacht lán-Ghaeilge a dhéanamh."

"Tá Gaeilge chomhráiteach an-mhaith agam," a deir David Norris agus deir sé go mbeidh sé lánsásta "í a labhairt leis na hiarrthóirí eile ag am cuí."

Ní raibh Mary Davis ar fáil chun freagra a thabhairt ar cheisteanna Gaelscéal.

Toisc go ndearna TG4 díospóireacht lán-Ghaeilge ríomh an olltoghchán i mí Feabhra agus gur éirigh go hiontach léi, an mbeidh a leithéid sin ar siúl arís - an mbeidh díospóireacht ann fiú muna bhfuil Gaeilge ag gach iarrthóir?

Ní raibh TG4 ábalta an cheist sin a fhreagairt ag an phointe seo.

Dúirt Pádhraic Ó Ciardha, leas-Phríomhfheidhmeannach TG4, "Nuair a bheas líon agus ainmneacha na ndaoine atá sa rás ar eolas againn go hoifigiúil, déanfaimid machnamh ar rudaí ansin."

Beidh an toghchán uachtaránachta ar siúl ar 27 Deireadh Fómhair na bliana seo.

Ach an bhfuil go leor Gaeilge ag na hiarrthóirí eile chun díospóireacht stairiúil eile a bhí againn ar TG4, mar a bhí againn idir cheannairí na bpáirtithe ag an olltoghchán? Deir Seán Gallagher, David Norris agus Gay Mitchell go bhfuil siad ag foghlaim Gaeilge faoi láthair ach níl caighdeán Gaeilge sách maith acu le díospóireacht a dhéanamh trí mheán na Gaeilge.

David Norris
PIC: SASKO LAZAROV/PHOTOCALL IRELAND



Michael D Higgins
PIC: PHOTOCALL IRELAND

Gay Mitchell
PIC: PHOTOCALL IRELAND

Seán Gallagher

Mary Davis
PIC: EAMONN FARRELL/ PHOTOCALL IRELAND

Madelaine McCann aimsithe san Ind?

Treasa Bhreathnach

Tá Kate agus Gerry McCann ag fanacht le torthaí ó thástáil DNA ar chailín beag san Ind a gcreideann roinnt turasóirí gurb í Madelaine McCann. Chonaic turasóir ó Shasana an cailín beag i gcathair Leh san Ind agus chreid sí féin agus beirt turasóirí Meiriceánacha chomh láidir sin gurbh í Madelaine McCann í go ndearna siad iarracht an cailín beag a thógáil ón lánúin a deir gurb iad a tuismitheoirí iad.
Is as an bhFrainc an bhean agus as an mBeilg a fear céile agus deir siad gurb iadsan tuismitheoirí an pháiste.
Más í Madelaine atá ann tá sí 8 mbliana d'aois anois. Chuaigh sí ar iarraidh i mí na Bealtaine 2007. Dúirt urlabhraí do Gerry agus Kate McCann, "Tá ár bhfiosraitheoirí príobháideacha ar an eolas faoin tuairisc den chailín óg san Ind agus tá muid ag obair leis na húdaráis san Ind agus ag fanacht le scéala faoin tástáil DNA."

Foras na Gaeilge

GLAOCH AR IARRATAIS

SCÉIMEANNA SCRÍBHNEOIREACHTA 2011

Cuirfear fáilte roimh iarratais do na scéimeanna seo a leanas:

✍ Scéim na nOidí
✍ Scéim na gCoimisiún

Spriocdháta: Roimh 17:00, Dé Céadaoin, 31 Lúnasa 2011.

TUILLEADH EOLAIS & FOIRMEACHA IARRATAIS

Foras na Gaeilge, Ráth Chairn, Baile Átha Buí, Co. na Mí
T: 046 943 0419 F: 046 943 0420
R: leabhar@forasnagaeilge.ie I: www.leabhar.ie

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 29 Iúil, 2011

Ibrahim Qachouch – Laoch na Siria ar Lár

Diarmuid Johnson

AINNEOIN na n-urchar, ainneoin na sceoine, ó mhí Mhárta seo caite, tá muintir na Siria ag léirsiú, ag agóidíocht, ag iarraidh a gcuid ceart, agus ag éileamh a gcuid saoirse ar an Uachtarán Bachar Al-Assad. Is d'aonghlór atá an t-éileamh sin á dhéanamh. Agus thar ghlór ar bith, is é glór Ibrahim Qachouch a chuir focail i mbéal na tíre leis an racht feirge a chur in iúl.

I dtús mhí Iúil sheas Ibrahim Qachouch ar an stáitse i mbaile Hama. Bhí preab ina chuid ceoil. Bhí rún daingean ina chroí. D'fhreagair an slua ollmhór é i ndeireadh gach líne: 'Imigh leat, a Bachar, ní duine dínn féin thú. Imigh leat, a Bachar, tabhair an doras ort féin. Imigh leat, a Bachar, tá an tsaoirse ag cnagadh. Imigh leat, a Bachar, ní chuirfidh tú muintir na Siria faoi chois...'. Ar 3ú Iúil fuarthas corpán Ibrahim Qachouch. Bhí an scornach gearrtha ann, agus na téada urlabhra stractha amach as. Sin mar a chuir póilíní na tíre deireadh leis an amhrán.

Síleadh roimh Mhárta nach leathfadh réabhlóid na dtíortha Moslamacha go dtí an tSiria. Ar 31ú Eanáir, ag labhairt dó leis an Wall Street Journal, dúirt Bachar Al-Assad go simplí: 'Níl aon éirí amach san tír s'againne'. Síleadh nuair a bhí léirsiú ann i mbaile Deraa i ndeisceart na tíre gur rud logánta a bhí ann. Ach is gearr gur scaip an agóid go Deir Ezzor, go hArida, go Tall Kalakh agus go Jisr Al-Choughour.

Sa Damaisc féin bhí corraíl ann ar cholbha an bhaile. In Aleppo, d'éirigh na mic léinn amach. Aon réiteach amháin a bhí ag an rialtas ar an scéal: lámh láidir agus cos ar bolg.

Cé hiad muintir Al-Assad? Baineann siad le mionlach creidimh darb ainm na hAllaouítigh. Is Allaouítigh atá in 11% de mhuintir na Siria. Bíodh is gur den mhionlach seo muintir Al-Assad, tá forlámhas acu ar an tír ó bhí 1970 ann nuair a tháinig Hafez Al-Assad i réim, athair Bachar. Is deartháir le Bachar atá i gceannas ar an arm faoi láthair. Maher is ainm dósan. Is faoi dhuine eile dá muintir, Rami Makhlouf, atá banc Byblos na tíre, cuid mhaith de na comhlachtaí tógála, dhá chomhlacht eitleoireachta, roinnt óstán, na siopaí saor ó dhleacht ar an teorainn, Syriatel, agus rudaí nach iad.

Ach b'fhéidir go bhfuil an taoille ag casadh in aghaidh mhuintir Al-Assad ar deireadh. Ar 25ú Iúil, ghlac rialtas na Siria le bille a cheadóidh do pháirtithe polaitiúla nua dul i mbun oibre. Sin athbhreithniú ar an gcosc atá ar pháirtithe seachas Páirtí an Baath le dhá scór bliain anuas.

Má achtaítear an bille, beidh deis ann le córas polaitiúil na tíre a athrú as éadan. Ach de dheasca lámh láidir an rialtais le ceithre mhí anuas, ní móide go bhfuil ceansú na sluaite sa ghealltanas sin. 'Imigh leat, imigh leat,' an port atá ag an tír fós.

Idir an dá linn áfach, níl deireadh leis an scliúchas. Dé Luain seo caite, de réir na dtuairiscí, bhí na fórsaí slándála fós ag gabháil daoine sa Damaisc. Dar le grúpaí ceart daonna sa tír, tá os cionn 1,500 de mhuintir na tíre maraithe go dtí seo, agus tá na mílte á gcoinneáil sa phríosún, áit a dtugtar íde ghránna do chuid acu.

Cén toradh a bheas ar réabhlóid na Siria agus ar fhoréigean an stáit mar sin? I Maracó i mbliana, rinne an rí Mohammed a Sé athscríobh ar an mbunreacht. Baineadh an chumhacht de Zine El-Abidine Be Ali sa Túinéis.

San Éigipt, sheas an t-arm leis na daoine agus cuireadh faoi ndear don Uachtarán Hosni Moubarak scaoileadh leis an marbhfháisc a bhí aige ar an tír. Sa Libia, chuir Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (NATO) a ladar sa scéal le cosc a chur ar anchumhacht Muammar Gaddafi. Is cosúil mar sin gur gearr go mbeidh deireadh le riail iomlán mhuintir Al-Assad.

Nuair a bheas a bport seinnte, mairfidh cuimhne ar Ibrahim Qachouch, amhránaí, fear físe, fear misnigh, fear a chuir briathra na saoirse i mbéal na tíre.

BLÚIRÍNÍ GAEILGE

Le Seosamh Ó Riain

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Contúirt grúpaí ar an eite dheis sa Ghearmáin

I bhfianaise na n-ionsaithe san Iorua seachtain ó shin, thug Aire Gnóthaí Inmheánacha na Gearmáine, Hans-Peter Friedich (páirtí CSU), le fios gurbh fhéidir amhlaidh tarlú sa Ghearmáin de thoradh fhás líon na n-antoisceach ar an eite dheis sa tír atá tugtha don fhoréigean.

Creidtear gur sheol an feallmharfóir Ioruach, Anders Behring Breivik, an forógra 1500 leathanach aigesean chuig nua-Naitsíocha Gearmánacha, lena n-áirítear "Náisiúnaithe féinriartha Ostfriesland" agus "Frithbheartaíocht Náisiúnta Dortmund".

al-Qaeda 2.0

Dar le hArd-Cheannasaí fórsaí oibríochtaí speisialta de chuid Stáit Aontaithe Mheiriceá, Eric T. Olson, go bhfuil al-Qaeda, mar a bhí sé faoi

stiúir Osama bin Laden, ag teacht chun críche, ach thug sé mar rabhadh gur féidir go dtroidfidh an chéad ghlúin eile de mhíleataigh – al-Qaeda 2.0 – ar feadh deich mbliana eile.

Labhair an t-aimiréal ceithre réalta, Olson, faoin gcontúirt a bheas ann sna blianta beaga amach romhainn in aghaidh ceannairí nua, leithéidí an chléirigh radacaigh Anwar al-Awlaki in Éimin, duine a rugadh i Stáit Aontaithe Mheiriceá, agus dar le Olson, a thuigeann Meiriceá níos fearr ná mar a thuigeann na Meiriceánaigh é.

Bradaí mór le rá gafa sa Bhreatain

Gabhadh déagóir 19 bliain d'aois ar Shealtain na hAlban a bhfuiltear in amhras faoi gurb eisean duine de na ceannairí ar dhá ghrúpa bradaíola (hacking groups) a mhaíonn ionsaithe ar roinnt líonraí ríomhairí, lena n-áirítear an CIA, Seanad Stáit Aontaithe Mheiriceá, SONY Pictures agus SOCA (áisíneacht de chuid na bpóilíní Briotanacha).

Coup mór é seo do na póilíní teacht ar an mbradaí ar a dtugtar 'Topiary' agus, de réir mar a thuigtear, a bhí ina urlabhraí ar an dá ghrúpa LulzSec agus Anonymous.

Bhris LulzSec isteach ar líonraí an nuachtáin "The Sun" le deireanas agus d'fhógair bás gan bhunús Rupert Murdoch.

81 páiste tarrtháilte ó Fháinne Gnéis

De réir eolais ón Aire Slándála Poiblí Dé Céadaoin, rinne na póilíní ruathar ar fháinne do gháinneáil ar pháistí (child trafficking ring), agus



tharrtháil 81 páiste ón bhfáinne mór a bhí ag feidhmiú fud fad na Síne.

Thug Xinhua, áisíneacht nuachta oifigiúil de chuid na Síne, le fios go ndearnadh tarrtháil ar 13 babaí i gcathair Handan, agus ní raibh siad ach idir deich lá agus ceithre mhí. Ba chailíní an chuid is mó acu, dar leis an áisíneacht.

Bhí tuilleadh agus 2,600 oifigeach de chuid na bpóilíní ó 14 cúige i mbun dualgais san oibríocht faoi cheilt seo agus gabhadh 330 duine a bhfuil amhras fúthu.

Foréigean sa Chosaiv

Chuaigh daoine de chuid an mhionlaigh Sheirbiaigh i mbun foréigin oíche Chéadaoin sa sráidbhaile Jarinje i dtuaisceart na Cosaive. Cuireadh roinnt áiteanna ann trí thine, agus chuir KFOR, ar a bhfuil NATO i gceannas, leis an líon trúpaí atá acu sa cheantar chun an foréigean a mhaolú an méid agus is féidir.

Is ag an teorainn go dtí an tSeirbia atá Jarinje lonnaithe agus tá aighneas faoi idir an dá thír. Bhain an Chosaiv neamhspleáchas amach ón tSeirbia in 2008, agus tá an tír aitheanta ag 77 ballstát de chuid an UN, ach níl an tSeirbia ina measc.

"Is féidir leis an olc duine a mharú ach ní bhrisfidh sé cine go brách"

Tuairisc ón Iorua le hÁine Ní Chuaig

Tá Oileán Utøya suite thart ar dhá scór km siar ó lár chathair Osló agus 500 méadar ón gcladach. Reáchtáiltear Campa Samhraidh ansin go bliantúil do Chonradh Lucht Oibre na nÓg agus is ansin a bhí suas le cúig chéad duine óg bailithe le chéile nuair a thosaigh an sléacht lámhaigh tráthnóna Dé hAoine.

Tháinig Anders Behring Breivik (32) isteach ar an oileán gléasta mar gharda, ag ligean cúinsí slándála air féin thart ar uair go leith tar éis an phléasctha in Osló. Thosaigh sé ag scaoileadh piléar leis na hógánaigh neamhurchóideacha.

Choinnigh sé guaim air féin agus fios aige nach raibh aon bhealach acu le'n éalú de réir mar a rinne sé a bhealach timpeall an oileáin ag fógairt 'go gcaithfidh siad ar fad bás a fháil'. Deir finnéithe ar an oileán gur mheall sé na daoine óga níos gaire dó ar dtús, ag rá gur garda a bhí ann, sular thosaigh sé ag scoileadh leo le dhá arm a bhí lódáilte le hurchar ar leith a phléascann taobh istigh den cholainn.

Shaothraigh siad an bás, na créatúir bhochta, ag rith le faitíos, ar thóir áite le dul i bhfolach sa choill agus ag déanamh iarrachta snámh go dtí an mhórthír. Lig cuid acu orthu fiú go raibh siad básaithe chun éalú ón ionsaí fíochmhar.

Tá na pictiúir ins na meáin d'éadaí agus bróga stróicthe na n-óg caite ar an gcladach greamaithe i m'intinn. Cuireann sé uafás orm ag smaoineamh ar an bhfaitíos a bhí orthu agus iad as a gciall le heagla.

Ach ní raibh aon trócaire ag baint leis an ngealt seo. Chaith sé go leanúnach leo siúd a bhí ina amharc, ar feadh uair an chloig nó mar sin, sular ghéill sé do na gardaí nuair a shroich siad an t-oileán.

Bhí an slad a bhí pleanáilte le hocht nó naoi de bhlianta aige curtha i gcrích agus níor chuir sé lámh ina bhás féin ionas go mbeadh sé ina 'ghaiscíoch mór' os comhair an domhain lena scéal a insint.

Bhí Aifreann cuimhneacháin do na mairbh ar an Domhnach san Ard-Eaglais in Osló a bhí lán go béal. D'fhreastail an Rí Harald V agus an Bhanraíon Sonja, chomh maith le Príomh-Aire na tíre Jens Stoltenberg, ar an Aifreann. Bhí na sluaite ina seasamh taobh amuigh sa bháisteach, i measc na mbláthanna agus na gcoinnle a bhí scartha gach áit in ómós don 76 a maraíodh agus do na híospartaigh go léir atá gortaithe nó fós ar iarraidh.

"Is féidir leis an olc duine a mharú," a deir Jens Stoltenberg le creathán ina ghlór, "ach ní bhrisfidh sé cine go brách." Thug a chuid focal misneach don náisiún atá faoi bhrón.

Bhí nóiméad ciúnais ar an Luan ag meán lae ar fud na hIorua agus in áiteanna eile ar fud an domhain chomh maith. D'fhreastail suas le 150,000 duine ar shlógadh dlúthpháirtíochta ollmhór ag 'Rådhusplassen' i lár Osló níos déanaí an trathnóna céanna, an slógadh is mó a deir siad a tharla ó bhí an dara cogadh domhanda ann.

Bhí rós ina lámh ag gach duine sa slua agus chroch siad san aer iad in ómós do na mairbh nuair a chas an veidhleadóir Alexander Rybak an píosa brónach 'The Mountain Rose', a bhí á tharchur beo ar fud an domhain.

Bhí mo chroí briste don náisiún a chuir na mílte fáilte romham chomh minic sin ina dtír shíochánta, shábháilte, dhaonlathach.

Tuairisc iomlán ar Fhéile Ceoil Telemark ar leathanach 16.

Anders Behring Breivik a admhaíonn go ndearna sé na hionsaithe ar Osló agus ar oileán Utøya.

An tIdirlíon agus Sceimhlitheoireacht

Seosamh Ó Riain

BA bhall den fhóram idirlín nua-Naitsíoch darb ainm Nordisk é Anders Behring Breivik, an fear, 32, a bhfuiltear in amhras faoi mar gheall ar na hionsaithe san Iorua Dé hAoine seo caite.

Thug an fóram deis dhochreidte dó teacht i dteagmháil lena mhacasamhail ar an eite dheis antoisceach timpeall an domhain.

D'fhoilsigh sé forógra 1500 leathanach dar teideal '2083 - Fógra Eorpach na Saoirse' ar an idirlíon roinnt uaireanta an chloig roimh dó dul i mbun an ionsaithe agus sheol sé an ráiteas seo, athinsint ar ráiteas ón bhfealsamh John Stuart Mill, ar Twitter seachtain roimh an ionsaí: "Ó thaobh cumhacht shóisialta de, is ionann duine amháin a bhfuil tuairim láidir aige agus fórsa 100,000 duine nach bhfuil ach suimeanna acu."

Tá grúpaí sceimhlitheoireachta nó fiú daoine aonair ag teacht i dtír ar na buntáistí is mó a bhaineann leis an idirlíon lena gcuid mianta, teachtaireachtaí agus spriocanna féin a chur chun cinn agus fiú i gcrích.

De bharr nádúr an idirlín, is deis idéalach é do ghníomhaíocht ag eagraíochtaí sceimhlitheoireachta: níl aon deacrachtaí ann rochtain a fháil air; is beag, más ann ar chor ar bith é den chuid is mó, rialúchán, cinsireacht nó smacht rialtais air; tá na mílte mílte duine in achan chearn den domhan ábalta an t-eolas a fháil ar luas lasrach; ní gá aon sonraí pearsanta a thabhairt agus tú ag déanamh cumarsáide ar líne; níl sé costasach suíomh idirlín a chur ar bun ná é a chothabháil; agus is féidir é a úsáid chun tionchar a imirt ar na meáin thraidisiúnta - nuachtáin, teilifís, raidió srl.

Uirlis aontais mheallacach chumhachtach chaoithiúil is ea an t-idirlíon mar sin do gach uile shaghas grúpa polaitíochta idir Ioslamaigh, náisiúnaigh, mharxaigh, scarúnaithe, ainrialaithe, chiníochaithe, lucht na heite clé agus lucht na heite deise.

Is deacair teacht ar fhigiúr cruinn ceart do líon na suíomh idirlín de chuid grúpaí sceimhlitheoireachta atá fós gníomhach, ach maítear go ginearálta go raibh níos lú ná 100 ceann ann in 1996 agus go bhfuil breis agus 5000 acu ann sa lá atá inniu ann.

Tá roinnt saineolaithe sceimhlitheoireachta den tuairim áfach, cé go bhfuil an t-idirlíon éifeachtach chun idé-eolaíocht a scaipeadh, nach bhfuil sé thar mholadh beirte mar uirlis phleanála agus oibríochta. Maítear, mar shampla, nach bhféadfadh na sceimhlitheoirí a rinne an t-ionsaí ar Mhumbai na hIndia i mí na Samhna 2008, amhlaidh a dhéanamh murach go bhfuair siad traenáil i gcampa fisiciúil.

Os a choinne sin, soláthraíonn an t-idirlíon linn dhomhanda d'earcaigh agus deontóirí féideartha. D'éirigh feachtais tiomsaithe airgid chomh coitianta ar líne gur féidir le roinnt eagraíochtaí sceimhlitheoireachta glacadh le deonacháin ar an tseirbhís íocaíochta choitianta ar líne darb ainm PayPal.

An Scríobhlann
The Writing House
MÓINÍN

Dianchúrsa i Scríobh an Ghearrscéil agus an Úrscéil

Tá iarratais á nglacadh ag MÓINÍN don Dianchúrsa thuasluaite.

- Tá áit do ochtar (8) ar an gcúrsa seo.
- Is é an scríbhneoir Ré Ó Laighléis a bheas mar stiúrthóir/theagascóir air.
- In *An Scríobhlann*, áras nua traenála MhÓINÍN i mBaile Uí Bheacháin, a thabharfar an cúrsa.
- 6 deireadh seachtaine atá i gceist, ag tosú ar dheireadh seachtaine an 24/25 Meán Fómhair agus ag críochnú ar dheireadh seachtaine an 3/4Nollaig.
- Sprioc ar iarratais is ea Aoine 2ú Meán Fómhair 2011 (roghnófar ochtar agus cuirfear amach tairiscintí ar áiteanna ansin).
- Tá an cúrsa seo á mhaoiniú ag Foras na Gaeilge.

Foirm Iarratais agus gach eolas ar fáil ó Ailsa:

MÓINÍN
Loch Reasca,
Baile Uí Bheacháin,
Co. an Chláir.

Fón: 065 7077256
e-phost: moinin@eircom.net
www.moinin.ie

Foras na Gaeilge
Aithníonn MÓINÍN tacaíocht Fhoras na Gaeilge

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 29 Iúil, 2011

Dingle/Daingean Uí Chúis le bheith ar chomharthaí

Ar lean ó leathanach a haon

I ráiteas a d'eisigh Feargal Mac Amhlaoibh ar son Thodhchaí na Gaeltachta, dúradh, "De thoradh na reachtaíochta atá á moladh ag an Aire....dealraítear gur féidir le húdarás áitiúil cur in áit an Ordaithe Logainmneacha 2003 , ag ceadú logainmneacha a léiriú i bhfoirm dhátheangach."

Thug Ger McNamara, Innealtóir Sinsearach Bóithre, Iompair agus Sábháilteachta le

Comhartha Bóthair ar imeall Dingle / Daingean Uí Chúis.

Comhairle Contae Chiarraí, le fios do Gaelscéal áfach,

"Níl an maoiniú againn chun comharthaí a athrú ar iompú na boise ... caithfimid paiste a chur ar na comharthaí ar an gcéad dul síos más leor an spás ann dó...agus má ritear an reachtaíocht Déardaoin (29 Iúil), tógfaimid fardal (inventory) ar na comharthaí atá le cur ar ais agus ansin iarrfaimid maoiniú."

Dúirt sé leis sin, "Tá an maoiniú ag teacht anuas bliain i ndiaidh bliana agus níl ach €16.1 milliún againn in 2011 i gcomparáid le €17.9 milliún in 2010 do chothabháil agus deisiúcháin ar bhóithre áitiúla agus réigiúnacha agus is dócha go mbeidh tosaíocht ag oibreacha bóthair eile ar athrú comharthaí in iarthar Chiarraí."

ACH CAD É AN T-AINM CEART CRUINN BUNÚSACH AR AN MBAILE FAOI DHEIREADH THIAR THALL?

Chuaigh Gaelscéal chun cainte leis an Dr Pádraig Ó Cearbhaill, Ardoifigeach Logainmneacha leis an mBrainse Logainmneacha, agus fear a rinne dochtúireacht ar an ábhar.

Dar leis gurb é 'An Daingean' den chuid is mó, níos mó ná 'Daingean Uí Chúis', a thugann muintir Chorca Dhuibhe ar an mbaile agus ar an gceantar máguaird, agus a thug siad riamh orthu, lena n-áirítear Tomás Ó Criomhthain (1856-1937) ina leabhar cáiliúil An tOileánach, agus dúirt an Dr Ó Cearbhaill, "Tá na tagairtí as Gaeilge don áit níos sine ná na cinn as Béarla."

Ar na tagairtí don bhaile siar sna haoiseanna, tá 'Daingen i Cubais' sna hAnnála in 1316, 'Dangyn', i bhfoirm Laidine ón Eaglais ó 1428, agus 'Dingli' in 1450 a scríobh fear darbh ainm Westropp agus é i mbun staidéir ar léarscáileanna luath-Iodálacha.

Mhínigh an Dr Ó Cearbhaill gur dócha go bhfuil dhá fhéidearthacht mar gheall ar bhunús an ainm 'Dingle' ar an mbaile: "Thug na Sasanaigh an leagan Béarla sin air chun freagairt d'fhuaimeanna an leagain Ghaeilge nó thug siad 'Dingle' air toisc go gciallaíonn an focal sin 'dell' (glin) sa Bhéarla, ach níl bun ná barr leis mar gheall nach mbaineann sin le bunbhrí an ainm ar chor ar bith - is é sin dún nó 'stronghold'."

Thug an Dr Ó Cearbhaill le fios chomh maith gur léir go dtugtaí An Daingean ar an mbaile sa bhliain 1841 de réir Litreacha na Suirbhéireachta Ordanáis, Co. Chiarraí, inár scríobhadh, "This parish is called by the Irish in every part of Ireland Daingean Uí Chúis ... The aborigines of this barony who speak Irish only call the town of Dingle by no other name than Dangan at this day." Anuas air sin, scríobh 'An Seabhac', nó Pádraig Ó Siochfhradha, údar ar 'Logainmneacha Chorca Dhuibhne', an méid seo a leanas faoi ainm an bhaile sa bhliain 1947: 'Daingean Uí Chúis agus níos minice go mór i mbéalaibh mhuintir an cheantair, An Daingean.'

Iriseoir ag troid ar son chothrom na féinne

Athbhreithniú breithiúnach ceadaithe ag an Ardchúirt maidir le lipéadú táirgí leighis a bheith dátheangach

Ciarán Dunbar

TÁ cead deonaithe ag an Ardchúirt i mBaile Átha Cliath d'athbhreithniú breithiúnach a lorg maidir le teip an Stáit treoir den Aontas Eorpach i dtaobh lipéadú táirgí leighis a chur i bhfeidhm.

Cuireann an treoir Eorpach seo iallach ar chomhlachtaí leighis eolas agus treoracha úsáide ar tháirgí leighis don duine a bheith i dteangacha oifigiúla an Stáit a bhfuil siad ar díol ann.

Ciallaíonn sé sin gur cheart go mbeadh siad i mBéarla agus i bpríomhtheanga oifigiúil an Stáit - Gaeilge - cé go ndéantar neamhaird air sin faoi láthair.

D'aontaigh an Breitheamh John MacMenamin Dé Luain na seachtaine seo go bhféadfaí na himeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh a chur ar siúl le haghaidh orduithe i gcoinne an Aire Sláinte, Éire, i gcoinne an Ard-Aighne agus i gcoinne Bhord Leigheasra na hÉireann, ag iarraidh orthu an treoir seo a chur i bhfeidhm.

Pacáistíocht dhátheangach ar thoitíní, cuireadh iallach ar na comhlachtaí tobac a leithéid a dhéanamh tar éis gur chaill an Stát cás cúirte.

Ba é Tomás Mac Ruairí, iar-Uachtarán ar Chonradh na Gaeilge agus ar Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge, a rinne an t-iarratas a chuir na habhcóidí Séamus Ó Tuathail agus Dáithí Mac Cárthaigh i láthair na hArd-Chúirte (le Tomás Brabazon, aturnae).

Dúirt an tUasal Mac Ruairí go bhfuil, mar shamplaí, na lipéid agus na bileoga cógaisíochta dátheangach san Fhionlainn - Fionlainnis agus Sualainnis - agus trítheangach sa Bheilg - Pléimeannais, Fraincis agus Gearmáinis.

"Fiú i stáit bheaga mar an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin agus an tSlóivéin, atá níos lú ná Éire, ní choscann sé orthu an Treoir a chur i bhfeidhm go hiomlán ina ndlínsí," a dúirt sé.

"Go dtí seo níor chinntigh rialtas na hÉireann go mbeadh na lipéid agus bileoga i nGaeilge agus i mBéarla anseo agus ní amháin gur sárú soiléir é seo ar dhlí an Aontais Eorpaigh ach déanann sé imeallú ar an teanga chomh maith le bheith idirdhealaitheach ar an bpobal arb í an Ghaeilge a gcéad rogha mar theanga."

Deir foinsí dlí le Gaelscéal go bhfuil "an-seans ann go mbainfear an cás seo."

"Bítear an-dian ar an treoir seo, ní rud 'a la carte' é."

Ach cheana, má chailltear an cheist seo beidh ceisteanna dlí tromchúiseacha le freagairt. "Má chailltear an cás seo," a deir foinse dlí, "beidh ceist dlí ann faoi cad é teanga oifigiúil na hÉireann."

Éistfear an chúis iomlán níos deireanaí i mbliana.

Glaoch na Gaeilge do chomhlachtaí Chorcaí

Seán Ó Loingsigh

TÁ an eagraíocht Gael Taca fós ag glacadh le hiarratais le haghaidh chomórtas Ghradam Gnó Phádraig Uí Chuanacháin 2011, scéim aitheantais dos na gnólachtaí is fearr i gcathair Chorcaí atá ag cur na Gaeilge chun cinn mar chuid dá ngnó.

Tá na gradaim seo á mbronnadh le dhá bhliain anuas i gcuimhne ar Phádraig Ó Cuanacháin, duine de phríomh-bhunaitheoirí Gael-Taca, a d'imigh ar shlí na fírinne in 2008. 16 comhlacht atá tar éis cur isteach ar an gcomórtas ó fógraíodh é i dtús mhí Aibreáin. "Táid go léir ag déanamh iarrachtaí éagsúla - gach rud ó Ghaeilge a chur ar an suíomh idirlín, Gaeilge a labhairt, seirbhísí Gaeilge a chur ar fáil do chustaiméirí, bileoga eolais dá-theangacha, biachláir, T-léinte Gaeilge don bhfoireann oibre, Gaeilge ar veain oibre, comharthaí Gaeilge, Gaeilge ar stáiseanóireacht agus araile," a dúirt Oifigeach Forbartha Gael-Taca Áine Ní Shléibhín. Is é an 5 Meán Fómhair an sprioc-dháta atá ag Gael Taca do chomhlachtaí gur mhaith leo páirt a ghlacadh sa chomórtas. Táthar ag súil go mbronnfar Gradam Phádraig Uí Chuanacháin i gCorcaigh i dtús mhí Dheireadh Fómhair.

Aontas na nEagraíochtaí

Treasa Bhreathnach

MAR a tuairiscíodh ar Gaelscéal ar an 10 Meitheamh tá cúig cinn d'eagraíochtaí Gaeilge bunmhaoinithe ag teacht le chéile chun oibriú le chéile. Tá ráiteas oifigiúil déanta an tseachtain seo gurb é 'Aontas Phobal na Gaeilge' an teideal a bheidh ar an eagraíocht nua agus go bhfuil siad chun seimineár oibre a reáchtáil ag deireadh mhí Mheán Fómhair. Is iad na heagraíochtaí bunmhaoinithe atá i gceist ná Comhluadar, Comhaltas Uladh, Conradh na Gaeilge, Glór na nGael agus Seachtain na Gaeilge agus é d'aidhm acu oibriú le chéile chun seirbhís níos éifeachtaí a chur ar fáil ar luach airgid níos fearr.

Beidh siad ag casadh le chéile dá gcéad seimineár oibre san Óstán Menlo Park i nGaillimh ar an 30 Meán Fómhair chun moladh a réiteach don Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus don Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta ó thuaidh. Ní do na ranna rialtas amháin a bheidh an moladh á réiteach acu ach d'Fhoras na Gaeilge chomh maith agus iad ag iarraidh nasc a aimsiú idir na spriocanna atá leagtha amach faoin 'Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge' agus an t-athstruchtúrú maoinithe atá idir lámha ag Foras na Gaeilge do na heagraíochtaí Gaeilge bunmhaoinithe.

Beidh oifigigh i láthair ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta chun labhairt leis an slua chomh maith le hionadaí ó Fhoras na Gaeilge agus cainteoirí neamhspleácha. Cuirfear sólaistí agus lón ar fáil d'ionadaithe.

Deir Feargal Ó Cuilinn, Stiúrthóir Comhluadar, "Tabharfaidh an seimineár oibre Gaeilge seo deis do dhaoine a bhíonn ag obair leis an bpobal ar an talamh - idir dhaoine deonacha agus oibrithe gairmiúla - teacht le chéile chun deiseanna a aimsiú sna beartais fhiúntacha phobail atá le léamh sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 - 2030 don deisceart, agus molfar áit dóibh sa phleanáil atá beartaithe i Samhail Nua Mhaoinithe Fhoras na Gaeilge don tír iomlán."

Is de thoradh ar threoir ón gComhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT) d'Fhoras na Gaeilge in 2009 atá an t-athstruchtúrú maoinithe seo, an tSamhail Nua Mhaoinithe, idir lámha ag an bhForas. Tá scéimeanna áirithe sa tSamhail Nua Mhaoinithe a mbeidh na heagraíochtaí bunmhaoinithe agus eile in ann iarratas maoinithe a dhéanamh orthu sa todhchaí.

Más mian leat páirt a ghlacadh sa seimineár oibre is féidir teagmháil a dhéanamh le sine@cnag.ie / (01) 4757401.

TRÁCHTAIREACHT

Goin an Ocrais

Aindrias Ó Cathasaigh

IS treasrach truamhéalach na radharcanna atá muid a fháil ar uafáis na Somáile le tamall. D'fhógair na Náisiúin Aontaithe an tseachtain seo caite go raibh sé ina ghorta i gcodanna móra den tír, agus an donas céanna i ndán do limistéir eile de Chorn na hAfraice mara ngníomhaítear láithreach. Ach níor ghá an fógra oifigiúil i ndáiríre. Ba léir an fhírinne i súile na leanaí.

Tugann oidhe na Somáile léiriú lom ar anachain na hAfraice. Cuireadh crúcaí an impiriúlachais go beo i leithinis na Somáile. D'fhoghlaigh impireachtaí na Breataine, na hIodáile, na Fraince a sciar féin chucu. Bhain siad leas as maoin na leithinse, agus a hionad straitéiseach i gcúrsaí tráchtála is míleata, sula mb'éigean dóibh imeacht leathchéad bliain amháin ó shin.

D'fhág siad breacán aimhréidh de theorainneacha ingearacha ar an léarscáil ina ndiaidh. Níorbh fhada gur tarraingíodh an tSomáil isteach i ngaiste an chogadh fuar, í dá babhtáil idir na hollchumhachtaí. Tháinig spealadóirí an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta ar deireadh, ag athstructúrú a geilleagair chun leas na mórchomhlachtaí idirnáisiúnta agus aimhleas ghnáthmhuintir na tire.

Rinne sé seo creimeadh ar thalmhaíocht thraidisiúnta thréadach na Somáile, agus an talamh dá slogadh ag rainsí móra. Anuas air sin, tá costas na bpríomhbhianna imithe ó smacht le bliain anuas: méadú 240% ar phraghas an tsorguim i ndeisceart na tire, méadú 117% ar an ngrán buí.

Ach tá an Afraic iontach saibhir ó cheart, lán go béal le acmhainní nádúrtha. Ar ndóigh, tá míbhuntáistí aeráide forleathan i gcodanna di, amhail an triomach a bhuaileann oirthear na hAfraice go rialta. Ní rud nádúrtha uilig atá i gceist anseo, áfach. Tá gach cosúlacht ar an scéal go bhfuil gníomhaíochtaí eacnamaíochta na dtíortha móra ag athrú aeráid na hAfraice chun donachta.

Agus ní gá go leanfadh míbhuntáiste eacnamaíochta de mhíbhuntáiste tíreolaíochta. Tá an Ísiltír ina geilleagar mór laidir, ainneoin go bhfuil formhór na tire ag cothrom na farraige nó faoina bhun. Bheadh toradh céadach ar chórais uiscithe agus seifteanna dá leithéid san Afraic, dá scaoilfí leis an airgead ba ghá chucu.

Is é an buille go bhfuil an saibhreas dá choinneáil ó mhuintir na hAfraice leis na blianta. Níor fhág impiriúlachas na hEorpa cleas ar bith gan féachaint lena gcuid maoine a bhaint díobh. Lean Meireacá is an Rúis a lorg sa bhfichiú céad, ag déanamh urphostanna sa gcogadh fuar de thíortha, ag tacú le scothaicmí áitiúla a chuidigh leis an gcreachadh ach giota deas a fháil dóibh féin.

Deir lucht fóirithinte go mba leor $2 bhilliún leis an ngorta seo a chloí, agus nach bhfuil ach a leath sin faighte acu. Is mór an méid é, cinnte, ach níl ann ach písín beag bídeach den méid atá dá chur amú ag rialtais ar fud an domhain le bancanna gan mhaith a choinneáil ar a gcosa. An bronntanas is deireanaí d'airgead poiblí ar Irish Life & Permanent abhus, mar shampla, dhéanfadh sé an gnó agus tuilleadh.

Ar fud an domhain, caitear deich n-uaire níos mó ar airm le daoine a mharú ná ar chúnamh le daoine a choinneáil beo. Agus dá laghad iad na grabhróga a thugtar mar chúnamh, is minicí ná a mhalairt go mbaineann coinníollacha leo. Is mó den pholaitíocht ná den daonchairdeas a bhíonn i gceist, é ina luach saothair do rialtais a thacaíonn leis an line chuí i gcúrsaí domhanda. Nuair a léitear an mionchló, ní hannamh gurb éigean an cúnamh a chaitheamh ar tháirgí is seirbhísí as an tír a dheonaigh é.

Tá an tSomáil sa gcás céanna a raibh muid féin, a bheag nó a mhór, céad go leith bliain ó shin. Ní tubaist nádúrtha ná easpa bia a tharraing an gorta mór orainn i ndáiríre, ach lucht ceannais a sheas ar dhlíthe an mhargadh saor thar gach ní eile, nach ligfeadh do chreill an bháis féin cur isteach ar a saint. Onnmhairíodh an bia, agus dúnmharaíodh na daoine.

Ar an gcaoi chéanna, tá muintir na Somáile ag fulaingt le córas ar mó aige brabach ná beatha. Léiríonn sé an méid sin chuile lá ar fud an domhain agus é ar thóir an dollar is airde. Ach tá an ceann is géire marfaí den chóras le feiceáil faoi láthair sa gceann thoir den Afraic.

Ní haon mhallacht ó dhia atá ar an Afraic, ach mallacht ó dhuine – nó ón gcuid bheag in uachtar de na daoine, ba chóra a rá. Ta againn uilig ár ndícheall a dhéanamh cuidiú le muintir na Somáile a tharrtháil ón éigeandáil scanrúil atá buailte leo faoi láthair. Ach tá rud thairis sin ag gabháil dóibh, go gcuideodh muid leo an éagóir is bun léi a chur díobh.

Níor stró ar bith orainn chuile dhuine ar an saol a chothú ach acmhainní an tsaoil a eagrú chuige. Mara ndéanann muid an iarracht sin, bainfidh an t-ocras a dheachú féin aríst is aríst eile, agus leanaí ag íoc go daor as cionta nach raibh baint ná pairt acu ann.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 29 Iúil, 2011

An ghaoth aniar, aneas agus aduaidh

Máirtín Ó Catháin

Chuir an fonnadóir breá as Muscraí Seán Ó Sé fonn leis an amhrán: "Ó Neillí, Neillí an fuacht: Ó Neillí, Neillí ... an ghaoth aniar, aneas, aduaidh". Bhuel tá an lá ag teacht go mbeidh Neillí ag brath go mór ar an ngaoth aniar, aneas agus aduaidh le teas a choinneáil léi! Tá sé ina aidhm náisiúnta go mbeidh 40% de chumhacht na tíre ag teacht as an ngaoth nó cineál éicínt eile teasa "nádúrtha" nó "inathnuaite" de réir na téarmaíochta nua. Faoin mbliain 2030 atá an sprioc sin le baint amach. Ach an mbeadh an leictreachas níos saoire ag muintir na háite dá mbeadh feilmeacha gaoithe lonnaithe in aice leo?

An bhfuil na daoine ar son nó in aghaidh muilte gaoithe ina gceantar féin?

Is dhá cheist iad a chuir Tomás Ó Curraoín - duine de Chomhairleoirí Contae Chonamara - ag cruinniú na seachtaine seo de Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

Plean agus polasaí na Comhairle Contae le haghaidh fuinneamh gaoithe a bhí faoi chaibidil; tá chuile Chomhairle Contae sa tír ag leagan amach plean gaoithe faoi láthair. Gan beagán a dhéanamh de cheisteanna an Chomhairleora is cosúil go bhfuil freagra díreach go maith ar an gcéad cheann acu: ní bheidh an leictreachas níos saoire ag muintir na háite de bharr feilmeacha gaoithe a bheith lonnaithe in aice leo. Tá an dearca a bheadh ag daoine ar fheilmeacha gaoithe ina gceantar féin beagán níos casta. Ní dócha go n-abródh duine ar bith go bhfuil siad in aghaidh seirbhís chumhachta as foinsí a choinneodh ag imeacht go brách (ar nós na gaoithe). Ach cén chaoi a dtaitneodh sé leo dá mbeadh na feilmeacha gaoithe in aice leo?

Buntáiste ar bith go háitiúil?

Ní thaitneodh sé le riar mhaith daoine i gceantar Ros a' Mhíl agus Chois Fharraige i gConamara. Chur siadsan brú ar Chomhairleoirí Contae Chonamara mar go raibh imní orthu go bhféadfaí feilmeacha gaoithe a lonnú sa gceantar sin; facthas dóibh go dtabharfadh an dréachtphlean gaoithe deis do lucht gnó feilmeacha a chur sa taobh sin tíre. Tháinig Comhairleoirí Contae Chonamara ar aon fhocal agus athraíodh an múnla a bhí ar an bplean gaoithe. Is ar éigean anois go gceadófar feilmeacha gaoithe i gceantar Ros a' Mhíl agus Bhaile na hAbhann i gConamara.

Dúirt na daoine go bhfuil neart sléibhe amach ó thuaidh agus gur sin an áit leis na muilte gaoithe a chur.

Mar a tharlaíonn sé tá cosaint timpeallachta ar an gcuid is mo de na sléibhte sin agus bheadh cosc ar mhuilte - ach sin scéal eile.

Ach ar ais ar an tairseach.

Cén bhuntáiste atá ag baint le feilmeacha gaoithe do mhuintir na háite?

Ar an gcéad iarraidh ní bhfaighfear an leictreachas níos saoire. Ansin an mbeidh mórán postanna bunaithe orthu?

Má thógann muid mar shampla feilm ghaoithe sa taobh ó thuaidh de Chonamara - ar mheánmhéid nó geall leis - tá ceathrar ag fáil saothrú ann. Páirtaimseartha atá ceann de na postanna seo. Duine amháin a bhfuil scil theicneolaíochta ar ardchaighdeán aige atá ag obair ann. Cuireann na figiúirí atá sa timpeall go bhféadfaí 28,000 post a bhunú ar fhuinneamh inathnuaite ar fud na tíre iontas ar dhaoine atá ag plé leis an tionscal. "Ní thuigim é," arsa Frank Ó Domhnaill atá bainteach le tionscal na gaoithe i gcontae na Gaillimhe. "Má tá cúpla míle post ann is é a chloch nirt é." Is léir mar sin, beag beann ar an bpoiblíocht oifigiúil, nach bhfuil fostaíocht mhór sa tionscal cumhachta inathnuaite.

An féidir le dreamanna atá ag brath ar fheilmeacha móra gaoithe a bhunú aon bhlas le cois a thairiscint go háitiúil? Tharraing cúpla Comhairleoir Contae an cheist sin anuas ag an gcruinniú ag ar pléadh polasaí na gaoithe i nGaillimh an tseachtain seo. "Is dóigh go bhféadfadh bronntanas no tacaíocht áitiúil a bheith i gceist," arsa Frank Ó Domhnaill, "roinnt airgid do chumainn spóirt áitiúla mar shampla."

Tomás Ó Curraoín

Ní thuigim é," arsa Frank Ó Domhnaill atá bainteach le tionscal na gaoithe i gcontae na Gaillimhe. "Má tá cúpla míle post ann is é a chloch nirt é." Is léir mar sin, beag beann ar an bpoiblíocht oifigiúil, nach bhfuil fostaíocht mhór sa tionscal cumhachta inathnuaite.

"Níl, níl, níl"?

Ach maidir leis na ceisteanna ar leac an dorais, péire acu a chuir an Comhairleoir Contae Tomás Ó Curraoín ar an gComhairle Contae - leictreachas níos saoire, fonn ar dhaoine go mbeadh muilte gar dóibh agus riar mhaith postanna - is cosúil gurb é freagra Mhargaret Thatcher é: "Níl, níl, níl". Ach tá ceisteanna móra eile ann le cois na gceisteanna áitiúla. Thabharfadh fuinneamh gaoithe agus fuinneamh inathnuaite foinse eile cumhachta dúinn sa tír seo. D'fhágfadh sé nach mbeadh muid ag brath chomh mór sin ar ghás as an Rúis ná ar ola as an Araib Shádach. Ghabhfadh sé chun leasa chuile pharóiste sa tír an rogha sin fuinnimh a bheith againn. Ach ní gá gur fuinneamh saor é fuinneamh na gaoithe nó fuinneamh inathnuaite. Caithfidh lucht gnó dul ina bhun agus caithfidh siadsan brabach a bheith acu as. D'fhéadfadh cuid den bhrabach sin a bheith bunaithe ar easpórtáil chumhacht na gaoithe don Bhreatain, rud a bhí faoi chaibidil le gairid. Sin rud a chuideodh le cúrsaí airgid na tíre seo freisin amach anseo. Ach leis an gcumhacht sin a ghineadh, teastóidh muilte gaoithe agus teastóidh lucht gnó a bhuailfidh faoin tionscal. Agus caithfidh siad lonnú in áit éicínt.

Taobh Caol na Dinge?

Ar an lámh eile, ní aontaím in aon chor mar tá an mheánaicme ag fulaingt uafás cheana féin. Gach rud a tháinig leis an mheánaicmeacht chéanna, bhí costas air agus uaireanta costas fíor-ard. Agus ní costas airgid amháin atá i gceist agam. Bhí infheistíocht ama, airgid agus níos mó i gceist freisin.

Páidí Ó Lionáird

Sin í an cheist a chuir an chuid eile de pháirtí pairliminte Fhine Gael ar an Aire Phil Hogan an lá faoi dheireadh nuair a bhí sé críochnaithe ag tabhairt a léirmheasa ar an tobhach nua teaghlaigh de €100 dóibh.

Tá a fhios agam nach mó ná sásta atá Joe Higgins faoin tobhach suarach seo. Tá a chuid cloiste agaibh, é a rá go mbuailfidh an tobhach seo na daoine is laige sa tsochaí, iadsan atá cheana féin droim le balla agus a gcuid fiachais féin á dtiomáint ar an drabhlás . Ach cé hiad na 'daoine seo' i ndáiríre?

Tá sé ráite ag an Aire Hogan nach mbuailfear iad siúd atá ag fáil cúnaimh lena n-ús morgáiste cheana féin, nó iadsan atá ina gcónaí sna heastáit sí, nó iad siúd i dtithiocht shóisialta. Ní bhuailfear maoin ghnó ach oiread ná iad siúd ar fad a bhí i mbun gnó agus atá anois bancbhriste.

Mar sin cé a bhuailfear?

Státseirbhísigh, oibrithe na hearnála poiblí, iad siúd ar fad a íocann cáin de réir mar a thuilleann siad. Tá pointe maith ag Joe agus a chroí de shíor san áit cheart ach tá a fhios agam, ina chroí istigh agus i móimintí ciúine, i gcomhluadar a chomhghleacaí Dála Claire Daly agus corbhall eile den chomhaontas sin den eite chlé, go n-admhódh sé go bhféadfadh sé bheith i bhfad níos measa. Agus d'fhéadfadh.

Agus sin an teachtaireacht a bheidh ag dul abhaile chuig na Dáilcheantair an deireadh seachtaine seo chomh maith, go háirithe ó bhaill na bpáirtithe rialtais: gurb amhlaidh a bhí an tÓgánach Mór ag lorg suime a bheadh cúig oiread níos mó ná mar atá i gceist anois agus go raibh raic agus ruaille buaille ann agus go raibh ar an Aire cúlú agus géilleadh don mhóramh a bhí go tréan ina aghaidh. Agus beidh gach TD cathrach, tuaithe agus idir eatarthu, is cuma an fear nó bean iad, ag maíomh gurb iad na focail a labhair siadsan ba chúis lena umhlú ar deireadh thiar thall. D'fhéadfadh sé bheith níos measa.

Anois b'fhéidir gur seo mise, fear clainne meánaicmeach, isteach is

Joe Higgins ag tacú le Páirtí an Tae?

Conall Ó Móráin

Tá an foghrúpa ar a dtugtar Páirtí an Tae, dream fíorchaomhach laistigh den Pháirtí Poblachtach i Stáit Aontaithe Mheiriceá, tar éis an tUachtarán Obama a chrá le cúpla mí anuas agus iad ag cur bac ar gach iarracht ag rialtas Obama breis cánach a bhailiú chun díol as na hiasachtaí millteanacha des na trilliúin dollar atá cruinnithe acu chun geilleagar na tíre a choimeád ar chúrsa. (Áirítear trilliún mar na mílte billiún, is é sin na mílte mílte milliún - lear mór dollar!)

Díreach mar an gcéanna tá Joe Higgins agus a chomrádaithe sa Pháirtí Sóisialach tosaithe an tseachtain seo leis an rud céanna ón uair a d'fhógair an tAire Phil Hogan go bhfuil cáin nua dá gearradh aige ar gach líon tí in ainm a bheith ag díol as uisce agus táillí áitiúla. Díreach ar nós gach aon pholaiteora eile léim an Teachta Higgins ar an asal pobalach, ag maíomh nach ndíolfadh "fostaithe" an cháin nua seo.

Chuir mé an focal 'fostaithe' idir uaschamóga d'aon ghnó mar go n-úsáideann an Teachta Sóisialach an téarma an t-am ar fad anois agus nach gcuireann aon duine ceist air céard go díreach is ciall leis. Is é an téarma go gceapaim atá dá lorg ag Higgins ná 'an lucht oibre' ach, cé gur téarma gan mhailís a úsáideann gach eolaí sóisialta é, an bhfuil drogall ar Higgins é d'úsáid amhail is go bhfuil drochmhíniú nó boladh salach as? Má úsáideann sé an téarma 'fostaithe' caithfidh go bhfuil sé ag trácht ar gach duine don 1.8 milliún duine a éiríonn as a gcuid leapacha gach lá chun dul ag obair, ónár nUachtarán go dtí oibrithe páirt-aimsire atá ag tabhairt aire do sheandaoine - is é sin gach duine atá ag obair. Ón mbealach a n-úsáideann an Teachta Higgins an téarma cheapfá go bhfuil uasaicme sa tír nach dtéann ag obair, a mhaireann mar a mhair na czars, prionsaí agus tiarnaí cúpla céad bliain ó shin, cóisir fhada laethúil dá caitheamh acu agus gan faic eile le déanamh acu.

An bealach a ndéanann an Teachta Higgins idirdhealú ar 'oibrithe' (mise atá ag athrú an téarma anois chun míniú níos beaichte a thabhairt ar m'argóint), cheapfá go bhfuil muid inár gcónaí sa bhFrainc nó sa Rúis sna hamanna réabhlóideacha agus go bhfuil slua mór de chosmhuintir na tíre ag geataí na Dála ag lorg chloigne ár gcuid prionsaí. Ach níl. Agus cén fáth sin? Mar gur daonlathas atá againn. Sin an fáth nach bhfuil ach beirt ón bPáirtí Sóisialach sa Dáil agus, in ainneoin gach rud a rinne siad, go bhfuil fós 20 teachta ag Fianna Fáil sa pharlaimint.

An fáth nach bhfuil fonn ar Pháirtí an Tae i Meiriceá go mbeadh breis cánach ann ná go gceapann siad go bhfuil an iomarca airgead dá chaitheamh ar an rialtas lárnach agus gur ceart go mbeadh saoirse againn ar fad ár roghanna féin a dhéanamh ar conas a chaitheann muid ár gcuid airgid. Creideann muintir Higgins gur féidir le dream anaithnid luach na cánach, chun díol as na fiachais atá ar an rialtas thar ár gceann, a dhíol. Seo na 'daoine saibhre' go bhfuil, de réir Higgins, maoin ar luach €100 billiún acu, airgead gur chóir, dar le Higgins, baint díobh.

Fad a bhí sibhse, a léitheoirí, in bhur suí faoin ngrian nó ag ligean bhur scíthe bhí mise ag iniúchadh cad as a dtáinig an uimhir seo, líon na ndaoine saibhre agus a gcuid saibhris - agus ní féidir liom aon bhunús d'fháil air. Níl mé cinnte an bhfuil an tUasal Higgins ag rá go bhfuil airgead tirim den luach sin ag daoine sa tír, nó an seo a maoin iomlán - tithe, feirmeacha srl san áireamh. Is cuma. Glacfaidh mé leis na figiúirí a thug sé. Tá easpa €18 billiún ar bhuiséad na tíre i mbliana. Dá mbeadh muid chun cáin a ghearradh ar mhaoin na tíre chun díol as, de réir fhigiúirí Higgins, bheadh €82 billiún fágtha i gcionn bliana. Mura mbíonn aon drochnuacht eile ann beidh easpa €14 billiún ar bhuiséad na tíre an bhliain dár gcionn agus arís má 'thógann' muid (rogha na gcumannach na blianta siar) an t-airgead seo ar dhaoine, chiallódh sé seo go mbeadh €68 billiún fágtha. Laistigh de thrí bliana bheadh beagnach leath mhaoin na tíre imithe.

Joe Higgins

An rud faoi seo a chuireann glan ar buile mé ná an easpa tuisceana atá ag an Uasal Higgins agus a chomhghleacaithe ar chúrsaí geilleagair. Cuireann na hargóintí acu i gcuimhne dom an sórt díospóireacht róshimplí a rinne na daoine céanna sna 1970í, nuair a bhí Falla Bheirlín fós ina sheasamh agus nuair a bhí mise gafa le polaitíocht mic léinn. Bhí orm éisteacht leis an míchruinneas céanna agus na daoine ag iarraidh go mairfeadh muid in Útóipe shóisialach cosúil le hOirthear na Gearmáine - Poblacht Dhaonlathach na Gearmáine mar a tugadh air, áit nach raibh aon daonlathas agus tír ina marófaí tú dá dtriailfeá éalú as.An mhaoin atá an Teachta Higgins ag iarraidh a 'shaoradh' ar son na 'bhfostaithe', is leo cheana féin é. Cuid mhaith den mhaoin ar a bhfuil sé ag trácht, is airgead é atá infheistithe i gcistí pinsin, airgead a bhaineann go díreach nó go hindíreach le fostaithe na tíre. Más airgead tirim atá i gceist agus má 'shaortar' as na bainc é, cá bhfaighidh muintir ghnó na tíre airgead infheistíochta. Seo an t-airgead céanna, pingin ar phingin, cent ar cent, a úsáidtear chun fostaithe na tíre a choimeád ina gcuid jabanna.Níl aon phota óir sa tír. Caithfidh muid ar fad breis cánach a dhíol, céad Euro mar cháin tí mar thús.

Beidh a thuilleadh le teacht. Má tá an Teachta Higgins ag iarraidh nach mbeadh ar a chuid lucht tacaíochta agus 'fostaithe' na tíre breis cánach a dhíol, b'fhéidir gur chóir dó dul i mbun cainte le Páirtí an Tae le feiceáil conas srian fadtéarmach a chur ar chaiteachas rialtas na tíre agus laghdú a lorg ar chostas riaracháin na tíre - an t-aon bhealach chun 'fostaithe' a shaoradh ó cháin bhreise.

amach le bheith meánaosta, pósta agus gan ach cúram leanbh aonair orm (agus eisean féin ag treabhadh a iomaire féin, den chuid is mó) agus saol an mhadaidh bháin á chaitheamh agam, beag beann ar thobhaigh shuaracha mar seo. Go pointe bheadh an ceart aige agus admhaím é sin.

Ar an lámh eile, ní aontaím in aon chor mar tá an mheánaicme ag fulaingt uafás cheana féin. Gach rud a tháinig leis an mheánaicmeacht chéanna, bhí costas air agus uaireanta costas fíor-ard. Agus ní costas airgid amháin atá i gceist agam. Bhí infheistíocht ama, airgid agus níos mó i gceist freisin.

Is ionann an tobhach teaghlaigh seo agus taobh caol na dinge - an cuntas á oscailt ag an Aire agus é ag bronnadh na deise (agus an chirt, dar leis) air féin dul sa tóir ar ghnáthdhaoine agus cáin ár maoine a ghearradh orainn as seo amach. Sin go díreach an rud atá ar bun. Cloisfimid agus léifimid míniú ar an scéal le linn an deireadh seachtaine seo: na polaiteoirí a rá linn go gcaithfidh duine éigin íoc as na seirbhísí ar fad atá á gcur ar fáil ag an rialtas dúinn.

Doh! Tá a fhios againn go gcaithfidh agus cé atá ag íoc astu cheana féin ach muid féin? Sea, muid féin.

Deirim taobh caol na dinge mar, i ndáiríre, cad as a d'íocfadh €160m? Ní íocfadh sé as na cúntóirí riachtanas speisialta a baineadh ó scoileanna na tíre a mhaítear a chosnaíonn €170m sa bhliain. Ní íocfadh sé as an gcúigiú cuid de chostas soláthar uisce do theaghlaigh na tíre agus ar éigin a ghlanfadh sé costas na mbusanna scoile a bhfuiltear ag méadú an táille atá orthu faoina cúig - seo seirbhísí atá mar riachtanas ag na teaghlaigh a bhaineann úsáid astu.

Taobh caol na dinge a bheidh ann cinnte mar, fiú agus iad ag maíomh nach bhfuil ann ach €2 sa tseachtain, níl ceist ann ach go méadófar an costas sin sna blianta amach romhainn. Ina theannta sin, tá sé de dhánacht acu a rá nach in áit na dtáillí uisce atá an tobhach seo á thabhairt chun cinn: beidh táillí uisce againn chomh maith ón mbliain 2014 ar aghaidh. Agus b'shin an baol ba mhó a bhí ann nuair a bhuaigh Fine Gael agus Páirtí an Lucht Oibre an t-olltoghchán i mí Feabhra: bheadh orthu an bonn cánach a leathnú, bheadh orthu teacht ar sheifteanna d'fhonn tuilleadh airgid a thógaint ó phócaí a bhí caolaithe go mór cheana féin, bheadh orthu píonós a ghearradh orthu siúd is mó atá tar éis na híobairtí a dhéanamh cheana féin - is ea, an ceart agaibh, an teaghlach meánaicmeach.

Tá sé furasta an tsaghad a dhíriú ar an teaghlach sin. Tá sé éasca iad a aithint. Tá an teach deas néata (go fóill); tá dhá ghluaisteán nó trí páirceáilte taobh amuigh, ceann acu réasúnta nua, ceann eile a bhí nua tamall ó shin ach ní haon 'Mercs' iad seo ach gluaisteáin chiallmhara, réasúnta a dhéanann an 'jab' go cuíosach (ach ar ór na cruinne) gan bheith maíteach; tá an fhaiche lomtha go néata agus ina iomláine tá cruth ar an ngabháltas go bhfuil éirithe go maith, ní hea, ach go rathúil leis an teaghlach seo. Is iad seo na daoine céanna ar gearradh na tobhaigh ioncaim nó an 'Muirear Uilíoch Sóisialta' orthu chomh maith le hardú ar an gcostas breosla téite tí, breosla gluaisteáin agus aibhléise dá réir agus nár dhein oiread is gíog ná míog fothraim ina aghaidh. Is gearr go dtiocfaidh deireadh le ciúnas na ndaoine áfach.

Tchím agus airím fearg agus frustrachas ag méadú agus tchím an t-am ag teacht a mbeidh na chéad toghcháin eile ann, toghcháin áitiúla na bliana seo chugainn, agus beidh freagraí á lorg ar thairseacha thithe na tíre. Beidh cuimhní níos úire ar an mbochtanas ag an toghdóireacht mar go bhfuilid ar an gcaolchuid. Beidh fonn díoltais orthu agus mar ábhar spreagaidh, cuimhneoidh siad ar an mbuiséad cáiliúil sin lenar thit an rialtas i 1982 de bharr gur thriail Aire Airgeadais na linne sin, John Bruton, cáin a chur ar bhróga páistí.

'Is fada an bóthar gan casadh ann,' a deir siad ach is faide fós bóthar gan chríoch!

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 29 Iúil, 2011

Eagarfhocal

Gaelscéal
An Chuasnóg, Baile Ard
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe

An tSomáil

IS féidir a bheith soiniciúil, is féidir aird a tharraingt ar pholaitíocht mhífheidhmiúil na tíre, is féidir contúirt pholaitiúil an Ioslamachais a lua agus is féidir a rá go bhfuil an daonáireamh san Afraic ag fás go ro-thapa, ach b'fhimíneacht dúinn san Eoraip a leithéid a dhéanamh.

Ní féidir le duine ar bith atá ceart sa chloigeann a mhaíomh go bhfuil an bás tuillte ag páistí na Somáile.

Níl. Tá saol tuillte acu, beag beann ar an pholaitíocht i dtír s'acu féin, ar iompar daoine fásta nó ar chúrsaí eacnamaíochta san Iarthar.

Cibé trioblóidí eacnamaíochta atá againn, níl duine ar bith in Éirinn ag fulaingt mar atá siadsan.

Mar sin de ba cheart dúinn mar Éireannaigh, mar Eorpaigh agus mar dhaoine saibhre an Iarthair ár ndícheall a dhéanamh chun iad a shabháilt.

Is féidir linn ár mbuaireamh a dhéanamh faoi fhás sa daonáireamh agus faoi na fadhbanna polaitíochta ina dhiaidh sin.

Aisteach go leor, tá na billiúin á gcaitheamh ag coinneáil trúpaí NATO ag troid i dtrí thír faoi láthair, beag beann ar chostais.

Tá trúpaí Mheiriceá go fóill san Iaráic agus ag troid i gcónaí.

Tá trúpaí NATO san Afganastáin d'ainneoin nach bhfuil an Talaban i gcumhacht agus go bhfuil Osama Bin Laden maraithe.

Agus an Libia. Cén fáth a ndearnadh ionsaí ar an Libia chun "beatha sibhialtach a shábháil" ach nach ndéantar a dhath chun níos mó daoine a shábháil sa tSomáil?

Ní ionann seo agus iarratas go ndéanfaí ionsaí míleata ar an tSomáil ach ní féidir go bhfuil mórán áiteanna ann ina bhfuil 'regime change' de dhíth níos géire.

Cad é an difear idir an tSomáil agus na tíortha eile sin i ndeireadh na dála?

Ola an é?

Téarmaíocht "Nua" sa Ghaeilge

IS é ceann de na deacrachtaí is mó atá ag na meáin Ghaeilge, sna meáin Ghaeilge chlóite go háirithe, ná úsáid téarmaíochta 'nua'.

Gan téarmaíocht nua-aimseartha a úsáid, bheadh sé thar a bheith doiligh cúrsaí polaitíochta, cúrsaí eacnamaíochta srl a chlúdach.

Ach ní thuigtear i gcónaí an téarmaíocht sin agus is minic a mheasctar an Béarla agus an Ghaeilge le chéile i gcaint na ndaoine chun réiteach a fháil ar an fhadhb. An ionann é sin is a rá nár cheart dúinn réimsí éagsúla a chlúdach?

Nó gur cheart dúinn na píosaí seo a scríobh go macarónach? Le Gaeilge agus Béarla mixeáilte le chéile?

Ní bheadh ceachtar de na réitigh sin inghlactha ach ní ionann sin agus locht a fháil ar an chainteoir dúchais nó ar an fhoghlaimeoir a mheascann an dá theanga, ach níl an rogha sin againn.

Cé acu níos nádúrtha i saol na linne seo? 'Bhí timpiste núicléach ann sa tSeapáin', 'bhí timpiste nuclear ann in Japan' nó 'bhí nuclear accident ann in Japan' fiú?

Ag an phointe seo, níl an dara suí sa bhuaile againn ach dul leis an chéad cheann.

Mar sin de, baineann muid úsáid as téarmaíocht 'nua-aimseartha'.

Uime sin, nuair atá ar iriseoir tiontú ar www.focal.ie chun focal a aimsiú, cuireann muid an Béarla ina dhiaidh.

Ní foirfe an réiteach é sin.

Is ceist ollmhór é seo, níl na freagraí ar fad againn faraor. An é go bhfuil an téarmaíocht nua ag scaradh dhá chineál Gaeilge óna chéile? Ar cheart dúinn téarmaíocht nua a bhunú ar an Bhéarla nó iarracht níos fearr a dhéanamh chun é a fhréamhú sa Ghaeilge?

Ar cheart dúinn díreach Béarla a úsáid? Ar cheart dúinn neamhaird a dhéanamh ar leithéidí focal.ie? Nó ar cheart do mhuintir na Gaeltachta agus na Gaeilge a bheith sásta focail úra a fhoghlaim go díreach?

LITREACHA chuig an Eagarthóir

Litir ó thír eile

A chara,
Maíonn Scott de Buitléir (8 Iúil 2011) gur "tír eile" ar fad atá i dtuaisceart na hÉireann.

An ionann sin is a rá go bhfuil an Ghaeilge ina teanga eachtrannach do mhuintir na 6 contae? Nó an gcreideann sé go díreach go bhfuil deisceartaigh níos Éireannaigh ná muintir lár Uladh?

Nach mór an iontas a bheadh air, mar sin, dá mbeadh a fhios aige go bhfuil pobal beo beathach ag labhairt na Gaeilge ó thuaidh - Gaelscoileanna, ionaid pobal agus stáisiún raidió ag treisiú leo le breis agus 30 bliain.

Má tá sé chomh tuirseach le bheith ag éisteacht le "caighdeán Gaeilge lofa" Bhaile Átha Cliath mar a thugann sé féin air, mholfainn dó cuairt a thabhairt ar an tuaisceart ... bheadh fáilte roimh fhíor-Ghael dá leithéid fiú!

Cillian de Búrca
BÁC 3 (An tír eile ó dhúchas!)

Eoghan s'againne seicteach?

A Eagarthóir,
Ta meas agam ar Eoghan Ó Néill mar cuireann sé ag smaoineamh mé go rialta ! Ach ar an an alt sin faoi 'naimhde Protastúnaigh Uladh', dealraíonn sé gur seicteach é féin !

Am na dTrioblóidí, bhíodh iriseoirí ag scríobh faoi shluaite Caitliceach agus Protastúnach ag malartú ceatha clocha lena chéile ach táthar éirithe as mar cleachtadh den chuid is mó de. Tháinig siad ar an tuairim dar liom, nach ionann Caitliceas ná Protastúnachas den dul sin agus an Chríostaíocht. Ná bac na lipéidí, a Eoghain go dtí go bhfuil tú cinnte go bhfuil siad tuillte ó thaobh dea-iompair de !

Rí Ó Ruachú
Heather Cottage,
An Cheathrú Bhán,
Co. Mhuigh Eo.

Cuirtear litreacha chuig **litreacha@gaelsceal.ie**. Iarrtar oraibh a bheith chomh gonta agus is féidir.

CEIST na Seachtaine

Amhras ar an chuid is mó agaibh faoi pháipéir!

CUIREADH an cheist oraibh an tseachtain seo: "Is mór an méid cainte a tharraing an chonspóid a bhain le 'News of the World' le seachtainí beaga anuas. An gcuirfidh a leithéid lagmhisneach ort nuachtán a cheannach amach anseo?"

D'fhreagair an chuid is mó agaibh go gcuireann na conspóidí seo, a bhaineann le páipéir Rupert Murdoch thar aon pháipéar eile, lagmhisneach oraibh agus sibh ag ceannach páipéar.

Seo na torthaí :

- Cuirfidh! Cuirfidh sé isteach orm, agus beidh an-drogall orm nuachtán a cheannach amach anseo - 38.1%
- Cuirfidh! Chuir an méid a tharla déistin orm, agus ní cheannóidh mé nuachtáin chomh minic sin - 23.8%
- Ní chuirfidh! Glacaim leis mar chorrfhadhb a thagann aníos ó am go ham sna meáin, agus leanfaidh mé orm ag ceannach nuachtán - 19%
- Ní chuirfidh! Ní chuireann sé isteach ná amach orm ó thaobh nuachtán a cheannach - 19%

Ceist na Seachtaine Seo

An bhfuil sé tábhachtach go mbeidh Gaeilge ag Uachtarán na hÉireann agus go mbeadh díospóireacht idir na hiarrthóirí as Gaeilge ar TG4?

- Iomlán riachtanach
- Tábhachtach cinnte ach níl sé riachtanach
- Deas ach níl sé tábhachtach
- Is cuma liom



Beidh díoltas dá gcuid féin ag muintir na hIorua

Eoghan Ó Néill

Mionghaire ar aghaidh Anders Behring Breivik agus é ag fágáil na cúirte Dé Luain na seachtaine seo [PIC : AFP PHOTO JON-ARE BERG-JACOBSEN / AFTENPOSTEN]

Aluaithe is a nocht péas le gunna chac Anders Breivik é féin, chaith uaidh a ghunnaí agus ghéill go fonnmhar. Nárbh iontach misneach an 'Knight Templar' seo a chaith 90 bomaite ag dul thart le ceithre ghunna ard-chumhachta ag scaoileadh déagóirí neamharmtha sa dhroim!

Dar le Breivik gur ghéill sé do na péas le go mbeadh lá sa chúirt aige, faill chun a theachtaireacht a chraobhscaoileadh don domhan.

Níl an fhírinne chomh laochrach céanna.

Roghnaigh Breivik páistí a mharú mar go raibh eagla a chraicinn air tabhairt faoi bhaill de Al Qaeda, daoine a shíobhfadh chun báis iad féin ar mhaith le 'Infidel' mar é a thabhairt leo.

Agus seachas bás a fháil ar son 'a chúise' ghéill Breivik do na péas cionn is gur cladhaire déanta é.

Cuir an seilg chlaidhreach a rinne sé ar pháistí chomh óg le 14 bliain i gcomparáid le misneach Gunnar Linekar.

'An Béar' a tugadh ar Gunnar cionn is go raibh sé tromdhéanta.

Bhí sé ar an bhfón lena athair nuair a thosaigh Breivik ag caitheamh.

"Caithfidh mé imeacht a Dhaid, tá duine ag scaoileadh ar dhaoine," ar sé.

Seachas a bheith ag teitheadh rith sé i dtreo Breivik agus chuir é féin idir an gunnadóir agus roinnt páistí.

A fhad is go raibh Breivik gafa ag scaoileadh Gunnar chun báis d'éalaigh na páistí.

Tá fiche scéal laochrais mar é ó oileán Utoya ach ní nuacht é.

An áit a bhfuil olc bíonn i gcónaí maith ann fosta.

Agus olc ar leith is ea é Anders Breivik. Chun sin a thuiscint i gceart caithfidh tú meabhrú nach bhfuil sé furasta, go fiú ag saighdiúirí, duine daonna a scaoileadh.

Nó tá marú le gunna pearsanta.

Caithfidh tú amharc sna súile ar an duine. Feiceann tú aghaidh an duine, mothaíonn tú boladh an duine, tchíonn tú a chruth is a chuma.

Tchíonn tú duine nach bhfuil éagósúil leat féin ná le d'athair nó do dheartháir, do dheirfiúr nó do mháthair.

Agus ar bhualadh an philéir tchíonn tú an phian, an fhuil ag preabadh as an chorp, an aghaidh chráite.

Sa Dara Cogadh Domhanda, sa Chóiré, i gCogadh Vítneam, san Iaráic, go fiú le linn ár dTrioblóidí féin, fuair na saineolaithe amach arís is arís eile go bhfuil sé millteanach deacair ag bunús saighdiúirí an namhaid a scaoileadh má bhíonn sé cóngarach dóibh.

Bíonn sé beagán níos fusa an duine a mharú nuair a shíobann tú buama nó nuair nach bhfeiceann tú an duine.

Ach is mionlach beag de shaighdiúirí a bhí in ann duine a mharú le gunna.

Mar sin is léiriú é ar mheon Anders Breivik go raibh an fear seo in ann breathnú arís is arís is arís eile idir na súile ar 68 ógánach sular scaoil sé chun báis iad.

Cén sórt duine a dhéanfadh a leithéid?

Bhuail mé roinnt uaireanta le daoine a mharaigh daoine eile ach ní raibh an meon ag duine ar bith acu a bhí ag an fhear seo.

I ndiaidh an iomláin áfach tá mé sásta nár chuir Anders Breivik piléar ina chloigeann féin. Nó ciallaíonn sin go gcluinfidh sé arís is arís eile focail Jens Stoltenberg, Príomh-Aire na hIorua, a d'fhógair gurb é aisfhreagra na hIorua ar na hionsaithe seo ná 'níos mó daonlathais, níos mó oscailteachta, níos mó saoirse.' Agus fanfaidh focail Nybakk Linekar, athair Gunnar , le Breivik an chuid eile dá shaol.

Is neach de shaghas eile ar fad é Breivik.

Fear a bhfuil bunfhadhbanna síceolaíochta aige.

Agus a bhfuil fuath aige do Mhoslamaigh agus d'Ioslamaigh, fuath atá contúirteach amach is amach.

Agus maidir lena mhaíomh gur Crosáidire Críostaí é?

Dia idir sinn agus é.

Ainchríostaí é.

I ndiaidh an iomláin áfach tá mé sásta nár chuir Anders Breivik piléar ina chloigeann féin.

Nó ciallaíonn sin go gcluinfidh sé arís is arís eile focail Jens Stoltenberg, Príomh-Aire na hIorua, a d'fhógair gurb é aisfhreagra na hIorua ar na hionsaithe seo ná 'níos mó daonlathais, níos mó oscailteachta, níos mó saoirse.'

Agus fanfaidh focail Nybakk Linekar, athair Gunnar , le Breivik an chuid eile dá shaol.

"Lá is oíche guím Dia," ar seisean, "ag iarraidh air a mhíniú dom cad chuige ar tharla seo dúinn. Níl a fhios agam an bhfaighfidh mé freagra go deo. Ní thig liom smaoineamh ar mhaithiúnas go fóill. Ach ní ligfidh mé don fhuath fás ionam. Nó b'ionann sin agus bua do Breivik.'

Ach thar aon rud eile tá mé sásta gur mhair Breivik beo le go gcaithfidh bliain is fiche, ar a laghad, á chrá féin le híomhánna de na daoine sin a mharaigh sé agus le focail a gcuid gaolta.

Mairfidh sé beo fada go leor chun a thuiscint gur chlis ar fad ar a iarrachtaí chun an bonn a bhaint den daonlathas agus chun an Iorua a theilgean i dtreo na seineafóibe, chuig an chogaíocht chreidimh, chuig an chos ar bholg orthu sin atá difriúil.

Níos mó saoirse, níos mó daonlathais, níos mó oscailteachta.

Sin an díoltas a bheidh ag muintir na hIorua.

COMHSHAOL

Iarthar na hÉireann breac le tuirbíní gaoithe ...

... ach tá seans maith nach bhfuil faic feicthe fós againn!

Conn Ó Muineacháin

Tá iarthar na hÉireann breac le tuirbíní gaoithe Ar cheann des na srianta is mó atá ar fhorbairt feirmeacha gaoithe in Éirinn faoi láthair tá éileamh. Cinnte tá an ghaoth againn - go háirithe san iarthar. Ach ní mór córas dáilte a chur isteach freisin - cáblaí chun an fuinneamh a iompar ón áit ina ngintear é go dtí an áit ina bhfuil sé ag teastáil.

Dá fhad an láthair ghinte ón áit ina bhfuil an t-éileamh is ea is mó an costas - agus caithfear an costas sin a chur san áireamh i gcomhthéacs an éilimh a mheastar a bheidh ar an dtáirge.

Agus i ndeireadh na dála tá teorainn mhór amháin leis an éileamh ar fhuinneamh sa tír seo, is é sin: gur oileán sinn.

Ach ní bheimíd i bhfad eile mar sin. Tá 'Acht Aontais' nua á chur i bhfeidhm i láthair na huaire ar ghrineall Mhuir Éireann, agus cábla leictreach á thumadh a cheanglóidh eangach fuinnimh na hÉireann lena comhionann sa Bhreatain. Cuirfear an phlocóid isteach in 2012, agus is ansin a bheidh athrú iomlán ar an scéal.

Tuirbíní Gaoithe in Inis Meáin Árainn

Láithreach bonn, beidh méadú deich n-uaire ar an margadh atá ann d'fhuinneamh gaoithe in Éirinn. Beidh cuma eile ar fad ar an anailís chostais agus tairbhe do chuid mhaith tograí gaoithe, agus beidh infheistíocht úr ann leis.

Sin é a thug Aire Fuinnimh na Breataine le fios le déanaí ag cruinniú idir rialtais an dá oileán.

Dúirt Charles Hendry go bhfuil spéis ag an mBreatain in acmhainní gaoithe na tíre seo agus iad ag iarraidh a gcuid spriocanna le haghaidh fuinneamh in-athnuaite a bhaint amach.

Tá údaráis áitiúla san Iarthar ag ullmhú le haghaidh meádú mór i bhforbairt na bhfeirmeacha gaoithe.

An mhí seo caite foilsíodh Plean Forbartha Chontae an Chláir agus tá mír speisialta ann ag plé le fuinneamh gaoithe.

Tá anailís chuimsitheach sa cháipéis ar cheantracha éagsúla ar fud an chontae a mheasann an Chomhairle a bheith oiriúnach d'fhorbairt feirmeacha gaoithe. Agus tá pleanáil straitéiseach ann le haghaidh córas hidrileictreach le go bhféadfaí fuinnimh gaoithe a chur i dtaisce ag amanna nach bhfuil an t-éileamh cothrom leis an ngaoth, mar shampla san oíche - ionas go bhféadfaí an fuinneamh sin a scaoileadh arís nuair a bhíonn sé ag teastáil.

Is léir ón bplean go dtuigeann na húdair an tábhacht a bhaineann le hacmhainní gaoithe a

láimhseáil go maith. Go minic is iad na háiteanna is treise gaoth na háiteanna is áille agus is tábhachtaí ó thaobh na timpeallachta agus thionscal na turasóireachta de. Tá dúshlán mór ann a chinntiú nach ndéanfar dochar d'acmhainní eile agus an ceann seo á fhorbairt.

An mbeidh muid in ann rámhaíocht chuig an Mol Thuaidh

Conn Ó Muineacháin

B'FHÉIDIR go bhfuil smut den ngealt ag éinne a chuireann a bheatha i mbaol ag tóraíocht ar an Mol Thuaidh, ach n'fheadar an bhfuil an duine is déanaí le tabhairt faoin ngaisce sin glan scuabtha as a mheabhair!

Is é an sprioc atá ag Jock Wishart agus a chairde ná go mbainfidh siad an Mol Thuaidh Maighnéadach amach - i mbád rámhaíochta!

Tá an focal sin - 'maighnéadach' - tábhachtach. Mar is eol do gach aon ghasóg, ní ar an Mol Thuaidh a bhíonn snáthaid an chompáis dírithe ach ar an Mol Maighnéadach.

Níl talamh ag an bhfíor-Mhol Thuaidh ach leac oighir ag snámh ar fharraige fhuar. Snámhann fomhuireáin faoin ndromchla agus uaireanta bíonn siad in ann briseadh tríd an leac oighir go dtí an t-aer.

Ach meastar go bhfuil an Mol slán ó lucht na gcurrach go fóill. Ní hamhlaidh don Mol Maighnéadach. Tá réimse maighnéadach an domhain ag síor-athrú agus bogann an Mol Maighnéadach thart dá réir. Go deimhin, níl sé fuirist a bheith cinnte faoin suíomh cruinn. Ach tá Jock agus a chomhluadar ag triall ar an áit inar dearbhaíodh an Mol Maighnéadach go hoifigiúil sa bhliain 1996.

De ghnáth is ar scíanna a thaistealaíonn daoine go dtí an áit seo. Eagraíonn Jock turasanna treoraithe go dtí an áit gach bliain san earrach. Ach tá difríocht shuntasach feicthe sa leac oighir aige le 15 bliain anuas.

Níl amhras ar bith ar Jock ach go bhfuil tionchar an athraithe aeráide le sonrú i gceantar an Mhoil Mhaighnéadaigh. Anois, den gcéad uair riamh, is féidir iomramh go dtí an Mol Maighnéadach sa samhradh agus tá Jock agus cúigear de chriú meáite ar é sin a chruthú an tseachtain seo chugainn.

I láthair na huaire tá siad cruinnithe i mBá Resolute, baile beag i dtuaisceart Cheanada, atá 450 míle ón Mol Maighnéadach oifigiúil. Tá an baile seo ar bhruach an 'Bealach Siar Ó Thuaidh', an cóngar go dtí an Aigéan Ciúin a bhíodh á thóraíocht ag taiscéalaithe an 19ú haois.

Cailleadh go leor acu san iarracht, ina measc Sir John Franklin, nó 'Lord Franklin' mar is fearr aithne air ón amhrán cáiliúil.

I samhradh na bliana 2007, d'oscail an Bealach go hiomlán den gcéad uair riamh. Anois ar feadh roinnt seachtainí gach bliain is féidir le gnáth-longa seoladh thar chósta thuaidh Cheanada.

Tá tuilleadh eolais faoi iarracht Jock agus a chairde ar an idirlíon ag www.rowtothepole.com.

FOLÚNTAIS / CÚRSAÍ

COISTE GAIRMOIDEACHAIS CHONTAE NA GAILLIMHE

Tá an Coiste ainmnithe thuas ag earcú múinteoirí faoi láthair le haghaidh folúntais a d'fhéadfadh a bheith i gceist sa seisiún acadúil 2011/2012. Chun sonraí iomlána na bpost seo a fháil, téigh chuig ár suíomh gréasáin **www.countygalwayvec.com**

Sínithe: Seosamh Mac Donncha, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Óige na Gaeltachta

Oifigeach Forbartha Réigiún Chonnacht/Laighean

Tá Óige na Gaeltachta ag lorg **Oifigeach Forbartha** i réigiún Chonnacht/Laighean. Beidh an tOifigeach freagrach as seirbhísí óige a chur chun cinn I bpobail Ghaeltachta i réigiún Chonnacht/Laighean. Beidh na cúraimí seo a leanas ar an té a cheapfar:

- Tacú le seirbhísí óige agus clubanna óige a bhunú.
- Tacaíocht a thabhairt do phobail go réir éileamh freastal ar an óige.
- Imeachtaí óige a reáchtáil mar a oireann.
- Seirbhís eagrúcháin agus eolais a chur ar fáil do chlubanna/eagraíochtaí óige.
- Cúrsaí oiliúna agus oideachais a eagrú mar a oireann.
- Deacrachtaí, fadhbanna a aithint sna pobail éagsúla maidir le cúrsaí óige.
- Comhairle agus tacaíocht a thabhairt do cheannairí óige sa phobal.

Riachtanais an Phoist

- Ardchaighdeán i labhairt agus i scríobh na Gaeilge.
- Taithí agus eolas ar chúrsaí óige.
- Scileanna maithe cumarsáide agus idirphearsanta.
- Sárscileanna i riaradh tograí óige agus pobail.
- Ardscileanna ríomhaireachta agus riaracháin.
- Taithí ar obair phobail agus coistí deonacha.
- Ceadúnas glan tiomána reatha agus gluaisteán a bheith aige/aici.

Beidh an té a cheapfar freagrach don Bhainisteoir agus don Bhord Stiúrtha. Is conradh lánaimseartha bliana atá i gceist. Beidh an té a cheapfar lonnaithe in oifig Óige na Gaeltachta i gCasla, Co na Gaillimhe. Íocfar ráta caighdeánach tuarastail.

Is fostóir comhionannais é Óige na Gaeltachta Teo.

Seol d'iarratas mar aon le CV roimh an **Céadaoin 3ú Lúnasa**, 2011 chuig:

An Bainisteoir
Óige na Gaeltachta
Casla
Conamara
Co. na Gaillimhe

Teil: 091 506014 **R-phost: eolas@onag.ie**

Gníomhairí ag teastáil

Tá fás ag teacht ar ár bhfoireann agus muid ag iarraidh cur leis an méid gníomhairí timpeall na tíre. Is post i do chuid ama féin a bheadh anseo, ag ardú phróifíl Gaelscéal i do cheantar féin ar bhun coimisiúin.

Má tá am agat agus airgead breise uait déan teagmháil le Patricia ag 086-0234251 eolas@gaelsceal.ie chun tuilleadh eolais a fháil.

Gaelscéal
Ag Cothú Phobal na Gaeilge

St. Angela's College, Sligo
Coláiste San Aingeal, Sligeach
A College of NUI Galway

LÉACHTÓIR LE GAEILGE

Tá Coláiste San Aingeal ag lorg duine a bhfuil na cáilíochtaí cuí aige/aici don phost thuasluaite. Tá Coláiste San Aingeal mar Choláiste d'Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus tá gach cúrsa ann creidiúnaithe ag an Ollscoil. Beidh an duine a cheapfar don phost seo ag obair ar chúrsaí do réamh-fhochéimithe, d'fhochéimithe agus d'iarchéimithe i Roinn an Oideachais i gColáiste San Aingeal le dualgais ar leith maidir leis an nGaeilge.

Tuarastal: €50,159 - €81,403

Tá tuilleadh eolais ar fáil ó: www.stangelas.nuigalway.ie nó education@stangelas.nuigalway.ie

Caithfidh iarratais don phost a bheith istigh roimh 5.00 i.n. Déardaoin, 4 Lúnasa 2011.

Do dhaoine a bheas ag dul i mbun grád earcaíochta den chéad uair, is ag an mbunscála a bheas an pá tosaigh agus ag an ráta laghdaithe de 10% a bheas sé inchurtha i bhfeidhm ó 1. Eanáir 2011. Is féidir go n-athrófar an ráta pá ó am go ham de réir bheartas pá an Rialtais.

Fostóir comhionannais is ea Coláiste San Aingeal.

Lough Gill, Co Sligo, Ireland
T: +353 (0)71 91 43580
E: admin@stangelas.nuigalway.ie
www.stangelas.nuigalway.ie

NUI Galway
OÉ Gaillimh

OÉ Gaillimh
NUI Galway

Spéis agat i bpost maith le Gaeilge?

Tapaigh do dheis agus bain cáilíocht aitheanta ollscoile amach!

Tá na cúrsaí iarchéime seo a leanas le fáil in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh in 2011-2012:

- **MA / Dioplóma Iarchéime (Ateangaireacht Chomhdhála)**
- **MA / Dioplóma Iarchéime (Aistriúchán Reachtaíochta agus Dlí)**
- **MA (Léann an Aistriúcháin)**
- **Ard-Dioplóma (Léann an Aistriúcháin)**

Eolas:
091 869 022 / 595101
ateangaistriu@oegaillimh.ie
www.oegaillimh.ie/acadamh

SUNDAY TIMES OLLSCOIL NA BLIANA 2009-10



www.oegaillimh.ie

NORTHERN IRELAND SCREEN
Irish Language Broadcast Fund
An Ciste Craoltóireachta Gaeilge

Oifigeach An Chiste Craoltóireachta Gaeilge

Tá NORTHERN IRELAND SCREEN mar an ghníomhaireacht náisiúnta scáileáin do Thuaisceart Éireann. Tá sé mar aidhm acu earnáil an scáileáin i dTuaisceart Éireann a fhorbairt i dtreo earnála dinimiciúil agus inbhuanaithe. Táthar anois ag iarraidh Oifigeach a earcú le cuidiú agus tacaíocht a thabhairt do Cheannasaí an Chiste Craoltóireachta Gaeilge.

Is ról dúshlánach é seo agus beidh ar an té a cheapfar cuidiú a thabhairt le seachadadh straitéis an CCG tríd seirbhísí riaracháin iomlán an Chiste a sholáthar agus trí mhaoirseacht lucht oiliúna an CCG.

Tá Gaeilge scríofa agus labhartha ar ardchaighdeán riachtanach don phost seo chomh maith le taithí riaracháin (bliain ar a laghad); cáilíocht tríú leibhéal agus spéis eolasach sna meáin Ghaeilge. Ba chóir an critéir riachtanach seo a léiriú i d'iarratas. San áireamh sa chritéir inmhianaithe ná cur amach ar cháipéisí airgeadais, go háirithe buiséad agus sreabhadh airgid agus taithí ar riaracháin ar scéimeanna oiliúna.

Le haghaidh pacáiste iarratais nó le haghaidh eolais i bhformáidí eile, téigh chuig:

http://www.northernirelandscreen.co.uk

nó déan teagmháil le:

Elsie Brown, Operations Manager, Northern Ireland Screen, 3rd Floor Alfred House,
21 Alfred Street, Belfast BT2 8ED

Gutháin: 028 90 232444

Idirlíon: www.northernirelandscreen.co.uk Rphost: elsie@northernirelandscreen.co.uk

Spriocdháta le haghaidh iarratais: 5 i.n. Aoine 5iú Lúnasa 2011

Is fostóir comhdheiseanna é Northern Ireland Screen.

An bhfuil folúntas agat?

Tóg fógra le Gaelscéal, lascaine le fáil ar leathanach folúntais.

Déan teagmháil le Patricia ag 086-0234251 nó fograi@gaelsceal.ie

CÚRSAÍ SAOIL

Sólás sa cheol, faoi scáth

Bhí Áine Ní Chuaig ag freastal ar Fhéile Ceoil Idirnáisiúnta

Bhí an ghrian ag scoilteadh na gcloch nuair a shroich mé 'Bø' san Iorua go luath ar an Déardaoin. Bhí spreacadh agus spiorad le'n aireachtáil thart timpeall an bhaile agus gach uile dhuine ag fáil faoi réir d'Fhéile Ceoil Idirnáisiúnta Telemark, féile bhliantúil atá ar an bhfód le haon bhliain fichead i gcroílár cheantar Telemark.

Tá os cionn cúig mhíle duine ina gcónaí in Bø, atá thart ar 100km siar ó dheas ón bpríomhchathair, Osló. Ceantar mór sciála is ea Telemark ar feadh cuid den bhliain ach ceantar thar a bheith saibhir le ceol, cultúr agus traidisiúin leis na cianta.

Bhí cumadh féile ceart ar an mbaile - stiallbhratacha crochta taobh amuigh de shiopaí, gasúir fhionna ag ithe uachtar reoite agus ag rince leis an gceol beo ar na sráideanna.

Ní raibh tada ag déanamh imní d'aon duine ach an bháisteach a bhí geallta don deireadh seachtaine, a chuirfeadh isteach ar na ceolchoirmeacha a bhí le bheith amuigh faoin spéir.

Is beag an chuimhne a bhí ag aon duine in Bø, ná ag an náisiún iomlán faraor, an t-athrú mór a bheadh ar an saol a bhí fhios acu riamh taobh istigh de chúpla uair an chloig.

D'oscail an fhéile tráthnóna Déardaoin le 'PrøysenFolk', ceolchoirm mhór in onóir don scríobhneoir agus amhránaí cáiliúil Ioruach Alf Prøysen a bhásaigh in 1970.

Bhí togha na n-amhránaithe traidisiúnta i láthair chun a rogha féin d'amhráin Prøysen a chasadh, ina measc siúd Sondre Bratland, Jon Anders Halvorsen, Ingebjørg Bratland agus Unni Boksasp. Thug Tuva Syvertsen ón mbanna 'Valkyrien Allstars' blas den rac-cheol ar an stáitse lena cóiriú féin d'amhráin Prøysen.

Bhí banna ceoil curtha le chéile go speisialta don ócáid seo, ceoltóirí áitiúla ar fad ó sheánraí ceoil éagsúla a thug comhcheol den scoth do na haíonna ar fad.

Bhí sé follasach dom a fheiceáil go bhfuil an-ghean go deo ag na hIoruaigh ar amhráin Alf Prøysen mar go raibh teach cultúrtha 'Gullbring' lán go doras agus an lucht féachana iad féin ag casadh focal ar fhocal go minic le linn na coirme.

D'fhan an spéir glan agus, níos déanaí an tráthnóna céanna, thug Kim André Rysstad faoin stáitse oscailte amuigh faoin spéir in 'Skogen Gård'. Seo fear óg as ceantar Setesdal i ndeisceart na hIorua, a bhuaigh gradam 'INTRO' in 2009, gradam a thugtar go bliantúil don cheoltóir/amhránaí óg traidisiúnta is fearr sa tír.

Bhí sé soiléir ón bhfáilte a fuair sé go raibh an lucht féachana ag súil go mór leis an ócáid seo, ó tharla nár fhéad Kim freastal ar an bhféile ag an nóiméad deireanach anuraidh.

Dhúisigh muid le torann na báistí maidin Dé hAoine - an spéir dubh agus na braonacha ag titim, gan stad ná staonadh. 11mm a bhí geallta le titim agus ní bréag a rá go raibh an meastachán beacht. Ach níor chuir sé sin aon stop le himeachtaí na féile!

Bhí an t-amhránaí Ingebjørg Bratland, as ceantar Vinje ó thús agus a chas sa cheolchoirm oíche Déardaoin, le dul ar ais abhaile go hOsló an mhaidin sin ach mar a tharla, d'fhan sí tar éis cuireadh a fháil ó Na Dubliners amhrán a chasadh ar stáitse leo níos déanaí an oíche sin. Shocraigh siad an t-amhrán cumhachtach 'The Foggy Dew' a sheinm in éindí, amhrán a bheadh fíoroiriúnach mar a tharla agus a d'fheilleadh don mhothú truamhéalach a bheadh le'n aireachtáil sa slua níos déanaí.

Chaith mé fhéin, Ingebjørg agus cara eile Kari, orainn ár gcuid seaicéid bháistí agus chuaigh muid thart faoin mbaile ag éisteacht le ceol agus ag castáil le daoine. Taobh amuigh den bháisteach, bhí gliondar inár gcroíthe agus muid ag baint suilt agus só as an bhféile agus an comhluadar.

Thart ar mheán lae, thug Gro Marie Svidal ceolchoirm aonair ar an veidhlín hardanger agus léargas ar an staidéar atá ar bun aici faoi láthair ar an uirlis chéanna. Tugtar uirlis ceoil náisiúnta na tíre go minic ar an 'hardingfele', uirlis álainn le hocht gcinn de shreanga agus maisiúchán gleoite, a théann siar go dtí an seachtó haois déag.

Ingebjørg Bratland ag casadh 'The Foggy Dew' in éineacht leis na Dubliners ag Féile Cheoil Telemark san Iorua an deireadh seachtain seo caite. Pic: Knut Utler

Na Dubliners ag seinm ag Féile Cheoil Telemark san Iorua an deireadh seachtaine seo caite. Pic: Knut Utler

Tá cáil mhór ar Bø mar áit ina bhfuil traidisiúin cheoil an veidhlín hardanger an-láidir ann agus freisin mar áit a ndéantar táirgeacht ar na veidhlíní fíorspeisialta seo. Tá Ottar Kåsa ina chónaí anois in Bø agus an cheird foghlamtha go paiteanta aige. Fear óg as ceantar Rauland ó thús, a thug leis Gradam an Rí ag príomhchomórtas Landskappleiken na bliana seo, an gradam is airde gur féidir a bhaint amach sa cheol traidisiúnta san Iorua. (Tá Landskappleiken mar a bheadh Fleadh Cheoil na hÉireann anseo). Is féidir samplaí de na huirlisí atá déanta agus le díol ag Ottar a fheiceáil ag an suíomh http://felemakar.no/

Tar éis lóin, bhí taispeántas breá ag Per Anders Buen Garnås ar an veidhlín hardanger agus a dheirfiúr Ingvill Marit Buen Garnås ag gabháil fhoinn i dTeach Cultúrtha 'Gullbring'. Beirt iad as clann cheolmhar 'Buen' a bhfuil cáil orthu ó cheann ceann na tíre.

Tá cáil faoi leith ar a máthair Agnes mar amhránaí agus ar a n-uncailí Knut agus Hauk, mar dhéantóirí agus ceoltóirí veidhlín hardanger. Rugadh agus tógadh iad i nGleann Jondalen gar do Kongsberg, baile a raibh aithne mhór air fadó de bharr na mianach airgid.

Sa choirm cheoil, thug siad léargas ar an ghné reiligiúnach atá i gceol traidisiúnta na hIorua agus chas siad roinnt salm ón albam nua atá eisithe acu le gairid 'Salme, Segn og Solbøn'.

nós*

iris ghaeilge don nua-aois

SCREAD AN CHEOIL
Réaltaí ag ardú do bhanna úr Gaeilge

MUIREADHACH AGUS NA MEÁIN
Scannal mór na himpireachta domhanda

SAOL NÍOS FEARR
Léiriú réalaíoch ar imirce an lae inniu

iúil 11 eag. 24

TRAGÓID NA TALLAINNE

BÁS AMY WINEHOUSE



fáilte

Muinín agus meas

Deirtear go minic faoi na busanna go mbíonn tú ag fanacht i bhfad ar cheann amháin agus ansin tagann beirt ag an am céanna. Bhuel d'fhéadfá an rud ceannann céanna a rá faoi albaim nuacheoil Ghaeilge mar go bhfuil dhá cheann ag teacht amach an samhradh seo. Amhráin nuascríofa pop agus roc atá le cloisteáil ar albam amháin - rud atá gar do chroí na hirise seo ar ndóigh - agus leaganacha nua-aimseartha uirbeacha d'amhráin thraidisiúnta é an ceann eile, ach léiríonn an dá eisiúint seo an mhuinín úr atá ag cainteoirí óga Gaeilge a rian féin a fhágáil ar an saol thart orthu, tógáil ar chultúr an cheoil atá againn cheana agus tús a chur le nós nua. Breis orthu istigh.

Ag caint ar dhaoine ag fágáil a riain féin ar shaol an cheoil ach go háirithe, tá bean de na mná is clúití acu sin a rinne amhlaidh sa 21ú aois ar chlúdach eagrán na míosa seo. De ghnáth is le háthas a chuirfeadh muid a leithéid d'íomhá ar an leathanach tosaigh ach an babhta seo is le cuimhne agus comóradh a dhéanamh ar a saol ceoil atá Amy Winehouse le feiceáil ann. Fuair sí bás go tragóideach an mhí seo ach fanann a glór agus a hamhráin go fóill.

Taobh amuigh de chúrsaí ceoil tá léirmheas againn ar scannán cumhachtach faoi shaol na n-inimirceach mídhleathach sna Stáit Aontaithe, leideanna ar conas glacadh le cuireadh bainise gan an oiread sin airgid a chaitheamh ar an ócáid agus léargas eile ar an scannal bradaíola a bhfuil impleachtaí aige do thionchar polaitiúil Rupert Muireadhach. Tá áthas orainn a rá dála an scéil nach raibh nós*, ná aon cheann de na meáin Ghaeilge, bainteach leis an chleachtas bradaíola úd agus muid i mbun oibre ar son phobal na teanga... fáth eile chun tacú leis na meáin Ghaelacha!

Go dtí an mhí seo chugainn,

Tomaí Ó Conghaile
Eagarthóir nós*

nós*

EAGARTHÓIR
Tomaí Ó Conghaile

RANNPHÁIRTITHE
Ian Mac Murchaidh,
Seanán Ó Coistín, Caoimhe Ní Chathail
Dónall Mac Murchaidh

TEAGMHÁIL
www.nosmag.com
eolas@nosmag.com

FÓGRA
Is é nós* atá freagrach as gach ábhar san fhorlíonadh seo.

"Ag croí an scannáin tá riachtanas na himirce do dhaoine bochta agus mian an duine dul chun cinn a dhéanamh sa saol chun todhchaí níos gile a chruthú dá chlann."

A BETTER LIFE 3.5/5

Chris Weitz, **12A**

Má tá an chlasaic iarchogaidh Iodálach ó 1948, **Bicycle Thieves**, feicthe agat beidh tú eolach go leor ar bhuntéamaí an scannáin nua seo de chuid Chris Weitz (**About a Boy**) mar go bpléann **A Better Life** le scéal imircigh a dhéanann a dhícheall beatha a thabhairt i dtír, in aineoinn dheacrachtaí an tsaoil, ar mhaithe leis féin agus lena mhac.

Is athair ionraic díograiseach de bhunadh Mheicsiceo é Carlos (Demián Bichir, a thugann taispeántas den chéad scoth uaidh ó thús deireadh) atá ag obair go mídhleathach mar gharraíodóir in Los Angeles agus a dhéanann iarracht gan stad a mhac 14 bliain d'aois a chosaint ó dhrochthionchar na ngeiteonna.

Ní ionann agus cuid mhór scannán eile a dhíríonn isteach ar an taobh eile de shaol Chathair na nAingeal, tugann an ceann seo léargas réalaíoch mothúchánach ar conas atá sé i ndáiríre bheith beo bocht ar shráideanna Beverly Hills.

Deirtear go mbíonn inimircigh neamhdhleathacha ag obair i dtithe agus i ngairdíní réaltaí móra Hollywood agus dar leis an teachtaireacht sa phlota seo gur beag suim ná meas a thugtar do na hoibrithe céanna.

Tágann siad chuig na Stáit Aontaithe chun saol níos fearr a bhaint amach dóibh féin ach is minic a bhíonn an iomarca dúshlán rompu agus go dteipeann orthu a n-aisling Mheiriceánach a fhíorú.

Ach is fear é Carlos a leanann leis ag iarraidh greim a fháil ar an bhrionglóid sin.

Míníonn sé tábhacht an oideachais dá mhac Luis (José Julián) cé go bhfeictear don leaid óg go bhfuil sé níos fusa airgead a dhéanamh ar bhealaí eile.

Agus é de sprioc shíoraí aige a saol a fheabhsú, faigheann Carlos airgead taisce a deirfiúir ar iasacht chun leoraí a cheannach a chuideodh lena chuid oibre ach goidtear é, agus cuirtear cor ina shaol agus i saol a mhic.

Ag croí an scannáin seo tá riachtanas na himirce do dhaoine bochta agus mian an duine dul chun cinn a dhéanamh sa saol chun todhchaí níos gile a chruthú dá chlann.

Tá gné pholaitiúil ag baint leis an téama chomh maith agus ardaíonn sé ceisteanna faoi chóras reatha na hinimirce sna Stáit agus tíortha eile a chruthaíonn deacrachtaí do dhaoine theacht thar a dteorainneacha.

Aon duine atá ag iarraidh éalú ó scannáin ghreannáin an tsamhraidh agus dráma crua fírinneach a fheiceáil, ba chóir do bhealach a dhéanamh chuig an cheann seo nuair a osclaíonn sé i bpictiúrlanna na tíre inniu.

LAOCH CEOIL AR LÁR

Glór buacach. Meangadh mór. Bua canta thar an choiteann. Gruaig áiféiseach. Colainn thanaí. Clú agus cáil ar fud na cruinne. Cúig Grammy buaite aici. Dhá albam a raibh ráchairt mhór orthu. Fadhbanna le drugaí agus alcól. Ádh agus mí-ádh. Sin mar a bhí aithne ag an saol mór ar Amy Winehouse, a d'éag an deireadh seachtaine seo caite.

Baineadh siar as cách nuair a fógraíodh go bhfuair sí bás agus gan í ach 27 bliain d'aois. Bhí sí fós an-óg agus bhí an mianach inti chun neart fós a dhéanamh. Ach déanta na fírinne, cé go raibh brón ar dhaoine a chloisteáil gur éag sí, ní raibh ionadh orthu de bharr an droch-chleachtais a bhí aici drugaí a chaitheamh.

Sasanach ab ea í ar chuir an saol mór aithne uirthi den chéad uair in 2003 nuair a eisíodh a céad albam, Frank. D'éirigh go geal leis an albam i Sasana agus i gcríocha eile ach ba é a halbam, Back to Black, a foilsíodh in 2006 a thuill an moladh ba mhó di.

Is ón albam niamhrach sin a chuala muid den chéad uair an t-amhrán cáiliúil, Rehab, a léirigh do chách cé chomh hiontach agus chomh héagsúil is a bhí sí mar amhránaí.

Ní raibh a macasamhail le cloisteáil ó éinne eile. Ba é an tríú albam is mó díol sa Ríocht Aontaithe i rith na 2000í agus bhuaigh sí cúig dhuais Grammy dó chomh maith.

Bhí iomrá uirthi mar cheoltóir a raibh cumas thar na bearta aici réimse leathan ceoil a sheinm, ó phop go rac go snagcheoil.

Chan sí amhráin ghleoite eile amhail Tears Dry On Their Own agus You Know I Am No Good.

Amhrán eile a chan sí ná Valerie de chuid na Zutons, a léirigh Mark Ronson. Thaitin an leagan níos tapúla seo den amhrán go mór le daoine agus cloistear go minic fós é.

In ainneoin an ratha, bhí sé amuigh uirthi go raibh a saol trína chéile agus bhí sí go mór i mbéal an phobail de bharr na bhfadhbanna a bhí aici.

Ba léir gur thaitin léi bheith ag ól ach ba ríshoiléir freisin gur ól sí an iomarca scaití agus bhí lorg an dí le feiceáil uirthi nuair a bhí sí ag canadh ag ceolchoirm nó beo ar an aer i rith craoladh éigin.

Dírigh na meáin chumarsáide isteach go minic ar a lochtanna agus a faillí agus chraobhscaoil siad don saol mór iad.

Phós sí pótaire ceart, Blake Fielder-Civil, in 2007 agus d'imir an bheirt acu drochthionchar ar a chéile. Cholscar said dhá bhliain ina dhiaidh sin. Chaith seisean seal mar chime de bharr duine a ionsaí agus a ghortú go dona. Cuireadh ina leith gur ionsaigh Amy a fear chéile tráth, ach shéan sí sin.

In aineoinn go ndeachaigh sí isteach in ionad athshlánaithe tráth, ní raibh sí in ann an lámh in uachtar a fháil ar a fadhbanna ná a handúil agus ba léir, luath nó mall, go dtarlódh tubaiste éigin mura n-éireodh léi í féin a chur ar bhealach a leasa.

Ní fios fós cad ba údar a bás ach tá a lán daoine den tuairim go raibh baint éigin ag drugaí leis. Más ea, is uafásach agus truamhéalach an scéal é mar ba dhuine í a raibh gnaoi an phobail uirthi i gcéin agus i gcóngar agus tá a bás ag goilliúint go mór ar lucht leanúna mar aon lena clann agus cairde.

Is mór an bhearna a d'fhág sí i saol an cheoil ina diaidh.

A séad samhail ní bheidh ann arís.

CLUB 27

Le bás Amy Winehouse tá ball úr ag Club 27, nó 27 Síoraí, na ceoltóirí clúiteacha sin a fuair bás agus iad ar an aois chéanna seo. Creidtear go mbíonn clú ar cheoltóirí go deo má chailltear go hóg iad agus go gcinntítear a stádas dá bharr. Seo cuid de bhaill Chlub 27 agus an t-amhras ar an dóigh a bhfuair siad bás.

Brian Jones, 1969: Duine de bhunaitheoirí The Rolling Stones. Báite i linn snámha.

Jimi Hendrix, 1970: Duine de na giotáirí is fearr riamh. Tachta ag a aiseag féin.

Janis Joplin, 1970: 'Banríon Rac is Roll'. Ródháileog drugaí.

Jim Morrison, 1971: Príomhcheoltóir agus scríbhneoir ceoil de chuid The Doors. Teip croí le fadhbanna alcóil agus drugaí.

Kurt Cobain, 1994: Bunaitheoir, príomhcheoltóir, giotáirí agus scríbhneoir ceoil de chuid Nirvana. Féinmharú.

FOCAIL
SEANÁN Ó COISTÍN 7 **IAN MAC MURCHAIDH**

lig scread!

ceol

Is fada muidne anseo ag nós* á rá go bhfuil géarghá le nuacheol Gaeilge agus tá beirt chailín óg as Indreabhán, Conamara, ar aon intinn linn agus albam d'amhráin nuascríofa chomhaimseartha díreach eisithe acu.

Gráinne Ní Bheoláin agus Róisín Ní Fhurrgais príomhbhaill an bhanna nua Scread a tháinig le chéile anuraidh chun cur isteach ar chomórtas áitiúil agus anois a bhfuil a gcéad albam, Réalt ag Titim, taifeadta agus féinfhoilsithe acu.

"Tháinig muid le chéile díreach os cionn bliain ó shin chun páirt a ghlacadh i gcomórtas cumtha amhránaíochta 'Stéibh 2010' a bhí á reáchtáil ag Óige na Gaeltachta," arsa Gráinne.

"Tharla sé gur bhuaigh muid an comórtas sin agus, nuair a fuair muid suim aigid le cur i dtreo taifeadta, d'airigh muid go raibh sé chomh maith céanna dúinn albam a chur le chéile.

"Is mé féin a scríobh an ceol agus Róisín a scríobh na liricí."

Tá naoi n-amhrán san iomlán ar Réalt ag Titim le meascán téamaí ó áilleacht a gceantair féin go cúrsaí grá agus fiú daoine óga a thagann go Conamara gach bliain chun Gaeilge a fhoghlaim ar chúrsaí samhraidh.

Tá meascán ceoil le cloisteáil ar an albam chomh maith, amhráin roc-pop le drumaí agus giotár leictreach, amhráin fhuaimiúla le giotár agus fidil mar aon le hionchur ó roinnt aoicheoltóirí.

Má tá éagsúlacht ann ó thaobh ábhar agus stíl na n-amhrán de, tá gach ceann acu scríofa agus seinnte as Gaeilge, rud atá an-tábhachtach don ghrúpa.

"Tá na hamhráin uilig scríofa againn féin i nGaeilge," arsa Róisín.

"Tá sé sin an-tábhachtach dúinn mar ceapann muid féin nach bhfuil a dhothain den saghas seo ceoil ann i nGaeilge; pop agus roc atá spraiúl, óg agus a thaitníonn le déagóirí agus daoine óga eile.

"Níl aon albam mar seo amuigh faoi láthair agus is fáth eile é sin a bhfuil tábhacht ar leith leis an gceann seo."

Tá súil ag Scread go spreagfaidh a gcumadóireacht féin níos mó daoine triail a bhaint as an rud céanna agus go mbeidh níos mó den cheol nua-aoiseach ar fáil i nGaeilge amach anseo.

Is ábhar dóchais é go bhfuil amhráin úra Ghaeilge, atá taitneamhach agus a bhfuil beocht iontu, á gcumadh agus á gceol ag déagóirí seo Chonamara agus go raibh an tacaíocht ar fáil dóibh lena bhfís a chur i gcríoch.

Beidh Gráinne agus Róisín ag coinneáil súil ghéar ar rath an chéad albaim seo ach cad atá i ndán don bhanna amach anseo?

"Is breá linn bheith ag ceol agus tá súil againn go mbeidh muid in ann roinnt gigeanna a dhéanamh sna míonna amach romhainn," ar siad. "Leanfaidh muid linn ag scríobh agus ag ceol agus is féidir linn a rá go mbeidh amhráin Scread i gcónaí as Gaeilge."

Dá mba mhian leat féin cluas éisteachta a thabhairt don bhanna Gaeilge is úire ar domhan, is féidir cóip de Réalt ag Titim a iarraidh ach rphost a chur chuig scread@live.ie

FOCAIL
DÓNALL MAC MURCHAIDH

Blas beoga nua-aimseartha ar theanga na nGael

Is amhránaí í Gráinne Holland atá i ndiaidh clú nach beag a bhaint amach le tamall de bhlianta anuas de bharr áilleacht chumhachtach a gutha agus de bharr an bhlais nua a thugann sí do réimse leathan d'amhráin Ghaelacha.

Aitheanta agus molta go hard ar chiorcad an cheoil thraidisiúnta ina cathair dhúchais féin, Béal Feirste, beidh deis ag an domhan ar fad anois aithne a chur ar a glór sainiúil mar go bhfuil a céad albam le heisiúint aici láithreach.

Teanga na nGael is teideal dó agus tugann sé léiriú uirbeach nua-aimseartha d'amhráin thraidisiúnta ar nós An tSeanbhean Bhocht, A Mhuire 's a Rí, An Seanduine Dóite agus Dónal na Gréine.

12 traic san iomlán atá ar an albam a bhfuil roinnt aoicheoltóirí iomráiteacha - Neil Martin, John McSherry agus Dónal O'Connor ina measc - le cloisteáil air agus a bhfuil paisean don cheird agus grá don dúchas le mothú go soiléir uaidh.

Ag Féile an Phobail anuraidh, a thiteann amach i mBéal Feirste gach samhradh agus atá ar na féilte pobail is mó san Eoraip, ba í Gráinne an ceoltóir tacaíochta ag gig mhór Damien Dempsey agus anois, 12 mí ar aghaidh, ag Féile na bliana seo beidh ceolchoirm speisialta aici Dé Máirt 2 Lúnasa i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich sa Cheathrú Ghaeltachta chun a halbam féin a sheoladh.

Tógadh Gráinne go dátheangach i nGaeilge agus i mBéarla sa chathair, áit ar fhreastail sí ar an chéad bhunscoil Ghaeilge ann, Bunscoil Phobal Feirste, agus meastar go mbeidh Gaeil na cathrach agus a lucht tacaíochta ó níos faide i gcéin uilig bailithe le chéile don oíche mhór.

Moltar do dhaoine ticéad a chur in áirithe go luath agus tá tuilleadh eolais faoin gig agus albam ar grainneholland.com

meáin na cumhachta

Tugann Ian Mac Murchaidh a léargas féin ar scannal NOTW. Ná déan dearmad, tá an ceart agat gan aontú leis...

I measc na gceisteanna éagsúla a tháinig faoin spotsolas de bharr scannal mór News of the World ar na mallaibh bhí an tionchar a imríonn News Corp, agus cathaoirleach na heagraíochta Rupert Murdoch ach go háirithe, ar pholaiteoirí agus ar an phobal sa Bhreatain.

Ach tá polaiteoirí na Breataine misniúil go leor den chéad úr riamh dul i ngleic le Muireadhach agus a chuid foilseachán agus tá deis acu smacht áirithe a choinneáil ar fhás a chumhachta dá bharr.

Tá próifíl shuntasach ag foilseacháin News Corp in earnáil na meán sa Bhreatain; The Sun, The Times agus, go dtí le déanaí, NOTW. Agus is leo 40% de BSKYB ina bhfuil Sky News ann.

Is mar gheall ar an tionchar atá acu sna meáin a bhí brú breise ar Rialtas na Breataine Murdoch a ghlacadh isteach chuig caint i dTeach na dTeachtaí i Londain nuair a shílfeá nach raibh stop leis an scannal bradaíola.

Bhí íomhá an cheannasaí athruithe as cuimse nó ba í an teachtaireacht a bhí sé ag iarraidh a chur trasna ná gur sheanfhear é a bhí as teagmháil le roinnt dá chuid fostaithe nuair a bhris siad an dlí.

Bhí sé ciúin go leor sa chaint, thug sé beagán focal mar fhreagra go minic.

Shíl sé go mbeadh sé in ann theacht tríd an tréimhse seo agus an méid cumhachta agus airgid aige sa deireadh agus a bhí roimhe seo.

Ach thit luach News Corp agus chuir polaiteoirí stop leis an phlean chun iomlán BSKYB (agus Sky News) a cheannach.

Agus le bás NOTW b'fhéidir go dtiocfadh deireadh le roinnt de na nósanna clúiteacha, agus bómánta, atá beo sa saol polaitíochta le blianta.

Gach seans nach mbeidh Príomh-Aire na Breataine agus a leithéidí eile a d'freastail ar bhainis eagarthóir nuachta de chuid News Corp, gach seans nach mbeidh siad ag freastal ar choisir shamhraidh na heagraíochta ná gach seans nach mbeidh siad ag freastal ar dhinnéir phríobháideacha leis an eagarthóir nuachta agus Rupert Murdoch.

Léiríonn na himeachtaí luaite thuas gur mhothaigh polaiteoirí an gá le caidreamh láidir a chruthú le News Corp agus d'admhaigh roinnt acu le déanaí go raibh siad buartha faoi thionchar an ghrúpa.

Is deacair locht a chur orthu mar thaispeáin NOTW and The Sun go ndéanfadh said damáiste d'íomhá phoiblí na bpolaiteoirí céanna dá dtitfeadh duine acu amach le News Corp.

Bhris said an scéal faoi pholaiteoirí a bhí homaighnéasach go rúnda agus chaill MP eile a áit ar choiste sa rialtas nuair a cháin sé News Corp go poiblí.

Tiocfaidh tuilleadh sonraí amach faoin scannal bradaíola agus déanfar níos mó dochair d'ainm News Corp sa Bhreatain ach beidh daoine fós ag amharc ar Sky News agus ag léamh an Sun agus The Times.

Beidh tionchar go fóill acu ar an phobal agus cumhacht ag an Uasal Murdoch dá bharr.

Is tábhachtaí áfach an tionchar a imríonn a gcuid nuachtán agus stáisiún nuachta sna Stáit Aontaithe, áit a bhfuil Fox News agus an Wall Street Journal acu i measc tograí eile.

Don té a raibh iontas air maidir le bradaíl NOTW, an caidreamh a bhí ag Murdoch le polaiteoirí agus a tionchar a bhíonn acu ar an pholaitíocht, mholfainn dó amharc ar an scannán faisnéise Outfoxed a phléann cur chuige Fox News agus na scannail eile nach gcluintear fúthu go minic.

Admhaíonn iriseoirí sa scannán gur cuireadh brú orthu bréag a insint go minic ar an teilifís, tugadh báta agus bóthar dóibh nuair a dhiúltaigh siad.

Theip orthu sa chúirt ina dhiaidh seo nuair a rialaigh an chúirt nach gá an fhirinne a insint ar an nuacht sna Stáit Aontaithe.

Léirigh an taighde sa scannán gur thug Fox News i bhfad níos mó ama d'iarrthóirí Poblachtacha ná na Daonlathaithe chun cuidiú le rialtas George W Bush ag am togháin.

Bhí brú iontach ar iriseoirí cloí le dearcadh polaitíochta Fox News agus Rupert Murdoch agus cáineadh go láidir iad as a mhalairt a dhéanamh.

Cibé cumhacht a bhíonn ag Muireadhach agus News Corp, tá rogha i gcónaí ag daoine gan amharc ar Sky nó FoxNews, gan na Times nó an Sun a léamh, agus fiú gan aontú le gach rud a léann siad.

Tá seans ann nach n-aontaíonn tú leis an alt seo. *

pósadh ar phinginí

FOCAIL **CAOIMHE NÍ CHATHAIL**

GRIANGHRAF **GERARD STOLK**

Tá an samhradh linn arís agus na céadta bainis ag tarlú fud fad na tíre le linn an tséasúir seo.

Anois, is bean rómánsúil mé, admhaím é, agus níl rud ar bith a thaitníonn liom níos mó ná bheith ag coimheád ar scannán grá nó deoir a chaoineadh ag bainis carad nó duine muinteartha.

Ach sin uile ráite, tá galar níos nimhe ná galar an ghrá i gceist leis na bainseacha seo ar fad, is é sin galar na géarchéime eacnamaíochta.

Níor mhaith liom smúid a chur ar an rómánsachas, ach bímis ionraic faoi, ní bhíonn an t-airgead ag daoine gúna galánta ná culaith snasta a chur orthu agus cuid mhór airgid a chaitheamh ar mhaithe le lá amháin san aimsir seo.

Ní hiad na lánúineacha atá ag pósadh atá i gceist agam, ach iad siúd a fhaigheann an clúdach bán damanta sin a thiteann ar urlár halla an tí ag an am seo bliana. Cuireadh cuireadh orm féin dul chuig bainis i mbliana agus tá na hullmhúcháin faoi lánseol agam.

Ní hé an gúna amháin a chosnaíonn ar na mná ach na bróga, an seodra, an ghruaig, an mála agus ná déanaigí dearmad ar an dath bréagach ar an chraiceann, na fabhraí bréagacha, na hiongacha (na cosa chomh maith leis na lámha) agus ansin an taisteal agus an lóistín.

Táthar ann a déarfadh nach bhfuil na rudaí seo ar fad a dhíth ar mhná ach bíonn gach bean ag iarraidh a bheith ag mothú go maith agus fios againn uile go mbeidh na mná eile atá ann ag amharc orainn agus ag déanamh breithiúnais orainn mura mbíonn muid ag amharc go maith.

Gan a bheith ag trácht ar an bhrú a thig ó na fir fosta, agus iad ag iarraidh go mbeadh cuma mhaith orainn os comhair a gcairde agus a ngaolta.

Buíochas le Dia, tá dóigheanna ann leis na pinginí a shábháil.

Is féidir dul chuig síopaí dara láimhe don ghúna, nó ceann a fháil ar iasacht ó chara, mar aon leis na bróga nó is féidir seanbhróga atá agat cheana féin a fháil daite ag gréasaí bróg le go rachadh siad leis an ghúna ar chostas chomh híseal le £10.

Thig an dath craicinn a dhéanamh tú féin, nó glacadh le craiceann geal nádúrtha na nGael mar atá sé!

Ar luach £10, an méid a d'íocfá ar fhabhraí bréagacha, is féidir mascara maith a cheannach a mhairfeadh cúpla mí ar a laghad agus in áit na hiongacha a fháil déanta go proifisiúnta, thig snas a dhéanfadh cúis a cheannach i gcógaslann ar bith ar chúpla punt.

Bheadh £10 eile ar do chuid gruaige a fháil curtha in airde ag gruagaire; cad chuige nach gcuirfeá ceist ar chara nó ar dhuine muinteartha atá maith ag a leithéid é a dhéanamh ar do shon?

Nó gabh chuig an choláiste traenála is congaraí duit; bíonn siad i gcónaí ag cuartú daoine le bheith ag cleachtadh orthu. Ní mór a rá nach fios cén chuma a bheadh air áfach!

Agus seo uile ráite agam, tá mé anois ag smaoineamh ar an méid atá caite agam ar an bhainis seo, agus ar an méid atá ag dul isteach sa chárta mar bhronntanas, ach ar an taobh eile den scéal tá mé ag smaoineamh ar an dóigh a mothóidh mé sa ghúna úr, bróga deasa, gruaig déanta, smideadh déanta agus mé den bharúil go gcaithfinn an méid céanna arís amárach.

Anois cá bhfuil an cárta creidmheasa sin? *

Raidió Fáilte

Gaeilge NUACHT ceol craic

107.1fm

www.raidiofailte.com

Foras na Gaeilge

arts council of Northern Ireland

DCAI Department of Culture, Arts and Leisure www.dcalni.gov.uk

Le tacaíocht ó / Supported by the Creative Industries Innovation Fund

an bhróin san Iorua

Telemark nuair a thosaigh na droch-scéalta ag teacht isteach

Thosaigh na tuairiscí ag teacht isteach faoin sléacht in Oileán Utøya de réir a chéile...

B'atmaisféar gruama a bhí sa sean-séipéal in Bø nuair a thug an grúpa 'Slagr' taispeántas ceoil don lucht féachana ciúin a bhailigh isteach ag 8in. Chas an tríréad meascán de cheol traidisiúnta agus aireagail a bhí an-bhog agus réidh. Tharraing fuaim an veidhlín hardanger, an dordveidhil agus an vibreafón go hálainn le chéile agus ba thaispeántas mistiúil, machnamhach a bhí ann.

Lasadh coinnle agus bhí an ghuí le brath go láidir sa teach pobail le linn na hócáide.

Cé gur chaith sé an lá ar fad ag cur báistí, d'éirigh le Dia gur stop sé in am do cheolchoirm mhór na hoíche amuigh faoin spéir ag 'Skogen Gård'.

Ba iad an banna Sualannach 'Rythms of Sweden' a thug faoin stáitse ar dtús agus ag teacht ina ndiaidh, 'Unni Boksasp Ensemble' ó Iarthar na hIorua.

Bhailigh an slua isteach go láidir nuair a tháinig an veidhleadóir áitiúil Torgeir Straand amach ar stáitse ag 10.30in chun na Dubliners a chur i láthair. Cuireadh fáilte bhríomhar rompu agus bhí sé suntasach go raibh áthas mór ar mhuintir na háite iad a bheith páirteach san fhéile den chéad uair.

Chas na Dubliners rogha mhaith dá gcuid clasaicí, ina measc Rocky Road to Dublin, Fáinne Geal an Lae, Whiskey in the Jar agus South Australia.

D'fhill Torgeir Straand ar an stáitse arís, an uair seo lena veidhlín hardanger chun an píosa ceoil a chum John Sheahan darb ainm 'Farewell to Harstad' a chasadh in éineacht leis an ngrúpa. Chum an Síochánach an píosa seo blianta fada ó shin, nuair a bhí uaigneas air ag fágáil 'Harstad', áit atá thuas i mullach na hIorua.

Bhí ríméad ar an lucht féachana Ingebjørg Bratland a fheiceáil ag teacht chun stáitse leo mar aoi speisialta gan choinne ach bhí an briseadh croí soiléir i measc an tslua, le gach duine i ngreim láimhe ina chéile don leagan corraitheach a rinne siad den 'Foggy Dew'.

Utøya a bhí ar intinn gach duine.

Chuaigh an fhéile ar aghaidh ar feadh an tSathairn agus an Domhnaigh, agus b'fhaoiseamh beag a bhí ann gur ghlan an bháisteach suas. Bhí aíonna den scoth a ghlac páirt sa chuid eile den fhéile, ina measc Odd Nordstoga, Ragnhild Furholt agus Astrid Skarpengland (ar fad ón Iorua).

Cuireadh críoch leis na himeachtaí san iarnóin ar an Domhnach le ceolchoirm aonair ó Ottar Kåsa ag Gairdín Brukås, áit a bhfuil seanteach feirme suite a tógadh in 1870. Tá an comhlacht 'tilTelemark' ag rith na feirme seo chun oidhreacht chultúrtha Telemark a spreagadh, ag comhoibriú le healaíontóirí, lucht ceirde, feirmeoirí agus gnónna áitiúla.

Bíonn ceolchoirm agus imeachtaí ar bun go rialta ann agus is féidir leo clár oibre a leagan amach do ghrúpaí éagsúla a thagann ar cuairt. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag www.tiltelemark.com

Cé gur scall an ghrian agus gur thug an ceol aoibhinn gné sócúlachta de chineál éigin don ócáid, bhí an t-atmaisféar dorcha agus na daoine ciúin. Ní raibh aon ghliondar ná áthas ag baint leis na bláthanna gleoite ná an nádúr álainn a bhí thart timpeall. Bhí an náisiún ag caoineadh.

Tagann scéal isteach faoi bhuama in Oslo

B'UAIR go leith álainn shuaimhneach a caitheadh ina dteanna agus tháinig deireadh leis an choirm díreach sular thosaigh an scéala tubaisteach i lár Osló ag teacht trasna ins na meáin.

Baineadh croitheadh aisteach as chuile dhuine.

Ní raibh ach spallaí cloiche, gloine bhriste agus deatach bán le feiceáil ar scáileán na teilifíse, áit a raibh chuile dhuine cruinnithe thart ag faire. Bhí chuile dhuine ag úsáid fón póca ag an am céanna le m'ais.

Bhí dath geal ar Ingebjørg, a bhí le bheith ar ais faoi seo ag a hárasán i lár Osló. Dúradh go raibh beirt marbh! Céard a tharla? Cén fáth? Cé a rinne é seo? Seo iad na ceisteanna a bhí siad ar fad a chur.

Is beag a cheap aon duine go bhféadfadh cúrsaí fáil tada níos measa ná mar a bhí tar éis na pléisce móire seo taobh amuigh d'fhoirgnimh an rialtais sa phríomhchathair, ach ní raibh scéal an uafáis ach ina thús ag 3.30in ar an Aoine 22ú Iúil.

Lá nach ndéanfar dearmad go brách air sa tír a bhí riamh chomh síochánta agus sábháilte.

NUACHT RÉIGIÚNACH

CONNACHTA NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Fear as Ros Muc cúisithe in iompar mígheanasach – ordaithe dó fanacht as an áit go fóilleach

Lenár dtuairisceoir

ATHRAÍODH na coinníollacha bannaí arú inné ar fhear as Ros Muc atá cúisithe in é féin a nochtadh in áit phoiblí.

Níl cead ag an bhfear seo cónaí i Ros Muc faoi láthair nó go bhfeicfear cén toradh a bheidh ar an gcúis atá le n-éisteacht sa gCúirt Dhúiche i nDoire an Fhia ar an 20ú lá de Mheán Fómhair.

Baineann an chúis seo leis an dlí faoi nochtadh mígheanasach colainne in áit phoiblí.

Ní raibh aon choinníoll faoin áit a gcuirfeadh an fear seo faoi ag baint leis an gcéad shocrú bannaí a rinneadh roinnt laethanta roimhe sin. Tháinig sé ar ais chun cónaí i Ros Muc.

Ach mhol na Gardaí sa gCúirt Dhúiche i nGaillimh an tseachtain seo an fear seo a chur faoi choinneáil mar, a dúradar, go raibh imní orthu i dtaobh aon eachtra eile idir seo agus éisteacht iomlán na gcúiseanna.

Shocraigh an Breitheamh go bhféadfadh an fear a bheith amuigh ar bannaí fós ach nach mbeadh cead aige a bheith i Ros Muc idir seo agus lá na trialach i nDoire an Fhia.

Tá dhá chúis eile curtha i leith an fhir seo freisin – ceann a bhaineann le hionsaí ar ghasúr (níl ionsaí mígheanasach ná gnéasúil i gceist) agus ceann eile a bhaineann le scian a beith aige in eachtra eile.

Níl cúlú ar bith i láthair ag rásaí na Gaillimhe

Treasa Bhreathnach

TIMPEALL an ama seo den bhliain cloistear fuaimeanna na héileacaptar i gceantar na Gaillimhe agus cé nach bhfuil sé chomh coitianta i mbliana agus a bhí, fós féin tá na sluaite ag freastal ar Rásaí na Gaillimhe agus iad ar fad sásta a gcuid airgid a chaitheamh. Tá súil go mbeidh timpeall 70 héileacaptar ag tuirlingt ar an bhféile i mbliana agus nuair a chuireann tú é sin i gcomparáid le Lá na mBan in 2007 nuair a bhí 320 héileacaptar ag tuirlingt, is mór an difríocht é. Tá níos lú daoine ag freastal ar an bhféile rásaíocht capall ná mar a bhí anuraidh agus níos lú airgid á chaitheamh acu ach ní hé sin le rá nach bhfuil na mílte euro á n-infheistiú in eacnamaíocht na Gaillimhe de bharr cúpla capall. Ar an Luan bhí 17, 570 duine i láthair i mBaile an Bhriotaigh agus iad sásta beagnach 1.5 milliún a chaitheamh leis na geallghlacadóirí, nó €1,464,826 le bheith cruinn.

Tá súil go dtabharfaidh an fhéile suas le €60 milliún isteach sa gcathair le 180,000 duine ag freastal ar an bhféile i mBaile an Bhriotaigh le linn na seachtaine. Tá praghsanna ar lóistín sa chathair tite 30% i gcomparáid le rátaí óstáin anuraidh. Ós rud é go bhfuil an oiread daoine agus airgid timpeall ar an gcathair, bíonn líon mór striapach i láthair don tseachtain. Gabhadh ceathrar ban a bhí i mbun drúthlann (brothel) a reáchtáil sa chathair ag tús na seachtaine seo agus cuireadh fíneáil de €300 an duine orthu. Freastalaíonn líon mór striapaigh eachtrannacha ar an gcathair le linn na féile agus gabhadh an ceathrar ban seo mar chuid d'oibriúcháin na nGardaí agus iad ag iarraidh smacht a choinneáil ar na gníomhaíochtaí mí-dhleathacha seo.

Na cailíní a bhí san iomaíocht do Bhanríon Fhéile Chuigéil 2011 i dTigh Lee, Leitir Mealláin oíche Dé Sathairn seo caite.

An damhsóir Gaelach is fearr sa tír á chuardach ag an Jig Gig

Treasa Bhreathnach

TÁ an tsraith theilifíse, 'An Jig Gig', ar ais arís ar TG4 i mbliana agus iad ag iarraidh go n-aimseofar na damhsóirí Gaelacha is fearr sa tír.

Beifear ag déanamh éisteachtaí do dhamhsóirí Gaelacha i nGaillimh amárach agus is é seo an seans deireanach a bheas agat chun éisteacht a dhéanamh don tsraith.

Táthar i mbun éisteachtaí faoi láthair ar fud na tíre. Glacfaidh siad le gach cineál damhsa Ghaelaigh ar an tsraith, idir dhamhsa na scuaibe, dhamhsa sean-nóis agus dhamhsa seite agus níl aon srian ar dhamhsóirí óga nó damhsóirí níos sine cur isteach ar an gcomórtas.

Is í láithreoir na sraithe ná Róisín Ní Thomáin, agus beidh triúir moltóir ag glacadh páirte sa tsraith

Imeachtaí Chonnacht

Féile an Dóilín, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe. 31 Iúil - 01 Lúnasa. Teil.: 087-7930212, Suíomh: www.doilin.com

Féile Cheol na Mara, Rinn Mhaoile, Co. na Gaillimhe. 31 Iúil - 05 Lúnasa. Teil.: 086-2668428, Suíomh: www.ceolnamara.ie

Féile na Mara, An Cloigeann, Co. na Gaillimhe. 31 Iúil - 05 Lúnasa. Suíomh: www.festivalofthesea.net

Féile Yeats agus Scoil Samhraidh Idirnáisiúnta Yeats, Sligeach. 24 Iúil - 05 Lúnasa. Teil.: 071- 9142693, Suíomh: www.yeats-sligo.com

Siamsa Sráide, Béal Átha na Muice, Co. Mhaigh Eo. 29 Iúil - 03 Lúnasa. Teil.: 086-8059172, R-phost: mellettj@iol.ie

Galileo's Choice, le Robert McNamara ar chlé, ag buachaint Tote Pick Six Maiden Hurdle ag Rásaí na Gaillimhe i mBaile an Bhriotaigh. PIC: DIARMUID GREENE / SPORTSFILE

ag coinneáil súil ghéar ar na hiomaitheoirí ar fad. Is iad na moltóirí ná: Breandán de Gallaí, iar-phríomhdhamhsóir le Riverdance; Dearbhla Lennon a bhí mar príomhdhamsóir ar Riverdance agus ar Lord of the Dance; agus Labhrás Sonaí Choilm Learaí atá aitheanta go maith mar dhamhsóir den scoth ar an sean-nós.

Is féidir iarratas a dhéanamh chun páirt a ghlacadh sa tsraith ach dul chuig www.tg4.ie/jiggig agus an fhoirm iarratais a líonadh amach nó téacs a sheoladh chuig 0863919474, nó fiú ríomhphost a sheoladh chuig fionafitz@adareproductions.ie

Cois Fharraige

Ceardlann Rince agus Ghluaiseachta d'Ealaíontóirí

Treasa Bhreathnach

BEIDH ceardlann rince agus ghluaiseachta á reáchtáil d'ealaíontóirí a bhfuil spéis acu i bhféidearthachtaí léiriúcháin agus mothúcháin chorpartha. Is i Seanscoil Sailearna, Indreabhán, a bheidh an cheardlann ar siúl, idir an 15 agus 19 Lúnasa. Is cuma cén príomhdhisciplín atá á chleachtadh ag na healaíontóirí ach an cheardlann ag díriú ar bhealaí chun teacht ar inspioráid nua chruthaitheachta. Bainfear úsáid as damhsa comhaimseartha, gluaiseacht údarach agus modhanna cumadóireachta Viewpoints agus Laban. Is í an damhsóir agus córagrafadóir Ríonach Ní Néill a bheas i mbun na ceardlainne agus reáchtálfar go hiomlán trí mheán na Gaeilge í. Tá an cheardlann á reáchtáil le maoiniú ó Ealaín na Gaeltachta Teo. Más mian leat d'áit a chur in áirithe nó tuilleadh eolais a fháil faoin gceardlann, is féidir teagmháil a dhéanamh le eolas@ciotog.ie

Annemarie Ryan ó Mhaigh Rua, Luimneach agus Emer Prenidiville ó Moyvanne, Co. Chiarraí ag Rásaí na Gaillimhe i mBaile an Bhriotaigh i rith na seachtaine. PIC: DIARMUID GREENE / SPORTSFILE

Caisleán ar díol!

Treasa Bhreathnach

AR smaoinigh tú riamh gur mhaith leat a bheith i do chónaí i gcaisleán? Bhuel, tá seans agat do dheis a thapú anois má tá €800,000 agat le spáráil. Tógadh Caisleán 'Strongfort' nó 'Cathair an Daingin' sa 15ú haois agus is iad sinsir Liam Concar (William the Conqueror) - muintir de Burgo - a bhí i mbun na hoibre tógála.

Rinneadh athchóiriú ar an gcaisleán seo agus anois tá trí sheomra codlata ann, chomh maith leis na gnáthsheomraí maireachtála agus iad ar fad cóirithe amach go hálainn.

Is mór an difríocht idir an bpraghas sa lá atá inniu ann agus sna 1850idí nuair a rinneadh meastacháin de phraghas 9 bpunt 7 scilling air. Is iad an comhlacht Maureen McKeown Estate Agents atá i mbun an díolacháin agus is féidir dul i dteagmháil leo trí ghlaoch ar 091 861000.

LAIGHIN NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Craobh Chonradh na Gaeilge athbhunaithe i mBaile Átha Luain

Seosamh Ó Riain

BUNAÍODH 'Gaeilge Átha Luain' ar na mallaibh agus sprioc leathan acu an Ghaeilge a chur chun cinn fud fad Bhaile Átha Luain. Tá siad ag dul ó neart go neart agus tá roinnt cruinnithe á reáchtáil acu le seachtainí beaga anuas chun cúrsaí Gaeilge a phlé chomh maith le moltaí éagsúla i leith feachtais ar son na teanga a scagadh. Mar thoradh air sin, foilseoidh siad plean oibre cuimsitheach gan mhoill do mhórcheantar Bhaile Átha Luain. I measc na n-imeachtaí a bheidh siad ag eagrú tá ciorcail chomhrá, oícheanta sóisialta, seoltaí leabhar agus cruinnithe poiblí. Tá siad ag iarraidh an scéal a scaipeadh i measc mhuintir na háite go bhfuil craobh Chonradh na Gaeilge athbhunaithe i mBaile Átha Luain agus má tá suim ag éinne sa teanga ann, cibé caighdeán Gaeilge atá acu, bheadh ríméad orthu cloisteáil uathu. Mar a deir an seanfhocal, ní neart go cur le chéile.

Is féidir libh dul i dteagmháil leo ag: gaeilge@drum.ie nó trína leathanach Facebook: facebook.com/gaeilge.athaluain

Dioplóma i UCD

Katie McGreal

TÁ spriocdháta d'iarratais don dioplóma sa Ghaeilge Fheidhmeach in UCD ag druidim linn, ar an 1 Lúnasa.

Is cúrsa páirtaimseartha dhá bhliain é. Beidh an chuid is mó de na léachtaí ar siúl ar an gCéadaoin idir 7 agus 9 san oíche. Is iad na riachtanais iontrála: grád D3 ar a laghad sa pháipéar ardleibhéil Gaeilge san Ardteist agus caighdeán sásúil san agallamh a bheadh ar siúl i mí Lúnasa do na hiarrthóirí rathúla.

Glacann UCD leis an dioplóma seo mar cháilíocht a thugann cead isteach sa dara bhliain den chúrsa BA sa Nua-Ghaeilge. Glacann an Roinn Oideachais agus Scileanna leis an dioplóma mar cháilíocht Ghaeilge don Chúrsa Iarchéime don Bhunmhúinteoireacht.

Tá costas €1250 in aghaidh na bliana ar an gcúrsa agus tá tuilleadh eolais ar fáil ar www.ucd.ie/fees. Tuilleadh eolais ar fáil faoin gcúrsa ó Kathleen ar 01 7168385 nó kathlenn.clune@ucd.ie/.

Peitreal níos saoire i rith na hoíche

Katie McGreal

ÍSLÍONN an stáisiún peitril Discount Fuel Deals i Ráth Miontáin, Baile Átha Cliath praghas an pheitril agus an díosail ar 2 cent idir 11 a chlog san oíche agus 7 a chlog ar maidin.

Bheartaigh bainisteoir an tsiopa, Tom O'Rourke, na praghsanna a ísliú thart ar bhliain ó shin. "Is ceantar dian é agus má tá an stáisiún gnóthach bíonn gach rud ceart go leor." Tá sé ag iarraidh tiománaithe tacsaí a mhealladh freisin mar ní ghlacann siad le haon trioblóid agus faigheann siad réidh le daoine trioblóideacha.

Ní dhéanann Tom aon mhargaíocht. Níl sé ag iarraidh go mbeadh gach duine eile á dhéanamh. Braitheann sé ar dhaoine an scéal a scaipeadh ó bhéal agus oibríonn sé. Tá láimhdeachas an tsiopa i ndiaidh ardú le bliain anuas agus tá Tom fíorshásta leis an straitéis.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 29 Iúil, 2011

Scaifte de na páistí ó Champa Bhaile na Manach ar thuras go dtí an zú leis na múinteoirí. PIC: MEADHBH NÍ DHÓNAILL

Imeachtaí Laighean

Ciorcal Comhrá, gach Aoine san Ionad Buail Isteach i mBaile Átha Cliath, 1 - 2

Castle Palooza, féile ceoil agus ealaíne i gCaisleán Charleville, An Tulach Mhór ag tosú inniu

Rás deich gciliméadar ó chalafort Dhún Laoghaire ar an Lá Saoire Bainc ag tosú ag 10rn.

Turas go dtí an Eilbhéis le Na Cnocadóirí, 5 - 10 Lúnasa. Tuilleadh eolais ó www.cnocadoiri.com

Oíche Filíochta agus Cheoil in ómós don fhile Albanach Somhairle MacGill-Eain

Seosamh Ó Riain

BEIDH filíocht agus ceol ar siúl i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath (UCD), Dé hAoine an 29 Iúil, in ómós don fhile Albanach Somhairle MacGill-Eain, a rugadh céad bliain ó shin. I measc na n-oirfideach beidh an t-amhránaí Albanach Christine Primrose, an fonnadóir Éireannach Saileog Ní Cheannabháin, agus filí an dá Ghaeilge: Nuala Ní Dhomhnaill, Biddy Jenkinson, Colm Breathnach, Meg Bateman, Pàdraig Mac Aoidh, Aifric Mac Aodha, Caitríona Ní Chléiricín. Tosóidh an seisiún ar 19.30 sa seomra caidrimh, B104, in Áras Newman (Foirgneamh na nEalaíon mar ab fhearr aithne air).

Tá fáilte roimh chách.

Is cuid í an ócáid seo de scoil samhraidh idirnáisiúnta a bheas ar siúl in UCD an 28-30 Iúil 2011. Tiocfaidh mic léinn agus scoláirí iomráiteacha as Éirinn agus as Albain le chéile chun an ceangal idir an litríocht agus an stair a phlé. Beidh na léachtaí bunaithe ar litríocht an dá thír, Éire agus Albain.

Is iad na hurraitheoirí:Colmcille, UCD (Scoil na Gaeilge, Roinn an Léinn Cheiltigh, Béaloideas Éireann agus na Teangeolaíochta, Institiúid na hÉireann don Léann Daonna, agus an Oifig Idirnáisiúnta), Sabhal Mòr Ostaig agus Ollscoil Dhún Éideann. Teagmháil: Órla Ní Chuilleanáin orla.nichuilleanain@ucd.ie nó Máire Ní Annracháin maire.niannrachain@ucd.ie, +353 1 7168278 / +353 86 8162974

Gaeilge an tSamhraidh i gCeatharlach

BHÍ tréimhse an-ghnóthach ag Glór Cheatharlach i rith mhí Iúil. Le Campa na nÓg, Campa Samhraidh agus Coláiste Samhraidh ar siúl i gCeatharlach bhí rud éigin ann do gach aoisghrúpa.

Cuireadh fáilte is fiche roimh pháistí óga chuig Campa na nÓg a bhí ar bun ar feadh seachtaine ó 11 go 15 Iúil. Is do bhuachaillí agus do chailíní idir ceithre agus sé bliana d'aois an campa agus bhain gach duine taitneamh agus spraoi as.

D'fhreastail caoga páiste idir seacht agus deich mbliana d'aois ar an gCampa Samhraidh trí Ghaeilge a mhair ar feadh seachtaine ó 18 go 22 Iúil.

Reáchtáladh an Coláiste Samhraidh i mbaile Cheatharlach den tríú bliain as a chéile. Mhair an cúrsa ar feadh coicíse ón 4 go 15 Iúil agus bhí breis is seachtó déagóir ag freastal ar an gcúrsa. Chaith na daltaí, idir 12 agus 18 bliain d'aois, dhá sheachtain an-taitneamhacha ag foghlaim na teanga agus ag glacadh páirte i ngach saghas gníomhaíochtaí.

Gabhann Glór Cheatharlach buíochas ó chroí le gach duine a bhí páirteach i nGaeilge an tSamhraidh i mbliana. Is cinnte go mbeidh éileamh ar áiteanna ar na campaí arís an samhradh seo chugainn, ach ní foláir clárú go luath chun áit a chinntiú. Eolas ar fáil ó Ghlór Cheatharlach ar 059-9158105, 085-1340047 nó ar www.glorcheatharlach.ie

Na ceannairí ag stiúradh na n-imeachtaí ag Campa Samhraidh, eagraithe ag Glór Cheatharlach.

MUMHAIN
NUACHT



Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelsceal.ie

Tús á chur le Féile na Laoch

Seán Ó Loingsigh

CUIRFEAR tús le Féile na Laoch i gCúil Aodha anocht (Dé hAoine) le paráid ó láthair an tí mar a raibh cónaí ar an gcumadóir Seán Ó Riada go dtí go bhfuair sé bás 40 bliain ó shin.

Tá tóirse le lasadh ón tinteán sa tigh mar a bhfuil cónaí sa lá atá inniu ann ar a mhac, an cumadóir Peadar Ó Riada, agus a chlann siúd.

Beidh mórshiúl ansin, le laochra na n-ealaíon Gaelach chun tosaigh, go sráidbhaile Chúil Aodha mar a n-ardóidh sliocht mhuintir Uí Loingsigh brat na féile.

Is é Páidí Ó Lionáird, láithreoir teilifíse agus colúnaí le Gaelscéal, a bheidh mar fhear an tí do chéilí stairiúil faoin spéir a reáchtálfar leis an gceoltóir Séamus Ó Beaglaoich agus a chairde i gclós Shéipéal Chúil Aodha mar a bhfuil an dealbh de Sheán Ó Riada a cuireadh in airde ag ócáid chuimhneacháin ann i mí Lúnasa 2008. Beidh céilí faoi dhíon níos déanaí in Óstán Ghobnatan i mBaile Bhúirne.

Beidh Páidí Ó Lionáird mar chathaoirleach ar dhíospóireacht a bheidh ar bun ag an bhféile i rith an lae amáraigh (Dé Sathairn) chun oidhreacht Sheáin Uí Riada a phlé agus tá scannáin a bhaineann le dúchas ceoil agus amhránaíochta an cheantair le cur i láthair ag an scannánaí aitheanta Dónal Ó Céileachair i rith na maidine.

Cuirfear leis an ngleo i mBaile Bhúirne le taispeántas de seanghluaisteáin agus gluaisrothair Honda 50, agus táthar ag cur béime ar na cluichí Gaelacha go raibh meas mór ag Seán Ó Riada orthu le comórtas peile d'fhoirne mionúr an cheantair i bPáirc Choláiste Íosagáin.

Táthar ag súil go mór leis an gceol eaglaise de chuid Sheáin Uí Riada a chuirfidh Cór Chúil Aodha agus Cór na Sagart, Má Nuad i láthair i Séipéal Chúil Aodha tráthnóna amárach. Canfaidh an dá chór ceol cáiliúil Aifreann 1 an Riadaigh ag an aifreann sa séipéal maidin Dé Domhnaigh.

Beidh díospóireacht ar 'Thábhacht na Meithle san lá atá inniu ann' ar 2.00 Dé Domhnaigh le leithéidí iarcheannaire an Chomhaontais Ghlais, Trevor Sargent, agus aoichainteoirí eile. Chuir ceannaire Shinn Féin, Gerry Adams, síos ar spiorad na meithle nuair a sheol sé clár imeachtaí Fhéile na Laoch i mBaile Bhúirne le déanaí.

Is í an Aeraíocht i bpáirc peile Chúil Aodha oíche Dé Domhnaigh príomh-imeacht na féile agus tá sé i gceist go mbeidh paráid de na haíonna a bheidh ag glacadh páirte inti ón séipéal i gCúil Aodha ar a 8.30.

Tá na hamhránaithe Seán Ó Sé, Eoiní agus Danny Maidhcí Ó Súileabháin, Josie Sheáin Jeaic, Christy Moore, Glen Hansard agus Cara O'Sullivan ar chlár na hAeraíochta, chomh maith leis na ceoltóirí Tony McMahon, Micheál Ó Ruairc, Steve Wickham agus Martin Hayes, agus na tráchtairí Micheál Ó Muircheartaigh agus Charlie Bird. Beidh cur i láthair filíochta á dhéanamh chomh maith le leithéidí Nuala Rua Ní Dhomhnaill agus Paul Muldoon.

Sroichfear buaic na hAeraíochta le breacadh an lae Lá Lúnasa, breithlá Sheáin Uí Riada, nuair a sheinnfidh ceolfhoireann an scór ceoil a chum an Riadach don scannán Mise Éire. Beidh téama na lúthchleasaíochta chun cinn san imeacht seo chomh maith mar go bhfuil sé i gceist go dtabharfaidh na laochra spóirt Seán Óg Ó hAilpín, Antaine Ó Loingsigh, Dara Ó Sé agus a gcomhghleacaithe taispeántas d'imirt na gcluichí Gaelacha ag deireadh na hAeraíochta.

Táthar ag súil go mór chomh maith leis an léacht ar Sheán Ó Riada a thabharfaidh iarscoláire dá chuid, an tOllamh Micheál Ó Súilleabháin, gur bhronn Peadar Ó Riada Gradam na gCeoltóirí air ag Gradaim Cheoil TG4 i Loch Garman níos luaithe i mbliana, léacht a bheidh ar bun ag am lóin in Óstán Gobnatan. Roimhe sin san óstán beidh an file Gabriel Fitzmaurice ag cur síos ar an bhfealsúnaí cailiúil ó Chiarraí, John Moriarty, a d'imigh ar shlí na fírinne cúpla bliain ó shin.

Tá imeachtaí cuimhneacháin Fhéile na Laoch á reáchtáil saor in aisce don phobal mar chomóradh speisialta ar an Riadach. Rugadh Seán Ó Riada ar 1 Lúnasa 1931 agus fuair sé bás 40 bliain ó shin ar 3 Deireadh Fómhair 1971.

Múscraí

Straitéis pleanála leagtha amach i bPleananna Cheantair Áitiúla Chontae Chorcaí

Seán Ó Loingsigh

AG cruinniú de Chomhairle Contae Chorcaí Dé Luain seo caite glacadh go foirmiúil le Pleananna nua Ceantair Áitiúil don deich dtoghcheantar i gCo. Chorcaí, toghcheantair Mhaigh Chromtha agus Sciobairín mar a bhfuil Gaeltacht Mhúscraí agus Cléire san áireamh.

B'í seo críoch le próiseas fada chun na Pleananna Ceantar Áitiúla a réiteach ó foilsíodh na dréachtphleananna i mí na Samhna anuraidh.

Beidh na pleananna nua, ar glacadh leo chomh maith ag cruinniú na seachtaine seo mar athrú atá le déanamh ar Phlean Forbartha an Chontae 2009, i bhfeidhm go 2020. Leagtar amach cuspóirí agus straitéis pleanála na Comhairle don naoi mbliana atá romhainn.

Ceann des na hathruithe is mó atá le feiscint sna pleananna ná an t-athrú suntasach atá tagtha ar pholasaí na Comhairle maidir le tailte zónálta le haghaidh tithíochta.

Níl aon limistéar zónálta le haghaidh fhorbairt tithíochta i nGaeltacht Mhúscraí ach déantar tagairt i bPlean Ceantair Áitiúil Thoghcheantar Mhaigh Chromtha d'fhorbairt 12 tigh i mBéal Átha a'n Ghaorthaidh go bhfuil cead tugtha dóibh cheana féin.

Meastar i bPlean Ceantair Áitiúil Thoghcheantar an Sciobairín nach bhfuil sé cóir limistéir a leagadh amach le haghaidh zónála ar Cléire agus go mbeidh srian ar fhorbairtí an dara tigh ar an oileán ach amháin i gcásanna go mbeadh athchóiriú le déanamh ar thithe dá leithéid atá ann cheana féin.

Táthar ag cur béime ar an ngá atá le líon na n-áitritheoirí a bheadh ag cónaí ar an oileán i rith na bliana go léir a mhéadú.

Ag cruinniú speisialta de chuid na Comhairle a tionóladh an tseachtain seo caite chun leasuithe ar na dréachtphleananna a phlé, glacadh le leasú a mhol stádas zónála a choimeád do shuíomh Choláiste Íosagáin i mBaile Bhúirne.

I bPlean Áitiúil Thoghcheantar Mhaigh Chromtha 2005 go 2011 deineadh tagairt do Choláiste Íosagáin mar shuíomh go mbeadh deis ann é a fhorbairt mar láthair turasóireachta agus fheidhmeanna meascaithe. Nuair a foilsíodh Dréachtphlean nua Ceantair Áitiúil Mhaigh Chromtha i mí na Samhna anuraidh ní raibh aon tagairt ann don chuspóir zónála seo.

Moladh i leasú a foilsíodh i mí Aibreáin go gcuirfí an cuspóir zónála san áireamh agus luíodh Coláiste Íosagáin mar shuíomh go bhféadfaí an sean-scoil ann a fhorbairt le haghaidh fhorbairt turasóireachta, pobail agus tuaithe. Léiríodh go soiléir sa leasú go raibh feidhmeanna forbartha meascaithe bainte as an gcuspóir zónála.

Sheol Údarás na Gaeltachta aighneacht go dtí an gComhairle Contae i mí na Bealtaine ag iarraidh go gcuirfí feidhmeanna forbartha meascaithe san áireamh sa chuspóir zónála agus go ndéanfaí athrú ar na teorainneacha a bhaineann leis an limistéar zónála ar an léarscáil. Bhí sé seo á mholadh ag an Údarás ionas nach gcuirfí srian ar a gcumas forbairtí a chur chun cinn i gceantar Bhaile Bhúirne.

Ag an gcruinniú speisialta faoi leasuithe na ndréachtphleananna mhol an comhairleoir Aindrias Ó Muimhneacháin ó Chúil Aodha go gcuirfí na feidhmeanna forbartha meascaithe san áireamh sa chuspóir agus go luafaí iad go sonrach (fostaíocht, fiontair bheaga agus mheánmhéide, agus tionsclaíocht oifig bhunaithe) mar a bhí á lorg ag Údarás na Gaeltachta.

Dúirt pleanálaí sinsearach na Comhairle, Andrew Hind, gur gné nua a bheadh ann na feidhmeanna forbartha mheascaithe a lua go sonrach.

Le brú ón gComhairleoir Ó Muimhneacháin, agus le tacaíocht ó na comhairleoirí Michael Creed agus Martin Coughlan, ghlac an pleanálaí leis nach gcuirfeadh an t-easnamh cosc ar na feidhmeanna sin a bheith i gceist i bhforbairtí, ach nach mbeadh sé cóir na feidhmeanna a lua go sonrach mar nach raibh an fhoclaíocht sin faoi bhráid an phobail sa phróiseas comhairliúcháin phoiblí a bhain le Dréachtphlean Ceantair Áitiúil Thoghcheantar Mhaigh Chromtha.

Mhínigh an pleanálaí nach bhféadfaí athrú a bhí á lorg ag Údarás na Gaeltachta maidir leis an talamh zónála i bpáirc an Choláiste a chur i bhfeidhm.

Lá Spraoi ag CLG Chill na Martra i nGaeltacht Mhúscraí ar an Domhnach seo caite. Foireann tarraingthe téide Thábhairne Uí Scanaill, Baile Mhic Íre faoi stiúir an bhainisteora, PJ Ó CATHÁIN.

Scéalta Chorca Dhuibhne

Breandán Mac Gearailt

Leabhar Nua Risteáird Mhic Anraoi

DHEINEAS sracthagairt cheana don scríbhneoir Risteárd Mac Anraoi a saolaíodh i Sasana agus a chaith blianta i gCorca Dhuibhne i mbun Chló Dhún Chaoin, ach atá ag cur fé i gCorcaigh le roinnt mhaith blianta.

Le déanaí seoladh leabhar taibhseach dá chuid i gColáiste Ollscoile

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 29 Iúil, 2011

Ciara Ní Bhuachalla ó Bhaile Cloch, a bhuaigh Craobh na Mumhan i gcomórtas babhlála na mban faoi 16 i mBaile Bhúirne le cathaoirleach Chumann Bollaí na hÉireann, Susan Greene agus Megan Ní Choileáin, Baile na Corra a tháinig sa dara háit. PIC: Ó LOINGSIGH

Chorcaí a thugann tuairisc shuimiúil chuimsitheach ar shaol Dr John Rutty (1698 - 1775) of Dublin.

D'admhaigh Risteárd go raibh scata leabhar scríofa aige, mar shampla Merchants, Mystics and Philanthropists agus A Biographical Dictionary of Irish Quakers, ach is i nGaeilge a bheidh an chéad cheann eile.

Fear é Risteárd go bhfuil mórán sraitheanna ar a iomairí. Bhí, agus tá, baint aige le cúis na Coirnise agus is ábhar mór áthais dó go bhfuil líon na gcainteoirí Coirnise i gCorn na Breataine méadaithe go mór le blianta beaga. Bheadh an líon cainteoirí Coirnise anois ós cionn trí mhíle duine. Bhí an teanga marbh ar feadh na mblianta óir fuair an cainteoir dúchais deireanach bás i lár na naoú haoise déag. Gan dabht tá, agus bhí, le fada an-suim ag Risteárd i dtodhchaí na Gaolainne óir, tugann sé geábhanna ar Chorca Dhuibhne go rialta.

Cúrsaí Sláinte

FAD agus atá sé te ag lucht léirsithe i leith cúrsaí sláinte, ní mó ná sásta atá baill de Choiste Sláinte Chorca Dhuibhne ach oiread.

Dúirt urlabhraí linn go raibh sé ráite mí ó shin ag an Aire Sláinte in agallamh ar an teilifís go mbeadh sé ag dírialú coras na gcártaí leighis i gcás na ndochtúirí teaghlaigh laistigh de sheachtain nó dhó. Dúirt an t-urlabhraí gur seoladh litir go dtí an tAire fén ábhar seo, ach go príomhá fé dhearcadh go leor den phobal in Iarthar Duibhneach i leith South Doc, ach nár chualathas duan ná nóta uaidh ó shin. "Is dócha," arsa ball den choiste, agus blas beag searbh le brath ar a ghuth, "go rabhdar róthógtha leis na leasainmneacha a bhí á gcasadh acu le chéile, le freagra a thabhairt orainne."

Coláistí sásta le líon na scoláirí

"NÍL aon mhórchúrsaí gearáin againn," a dúirt Bainisteoir Chomharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne, Gearóid Ó Brosnacháin, agus é ag tagairt don líon scoláirí atá ag freastal i mbliana ar na cúrsaí d'fhoghlaimeoirí Gaeilge a eagraíonn an Comharchumann ar fud na Gaeltachta anseo.

"Beidh timpeall an líon céanna scoláirí againn i mbliana agus a bhí anuraidh, sin timpeall 2,000 scoláire," arsa Gearóid.

Le blianta maithe tá fadhb, dar leis, ag beagnach gach dream a eagraíonn cúrsaí do mhí Lúnasa.

"Is dócha go bhfuil a mhíniú féin ag gach éinne," dar leis, "ach inár gcásna fuinimid de réir na mine agus deinimíd gach iarracht cothrom na Féinne a thabhairt do gach Bean Tí, mar tá titim mhór ar an líon scoláirí a fhreastlaíonn ar chúrsaí le linn mhí Lúnasa le ladhar mhaith blianta."

Ráiseanna Naomhóg

FAD agus a bhí brat ceo ar fhormhór an cheantair le linn an deireadh seachtaine seo tharainn, go mórmhór ar an Domhnach, bhí lá breá ar thrá Fhionntrá. Bhí iliomad comórtas agus áiseanna caitheamh aimsire ann maraon leis na ráiseanna naomhóg.

Seo cuid de Thorthaí na Ráiseanna Naomhóg.

Rás mór na bhFear: an Machaire.
Rás Mór na mBan: an Machaire.
Rás fé bhun 18 bl: an Daingean.
Ras fé bhun 16 bl: an Daingean.
Rás fé bhun 12 bl: an Daingean.
Rás Fear agus Ban: an Machaire.
Laoch na bhFear: Jeaicí Goodwin ó na Machairí
Laoch na mBan: Eibhlín Ní Chuirc, ó na Machairí.

B'é seo an chéad uair go raibh rás cadhcanna (kayaks) ann agus bhí an lá le hOisín Ó Sé ón Daingean sa chomórtas fé 18 bl. agus le Liam Mac Gabhann ó Bhaile an Fheirtéaraigh sa chomórtas do dhaoine fásta. Bríde Snell agus Brenda Nic Ginneá Ní Shúilleabháin, a bhuaigh an comórtas filíochta. Orthu siúd a bhuaigh duaiseanna sa bhFeis bhí Neilí Breathnach, Máire Ní Chathasaigh, Máiréad Ní Luasa, Lilí Ní Ghloinn agus Aoibhe Ní Gháirbhia.

Cic Fada. Fé 12 bl: Dónal Ó Nuanáin, an Daingean. Fé 18 bl: Ciarán Ó Coileáin, Baile an Rannaigh. Daoine Fásta, Pól Mac Mánais, a bhí ar saoire sa cheantar. Bhí 26 grúpa páistí ag féachaint le chéile i gcomórtas na gcaisleán gainimh agus is iad Clann Uí Chonchúir ó Mhám an Óraigh a bhuaigh. Ardlá ab ea é, dar le Siobhán Nic Uidhir, duine den lucht eagair, agus mheas sí go raibh sé ar an lá ab fhearr a bhí acu ó tosnaíodar cúig bliana déag ó shin (cé go raibh imeachtaí mar shiúlóid an pharóiste agus rothaíocht timpeall Cheann Sléibhe ar bun ar an Satharn). B'ionadh léi an slua mór a bhí i láthair ó chian agus ó chongar, ainneoin an lagtrá eacnamaíochta.

"Bhí an-choimhlint ins gach comórtas, an-spraoi agus an-chaireadas. Fiú bhaineadar siúd a bhí ag an 26 bord i dTráth na gCeist an-sásamh as na ceisteanna, go mórmhór na cinn fé stair an pharóiste," dar léi. Sa chomórtas caite cruite is Meiriceánach, Bob Geraghty, gur léir go raibh an-taithí aige ar na cruite, a bhuaigh, ach ní raibh Seán Ó Lúing ó Fhán, rófhada ina dhiaidh.

Féile Lios Póil

TÁ muintir Lios Póil ag súil go mbeidh ádh aimsire orthu, mar a bhí ar a gcomharsana i bhFionntrá an deireadh seachtaine seo caite, mar tosnóidh Féile Lios Póil anocht, Dé hAoine.

Is é Micheál Ó Muircheartaigh a sheolfaidh an Fhéile a leanfaidh go tráthnóna Dé Céadaoin. Maidin amárach, Dé Sathairn, ar 10.30rn beidh ceann de na comórtais is mó gaisce agus spraoi ar bun, is é sin an rás ó Lios Deargáin go barr an Struicín, an cnoc is airde i Lios Póil. Bronntar an gradam Banríon agus Rí an pharóiste ar feadh na bliana ar an gcéad fhear agus ar an gcéad bhean a shroicheann an barr. Sa chomórtas Bréagfheistis ar an Satharn, tá ráite linn go mbeifear ag súil le feistis lámhdhéanta, le samhlaíocht, cruthaitheacht agus na teidil i nGaolainn. Ar an iliomad comórtas eile tá comórtais rannóg na gcaorach, cinn cnoic agus tailte ísle, trialacha madraí caorach, comórtais lúthchleasa, obair snáthaide, cócaireacht, bláthanna, prátaí, meacáin, taispeántais ealaíne, rás na dtuismitheoirí, rás timpeall an pharóiste ar an gCéadaoin ag tosnú ag Garraí na dTor agus Rás Lachan ar Abhainn an Lóndraigh ar an Máirt. Roghnófar pearsa na bliana ar an Domhnach.

Easpa anama i measc lucht tacaíochta na Gaeltachta?

"Cén saghas lucht tacaíochta sibh," arsa fear ó lártíre liom an Satharn seo caite. Bhí sé ag tagairt do lucht tacaíochta fhoireann caide na Gaeltachta sa chluiche sraithe idir Crócaigh Chill Airne agus An Ghaeltacht i bpáirc chaide Ghallaruis.

Bhuaigh na Crócaigh le dhá chúilín, 1- 14 v 1-12. Bhí na Crócaigh chun cinn go mór i dtosach, ach ba bheag nár bhain An Ghaeltacht an bonn uathu ar deireadh.

Mheas an stráinséar nach raibh gáir ná liú tacaíochta le clos, ach bualadh bog bos, "fiú nuair a fuair sibh báide. Ní chuirfeadh sé seo dada i gcuimhne duit ach cluiche cricéid idir dhá fhoireann Shasanacha ag imirt ar fhaiche An Oval, nó a leithéid. Dia le m'anam," ar sé.

"Ní fhaca a leithéid riamh agus le cur leis an aithis, tá slua breá i láthair anseo, rud a d'ardódh croí aon imreora dá mbeadh aon anam sa lucht tacaíochta. Caithfidh go bhfuil geasa éigin orthu," ar sé.

Seachtain na gcluichí ceannais babhlála

Seán Ó Loingsigh

I gcluiche ceannais Chraobhchomórtas Babhlála Mumhan na mban fé 16 a himríodh i mBaile Bhúirne oíche Dé hAoine seo caite bhuaigh Ciara Ní Bhuachalla ó Bhaile Cloch ar Megan Ní Choileáin ó Bhaile na Corra ar an gcúrsa bóthair ag crosaire Shráid an Mhuilinn.

Ba í cathaoirleach Ból-Chumann na hÉireann Susan Greene a bhronn Corn na Mumhan ar Chiara Ní Bhuachalla, agus bronnadh trófaithe ar an mbeirt bhabhlálaithe. Beidh Ciara ag imirt i gCraobh Éireann na mban fé 16 a bheidh ar bun an deireadh seachtaine seo i gCéide, Co. Ard Mhacha.

Tá sraith cluichí ceannais babhlála á n-imirt i gceantar Mhúscraí faoi láthair. I gCraobhchomórtas Sóisear C Réigiún Ghaeltacht Mhúscraí a himríodh i Réidh na nDoirí tráthnóna Dé Domhnaigh seo caite bhí an bua ag Breandán Ó Ceallacháin ar Pháidí Ó Murchú.

D'fhreastail 60 duine ar an 'scór' a himríodh ar chúrsa breis is míle de bhóthar i dtreo Bhéal an Ghleanna agus cuireadh €2,400 de gheallta san iomlán idir lucht tacaíochta na beirte. Ba é Tim Ó Conaill ó Bhól-Chumann Réidh na nDoirí a bhí mar réiteoir ar an gcluiche agus ba é Pete Ó hÉalaithe ó Bhól-Chumann na hÉireann, Réigiún na Gaeltachta, a bhronn corn cuimhneacháin Peter Healy i gcuimhne a athar ar Bhreandán Ó Ceallacháin.

I gcluiche ceannais Chraobhchomórtas Babhlála Nóibhíseach B a himríodh i gCluain Droichead tráthnóna Dé Luain bhí an bua ag Patrick Browne ó Chill na Martra in aghaidh Damien Burns ó Bhán Mór. Bhí a dheartháir Henry Browne ag imirt i gcluiche ceannais Chraobhchomórtas Nóibhíseach D na Gaeltachta a himríodh i mBaile Bhúirne an tráthnóna dár gcionn (Dé Máirt), cluiche a chaill sé in aghaidh Shane Buttimer ó Bhól-chumann Chill na Martra chomh maith.

Tá sé chumann de chuid Bhól-Chumann na hÉireann i Réigiún

ULAIDH NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Aiséirí Ghaeltacht Thír Eoghain

Anton Mac Cába

BEIDH paróiste i lár Thír Eoghain ag pilleadh ar a dhúchas Gaeilge an mhí seo chugainn. Tá sé céad bliain ó bhí Aeridheacht an Chaisleáin Ghlais ann den chéad uair. Ba Ghaeltacht an paróiste ag an am sin.

Beidh Scoil Samhraidh ina comharba ar an Aeridheacht, ón 15ú go dtí an 19ú Lúnasa. Beidh seo díríthe ar dhaoine idir 12 agus 16. Beidh idir ghníomhaíochtaí, thurasanna, agus imeachtaí ann - uilig trí Ghaeilge.

Is í Sinéad Ní Mhearnóg duine de na heagraithe. Dar léi gur spreagadh sa bhreis atá ann "nuair atá a fhios agat go bhfuil tú ag cruthú nasc lenár sinsir a tháinig romhainn."

Tháinig sí ar an eolas faoin Ghaeilge sa cheantar agus í ag déanamh taighde mar mhac léinn in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. "Bhuel bhí a fhios agam go raibh Gaeilge ins an cheantar am éigin, mar a bhí i ngach Ghalltacht eile sa tír, ach ní raibh a fhios agam go raibh Gaeilgeoirí dúchasacha ann go dtí na 1950í, na 1960í," ar sise.

Leis, tá an Ghaelscolaíocht ag dul chun cinn i dTír Eoghain. Beidh Gaelscoil na Deirge ag oscailt i gCaisleán na Deirge mí Mheán Fómhair 2012. Tá sin lámh le hAchadh Uí Áráin, mar a raibh tréan Gaeilge ag tús an 20ú céad. D'fhógair Comhairle na Gaelscolaíochta go bhfuil an Gaeilgeoir aitheanta Máiréad Uí Mháirtín le bheith ina hiontaobhaí ag Gaelscoil Aodha Rua i nDún Geanainn. Is iarChathaoirleach ar Fhoras na Gaeilge í Bean Uí Mháirtín. Tá Gaelscoil Aodha Rua le hoscailt mí Mheán Fómhair.

Fadhbanna Páirceála Charraig Airt

Anton Mac Cába

TÁ an bheirt teachta de chuid Shinn Féin ó Dhún na nGall chun bualadh le

'Ionsaí á dhéanamh ar Sheirbhís Phráinne Dochtúra Ghinearálta': IMPACT

Danny Brown

TÁ imní ar cheardchumannaithe agus ar ghníomhaithe pobail in Iarthuaisceart Dhún na nGall go bhfuil Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) ag gearradh siar ar sheirbhísí NoWDOC, Seirbhís Phráinne Dochtúra Ghinearálta lasmuigh de ghnáthuaireanta, atá i bhfeidhm sa cheantar.

Dúirt Richie Carrothers as an cheardchumann IMPACT gur ionsaí ar an tseirbhís a bhí ann nuair a d'fhógair an FSS go raibh siad le 16 oibrí a aistriú ó na Doirí Beaga, Carn Domhnach, Tamhnach an tSalainn agus Cora Droma Rúisc go dtí ionaid eile sa tseirbhís sláinte.

Bíonn na daoine atá le haistriú ag láimhseáil glaonna gutháin agus ag feidhmiú mar fháilteoirí ag na hionaid go háitiúil agus deir Carrothers go mbeidh daoine ag dul chuig na hionaid sin le páistí nó le seandaoine atá tinn agus go mbeidh na doirse faoi ghlas de thairbhe nach mbeidh na hoibrithe fostaithe go háitiúil níos mó.

Tá an FSS ag tabhairt na scéime nua isteach faoi théarmaí chomhaontú Pháirc an Chrócaigh ach deir Carrothers go sáraíonn sí an comhaontú sin agus tá gearán déanta ag an cheardchumann le comhlacht feidhmithe na seirbhíse sláinte. Dúirt sé fosta gur ionsaí a bhí ann ar dhaoine atá ina gcónaí faoin tuath mar go mbíonn siad ag brath ar sheirbhísí NoWDOC dá seirbhís sláinte nuair a bhíonn oifigí na ndochtúirí áitiúla druidte.

An Dr A.J. Hughes, cathaoirleach Chumann Cultúrtha Mhic Reachtain, i rith a ranga Gaeilge i Scoil Samhraidh Mhic Reachtain. PIC: JIM CORR

Orlagh McMenamin ag stiúradh Alicia Walsh, Eimear Keatings agus Éadaoin Morgan ag Scoil Samhraidh Mhic Reachtain. PIC: JIM CORR

hoifigh shinsearacha sna Gardaí maidir le cúrsaí póilíneachta i mbaile ar imeall na Gaeltachta. Tá áitritheoirí ag gearán go bhfuil gardaí áitiúla ar an Charraig Airt ag gearradh an iomarca pionós páirceála. Dar leo go bhfuil suas le deich n-oiread pionós dá ngearradh agus atá á ngearradh i gceantar inchomparáide ar bith.

Deir cuid de na háitritheoirí gur gearradh pionós orthu agus iad ag páirceáil ar a gcuid talún féin. Coicís ó shoin fuarthas triúr ón aon teaghlach amháin ciontach ag cúirt Bhaile na nGallóglach as bheith ag páirceáil go mídhleathach. Dúirt an triúr gur ar a gcuid talún féin a bhí siad.

Tá na teachtaí Pádraig Mac Lochlainn agus Piarás Ó Dochartaigh chun bualadh le hArd-Cheannfort na nGardaí i nDún na nGall. Muna n-éiríonn leis an chruinniú, rachaidh siad go Coiminsinéir na nGardaí agus go Alan Shatter, an tAire Dlí agus Cirt. "Deir daoine ar an bhaile go bhfuil eagla ar an phobal de bharr ghníomhaíochtaí na nGardaí le cúpla bliain anuas," arsa Mac Lochlainn. Dúirt lucht gnó leis go bhfuil siopadóirí ag seachaint an bhaile mar go bhfuil eagla orthu roimh thicéid pháirceála. Ní fios an lá go mbeidh na teachtaí ag bualadh leis na Gardaí.

Léacht ar athbheochan na gCluichí Gaelacha i mBéal Feirste

Seosamh Ó Riain

MAR chuid de Shraith Léachtaí Comhphobail 2011 atá á cur i láthair ag Gort na Móna CLG agus Glór na Móna, beidh Dónal McAnallen ag tabhairt léachta thar a bheith suimiúil i mBéal Feirste Dé Máirt, 2 Lúnasa ar 7.30in: 'Michael Cusack and the Revival of Gaelic Games in Belfast, 1897-1903'.

Tabharfaidh Dónal McAnallen caint uaidh i mBéarla mar gheall ar Mhícheál Ó Cíosóg agus athbheochan na gcluichí Gaelacha i mBéal Feirste ag tús an fhichiú haois. Saineolaí CLG is ea Dónal a chríochnaigh taighde dochtúireachta le deireanas ar stair CLG sna sé chontae. Bhí sé mar chomhúdar ar an leabhar The Evolution of the GAA, Ulaidh, Éire agus Eile.

Is i nGort na Móna CLG, Bóthar Chluanaí, Béal Feirste a bheas an léacht seo. Beidh seisiún ceoil thraidisiúnta ann i ndiaidh na léachta.

Féile an Phobail, Béal Feirste

Seosamh Ó Riain

BHUEL, tá aimsir Fhéile an Phobail in Iarthar Bhéal Feirste buailte linn arís agus cuirfidh an réimse leathan d'imeachtaí agus an meascán mearaí de thionchair san fhéile meadhrán ort, tá siad chomh maith, spéisiúil, éagsúil sin!

Ón Déardaoin 28 Iúil go dtí an Domhnach 7 Lúnasa a bheas an fhéile ar siúl. Tá sí 23 bliain ar an bhfód i mbliana agus beidh, idir shúgradh agus dáiríre, rud ann do gach uile dhuine, idir shean agus óg, idir mhion agus mhór, idir dhaoine áitiúla agus an deoraí.

Is léir don dall gur thug eagraithe na féile seo faoin obair le dúthracht, díograis agus díbhirce chun clár iontach a sholáthar, le mórimeachtaí ealaíon agus ilchultúrtha, ceol, spórt, plé agus díospóireachtaí, drámaí, taispeántais, imeachtaí óige, turais agus siúlóidí.

I measc na mbuaicimeachtaí beidh an grúpa ceoil The Stranglers, ceol le Banda Bassoti ar an oíche idirnáisiúnta, Fleá sa Pháirc, lainseáil albaim nua dar teideal 'Teanga na nGael' leis an amhránaí Gráinne Holland, oíche ghrinn le Des Bishop, iliomad léachtaí, ina measc ceann ar Chearta an Duine a bheas á tabhairt ag an bpríomhurlabhraí Palaistíneach Hanan Ashwari, agus léacht ar an 75ú comóradh de chur ar bun na mBriogáidí Idirnáisiúnta, roinnt imeachtaí spóirt, lena n-áirítear cluiche peile idir Laochra Loch Lao as Béal Feirste agus foireann nuabhunaithe Na Gaeil Óga as Baile Átha Cliath, agus an chéad léiriú den dráma an-ghreannmhar 'The Christening'.

Báid Tarrthála nua don Bhun Beag agus don Chaisleán Nua, Co. Dhún na nGall - Fáiltíonn an tAire Mac Fhionnlaoich roimh an gClár Athsholáthair

Tá fáilte curtha ag Donnchadh Mac Fhionnlaoich, Aire Stáit sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, roimh sholáthar dhá shoitheach nua do sheirbhísí garda cósta an Bhuna Bhig agus an Chaisleáin Nua. Tá an dá shoitheach seo á dtabhairt isteach ag Garda Cósta na hÉireann mar chuid den Chlár Athsholáthair RIB (bád docht inséidte) faoin Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Déanfar athchóiriú ar na seansoithí nó bainfear úsáid astu mar bháid phatróil do chomhlíonadh coinníollacha sábháilteachta nó tógfaidh siad áit báid oiliúna atá neamhfhóinteach.

Tá na báid nua Delta RIB, ar fiú thart ar €150,000 an ceann iad, feistithe le hUathchóras Aitheantais (AIS), radar, cairtbhreacairí leictreonacha (electronic chart plotters) agus córais a chinntíonn go bhfanann na báid béal in airde. Cuirfidh na soithí nua seo go mór le cumas an gharda cósta freastal ar ghlaonna éigeandála agus cuirfidh siad feabhas ar choinníollacha sábháilteachta na gcriúnna deonacha, chomh maith le feabhas ar chompord na dtaismeach.

Dúirt an tAire Stáit Mac Fhionnlaoich, "Is foireann dheonach iontach cumasach agus iontach dílis iad an dream a chuireann seirbhís an gharda cósta ar fáil. Oibríonn siad anchrua, go minic in aimsir gharbh agus chontúirteach.

Níl dabht ar bith ach go gcuirfidh na soithí seo go mór lena sábháilteacht agus cuirfidh siad ar a gcumas feidhmiú ar bhealach níos éifeachtaí chun beatha daoine atá i gcontúirt a shábháil. Tá sé riachtanach go mbeadh báid atá sábháilte, éifeachtach agus ar ardchaighdeán ag seirbhís mar í seo."

Rónán Cash agus Ruairí O'Connor ag bain suilt as an gcéilí ag Scoil Samhraidh Mhic Reachtain. PIC: JIM CORR

I MEASC AN PHOBAIL

Ba bhreá linn pictiúir leatsa in Gaelscéal agus ar ár suíomh idirlín. Má tá ócáid nó imeacht pobail nó sóisialta ar siúl agat, is féidir grianghraif de a sheoladh chugainn ag **pic@gaelsceal.ie** Ní mór go mbeadh caighdeán réasúnta ins na pictiúir agus cead faighte agat chun iad a fhoilsiú ó na daoine atá le feiceáil iontu. Cuirfidh muid na cinn is fearr i gcló anseo agus ar **www.gaelsceal.ie**

Grúpa scoláirí a d'fhreastail ar Choláiste Neifinn i gCaisleán an Bharraigh i mí Iúil le Síne Nic an Ailí ó Chonradh na Gaeilge, Baile Átha Cliath agus Brídín Ni Cheallaigh ó Chonradh na Gaeilge, Caisleán an Bharraigh.

Kate Seoighe as Tuar Mhic Éadaigh a bhuaigh 'Comórtas na bPáistí Gleoite' ag Seó Talmhaíochta Thuar Mhic Éadaigh in éineacht lena máthair Linda agus a máthair mhór Treasa.

Síle Ní Chonghaile, Na Forbacha a fuair an chéad agus an dara duais sa chomórtas ealaíne ag Seó Talmhaíochta Thuar Mhic Éadaigh Dé Domhnaigh seo caite.

Lámha suas don Champa Samhraidh, eagraithe ag Glór Cheatharlach.

Micheál Ó Luasa, Cluain Droichead agus Paddy Ó Ceallacháin ó Chill na Martra ag Craobh Babhlála Sóisear C Ghaeltacht Mhúscraí Dé Domhnaigh seo caite. PIC: Ó LOINGSIGH

An babhlálaí Breandán Ó Ceallacháin a bhuaigh Craobh Babhlála Sóisear C Réigiún Ghaeltacht Mhúscraí in aghaidh Pháidí Uí Mhurchú, leis an réiteoir Tim Ó Conaill i Réidh na nDoirí tráthnóna Dé Domhnaigh seo caite.
PIC: Ó LOINGSIGH

Páistí óga ag baint taitnimh as Campa na nÓg, eagraithe ag Glór Cheatharlach.

BEATHA NUACHT Litríochta

Scríbhneoir Idirnáisiúnta vs Scríbhneoir Éireannach?

John Boyne faoi agallamh ag Meadhbh Ní Eadhra

Fiú mura bhfuil an leabhar léite agat, tá gach seans ann gur chuala tú faoi '*The Boy in The Striped Pyjamas*'. Is é an t-údar Éireannach John Boyne a scríobh an leabhar seo, agus rinneadh scannán den leabhar céanna chomh maith. Ní minic a tharlaíonn sé seo do scríbhneoir ar bith, gan trácht ar Éireannach, agus is mór an t-éacht a bhain John Boyne amach dá réir. Agus é i mbun comhrá liom, rith sé liom láithreach gur duine é John Boyne atá thar a bheith beacht agus cruinn, ní hamháin ina chuid scríbhneoireachta ach ina chuid cainte freisin. Tá sé de nós ag an-chuid daoine, scríbhneoirí ina measc, comhrá a thosú agus ansin é a chríochnú cúpla uair an chloig níos déanaí agus gan mórán a bheith ráite i ndáiríre seachas ráiméis den chuid is mó. Ní féidir John Boyne a chur sa chatagóir sin. Smaoiníonn sé sula labhraíonn sé, agus ní théann sé ar seachrán leathbhealach tríd an gcomhrá.

Scríobhann sé do pháistí agus do dhaoine fásta araon, agus deir sé nach bhfuil mórán de dhifríocht idir an gcaoi a scríobhann sé don dá aoisghrúpa.

"Ní bhíonn sé d'aidhm agam mo chuid scríbhneoireachta a dhéanamh níos leanbaí nó '*dumbing down*' a dhéanamh air do na páistí," ar sé. "Déanaim iarracht scéal a scríobh a rachaidh i bhfeidhm orthu agus a choinneoidh a n-aird tríd an leabhar ar fad. Ar ndóigh, bíonn an teanga agus an fhoclaíocht beagán níos simplí ach tarlaíonn sé sin go nádúrtha agus mé ag scríobh."

Deir John gurb é an scéal a thugann an chumhacht dó leanacht ar aghaidh ag scríobh, is cuma más scéal do pháistí nó do dhaoine fásta é.

"Cibé cé hiad an lucht léitheoireachta, sin an lucht léitheoireachta agus taitneoidh an scéal leo nó ní thaitneoidh," a deir sé. Agus na scéalta seo ar fad, cad as a dtagann siad?

"Níl freagra na ceiste sin ar eolas ag scríbhneoir ar bith i ndáiríre agus níl mórán scríbhneoirí a bheadh ag iarraidh an freagra a bheith ar eolas acu. Tagann smaointe chugam an t-am ar fad. Níl mórán maitheasa iontu go minic ach déanaim nóta díobh i gcónaí," a deir John. "Anois is arís, tagann smaoineamh ar leith, agus bíonn a fhios agam gur féidir liom úrscéal iomlán a dhéanamh as."

Foilsíodh an leabhar is déanaí leis, '*The Absolutist*', an samhradh seo.

Ghlac sé dhá bhliain air an leabhar a scríobh, agus tá sé dírithe ar dhaoine fásta.

"Glacann sé dhá bhliain ar an meán orm úrscéal a chríochnú," ar sé. "Bhí sé difriúil i gcás '*The Boy in the Striped Pyjamas*'. Scríobh mé sin go han-tapa ar fad." Agus an bhfuil sé sásta leis an leagan deiridh de '*The Absolutist*'?



"Tá. Tá mé sásta leis," ar sé, agus is léir nach raibh sé ag súil leis an gceist sin. "Bhí mé ag iarraidh go leor de na smaointe agus de na ceisteanna a ardaítear sa leabhar, bhí mé ag iarraidh iad a phlé agus a fhiosrú."

Thosaigh John ag scríobh agus ag cumadh scéalta agus é aon bhliain déag d'aois agus lean sé ar aghaidh leis na gearrscéalta agus é sna déaga.

"Bhí cuid díom a bhí ag iarraidh a bheith ina scríbhneoir i gcónaí," ar sé.

Tá neart duaiseanna buaite ag an scríbhneoir seo agus aitheantas idirnáisiúnta bainte amach aige. Cé chomh tábhachtach agus atá na duaiseanna agus na gradaim go léir, nó an ndéanann siad difríocht ar bith?

"Ciallaíonn siad go mbíonn tuilleadh léitheoirí agat," a deir John ar an toirt. "Agus is iad na léitheoirí na daoine is tábhachtaí do scríbhneoirí. Má bhuann tú duais, nó má dhéantar scannán de leabhar, bíonn lucht léitheoireachta agus lucht féachana níos leithne agat láithreach. Ní féidir maireachtáil gan sin. Níl pointe ar bith lena bheith ag scríobh isteach i bhfolús. Mar sin, tá aitheantas agus duaiseanna an-tábhachtach ar fad, go cinnte."

Tá an scríbhneoir seo macánta agus labhraíonn sé liom go díreach. Creideann sé sa rud atá á rá aige agus ní deir sé rud ar bith seachas sin. Tá úrscéalta John Boyne aistrithe go 42 teanga éagsúil, agus déanann sé go leor taistil dá bharr.

"Níl a fhios agam an bhfuil na leabhair aistrithe mar is ceart nó nach bhfuil, ach caithfidh mé a bheith ag súil go bhfuil siad déanta i gceart," ar sé. "Bhí mé i gcónaí ag iarraidh a bheith i mo scríbhneoir idirnáisiúnta seachas i mo scríbhneoir Éireannach agus d'éirigh liom, sílim!"

D'éirigh leis go cinnte. Ar fud an domhain, bíonn daoine ag léamh a chuid leabhar agus cé gur Éireannach é, as Baile Átha Cliath, níl gá leis an lipéad sin,'scríbhneoir Éireannach'. Níl teorainn leis an méid gur féidir leis a dhéanamh anois. Bhain John céim amach i litríocht an Bhéarla i gColáiste na Tríonóide agus ansin máistreacht sa scríbhneoireacht chruthaitheach in Ollscoil East Anglia i Sasana, áit ar bronnadh Gradam Curtin Brown air.

Arbh fhiú an mháistreacht sin a dhéanamh?

"Cáineann go leor daoine na máistreachtaí agus na cúrsaí sa scríbhneoireacht chruthaitheach," a deir John. "Ceapann siad nach féidir múineadh do dhuine conas a bheith ag scríobh. Ach, aidhm an chúrsa ná fóram plé a bhunú inar féidir le scríbhneoirí a bheith ag plé agus ag léamh obair a chéile, agus ag tabhairt aischothú air. Ní bhíonn daoine ag múineadh dúinn nó ag iarraidh sinn a mhúnlú nó a dhéanamh cosúil le scríbhneoirí eile. Fóram scríbhneoireachta atá ann agus bhí sé thar a bheith cabhrach domsa."

"Is rud nádúrtha é. Más scríbhneoir thú, ní féidir leat gan a bheith ag scríobh. Ní cinneadh é a dhéanann tú go coinsiasach.Tá scéal le hinsint agat, caithfidh tú tú féin a chur in iúl, agus seo mar a dhéanann tú é," a mhíníonn John.

Tá os cionn seachtó gearrscéal foilsithe ag John ach deir sé gur fearr leis a bheith ag scríobh úrscéalta na laethanta seo.

"Is breá liom dúshlán an úrscéil," ar sé. "Caithfidh fad ar leith a bheith ann agus caithfidh tú go leor fadhbanna a réiteach laistigh den scéal."

De ghnáth, scríobhann John ó 8.30 no 9.00 gach maidin ar feadh cúpla uair an chloig, gach lá sa tseachtain. Cén fáth a scríobhann sé?

"Is rud nádúrtha é. Más scríbhneoir thú, ní féidir leat gan a bheith ag scríobh. Ní cinneadh é a dhéanann tú go coinsiasach.Tá scéal le hinsint agat, caithfidh tú tú féin a chur in iúl, agus seo mar a dhéanann tú é," a mhíníonn John.

Tá an t-údar clúiteach seo ag obair ar scéal nua do pháistí faoi láthair. An éireoidh leis leabhar chomh cáiliúil le The Boy in the Striped Pyjamas, ar díoladh níos mó ná cúig mhilliún cóip de ar fud an domhain, a scríobh arís lá éigin? Beidh le feiceáil.

TEILIFÍS agus RAIDIÓ

Le Katie McGreal

'One World'

Sraith nua ag RTÉ Raidió 1

Katie McGreal

CUIRFIDH RTÉ Raidió 1, le tacaíocht ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, tús le sraith úrnua, 'One World' Dé Máirt seo chugainn. Is sraith faoi chúrsaí idirnáisiúnta é ach tá baint ag na hábhair ar fad le hÉirinn. Tá clár bunaithe ar Fhilipínigh atá in Éirinn, clár eile faoi Ghána agus ceann faoi chomhlacht Éireannach ola atá lonnaithe in Uganda. Is sraith seacht gclár atá ann ina hiomlán.

Is í Kay Sheehy láithreoir an chéad chlár, 'Part of the Family?', agus labhróidh sí le beirt Fhilipíneach atá ag obair mar oibrithe baile in Éirinn. Tá cónaí ar na mná seo leis na teaghlaigh Éireannacha agus deir siad leo go bhfuil siad mar chuid den chlann. Bhí Kay ag iarraidh níos mó eolais a fháil ar na mná seo agus a fháil amach conas a réitíonn siad leis na teaghlaigh Éireannacha.

Tá dá ghné sa chlár - conas a éiríonn leis na mná sna teaghlaigh Éireannacha agus cén fáth gur tháinig siad go hÉirinn ar an gcéad dul síos.

Toisc go bhfuil cónaí ar na mná leis an teaghlach, ní bhíonn saol éasca acu. Tugtar bia agus lóistín saor in aisce dóibh agus téann siad ar saoire thar lear leis an teaghlach ach ceapann na clanna go bhfuil na mná ar fáil agus ag obair 24 uair an chloig. Is féidir deacrachtaí ó thaobh am saor agus coinníollacha oibre a bheith ann má tá easpa cumarsáide ann.

Tagann na mná Filipíneacha anseo chun saol níos fearr a bhaint amach dá gclann sa bhaile. An chuid is mó den am, fágann siad clann óg ionas gur féidir leo airgead a thuilleamh chun oideachas maith a chur ar a bpáistí.

Nuair a bhí Kay sna hOileáin Fhilipíneacha labhair sí le páistí a bhfuil a máthair imithe agus braitheann siad uathu í. Labhair Kay le cailín a bhí 11 bhliain d'aois nuair a d'fhág a máthair agus mhothaigh sí go raibh aois an pháiste thart nuair a d'fhág a máthair. Dúirt na páistí go labhraíonn siad lena máthair ar an bhfón agus ar Skype go minic ach níl sé mar an gcéanna.

Cé go gcrothnaíonn na páistí a máthair, thug Kay faoi deara go bhfuil sé soiléir go bhfuil airgead ag teacht isteach sa teach. Cheannaigh bean amháin ríomhaire glúine agus ceamara dá hiníon as an airgead ó Éirinn. Nuair a bhí Kay sna hOileáin Fhilipíneacha, chuaigh sí go feirm chnónna cócó a cheannaigh duine de na mná ionas gur féidir léi airgead a dhéanamh sna hOileáin Fhilipíneacha nuair a rachaidh sí abhaile i gceann trí bliana.

Dúirt Kay, "An rud a chuaigh i feidhm go mór orm ná an méid a bhí le rá ag na mná." Ar dtús, cheap sí gur daoine ciúine iad ach nuair a thug sí deis dóibh labhairt os ard faoina saol, bhí siad lánsásta é sin a dhéanamh.

Tá Kay ag súil le go mbeadh an lucht éisteachta ag tnúth leis an bhfíorscéal faoi na mná seo a chloisteáil agus is féidir éisteacht leis Dé Máirt ag 10in ar RTÉ Raidió 1.

Éist le

RTÉ Raidió 1: Documentary on One: The Boys of Foley Street
Clár faisnéise ag fiosrú céard a tharla do na buachaillí a bhí sa ghrúpa 'Boot Boys' i 1975. Fuaireamar amach i 1988 nuair a bhí na buachaillí sna fichidí go raibh siad dífhostaithe agus i ndiaidh a bheith i bpríosún. Céard atá ar siúl acu anois? Dé Luain @ 6in.

Raidió na Gaeltachta: Finscéalta Fabhalscéalta
Labhróidh Máirín Nic Con Iomaire faoin seanscéal miotaseolaíochta Fionn Mac Cumhaill an tseachtain seo. Beidh léitheoirí óga as ceantar Chonamara ann freisin, chomh maith leis an síceolaí Máirí Ní Nualláin. Dé Domhnaigh @ 10.30rn.

Phantom fm: Finest Worksongs with Michelle Doherty
Clár le gach cineál ceoil agus agallaimh le ceoltóirí i rith an lae. Luan - Aoine @ 10 - 2in.

Féach ar

RTÉ 1: Lughnasa Live
Déanfaidh Gráinne Seoige seanfhéile Lughnasa a cheiliúradh i gCreagán Eoghain i gContae an Chláir. Cuirfear seó beo siamsaíochta ar siúl ina labhróidh Gráinne faoi gach rud a bhaineann leis an bhféile: bia, scéalta béaloidis agus a leithéid. Dé Domhnaigh @ 9.30in.

UTV: Wildlife Patrol
Sraith nua a leanann na hoifigigh a bhíonn ag plé leis an dochar a dhéantar don fhiadhúlra a réiteach. Dé Máirt @ 7.30in.

3e: The Tenements
Clár faisnéise faoi thionóntáin i mBaile Átha Cliath agus na daoine a raibh cónaí orthu iontu. Bryan Murray, a d'fhás aníos i dtionóntán i mBaile Átha Cliath, a chuireann an clár i láthair. Dé Céadaoin @ 10in.

Scéal agat faoi Iarnród?

BA mhaith leis an chomhlacht Waddell Media labhairt le daoine a bhfuil scéalta acu faoi Iarnród Uladh, mar chuid de shraith úr do TG4. Bunaíodh an chéad iarnród caol sa Tuaisceart sa naoú haois déag agus bhí an ceann deireanach dúnta faoi 1950.

Tá siad ag lorg cuimhní (beag nó mór) ar na línte seo: Iarnród Bhaile an Chaistil, Iarnród Bhaile Meánach/Latharna, Iarnród Bhéal Feirste/Cho. an Dúin, Iarnód Ghleann an Chlochair, agus Iarnród Dhoire/Loch Súilí.

Is féidir dul i dteagmháil le hÓrfhlaith ag Waddell Media, 028 9042 7646 nó orfhlaith@waddellmedia.com.

TEILIFÍS agus RAIDIÓ

Le Katie McGreal

‘*Amanathar*’ - Athbheochan an Dráma Ráidió

Dráma Nua Raidió le craoladh ar Raidió na Lífe

Kate McGreal

BEIDH an tsraith de dhrámaí nua raidió le Gabriel Rosenstock bunaithe ar shaol sa nuachtán Gaeilge ficseanúil Amanathar á craoladh ag Raidió na Life.

Beidh ceithre chlár sa tsraith agus mairfidh gach clár 25 nóiméad san iomlán.

Sraith ghreannmhar atá ann a léiríonn an brú a bhíonn i nuachtán.

Chuir mac Gabriel, Tristan Rosenstock, tús leis an tsraith nuair a chuala sé faoin scéim Fís agus Fuaim ag Údarás Craolacháin na hÉireann agus chuir sé ceist ar a athair sraith drámaí raidió a scríobh bunaithe ar an leabhar, ‘*Amanathar*’ a scríobh sé i 1989.

Deir Gabriel nach ndéarna sé aon rud den chinéal seo leis an leabhar roimhe mar, “Níorbh fhéidir tabhairt faoin tsraith seo ar bhonn proifisiúnta, ar ndóigh, gan cabhair a fháil ón scéim inmholta sin Fís agus Fuaim de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann.“

Fuair Gabriel an idé agus na smaointe ón tréimhse a chaith sé ag obair mar eagarthóir sa nuachtán Anois agus is léiritheoir ar an gclár Imeall le TG4 é Tristan - comhpháirtíocht mhaith a bhí ann.

Tá Gabriel ag súil le hathbheochan i ndrámaí raidió agus ba mhaith leis go mbeadh an dráma raidió seo ar an gcéad chéim ina threo sin. Tá sé ag obair ar dhráma raidió eile bunaithe ar áras seanóirí agus na daoine atá ann ag caint faoina saol.

Craolfaidh Raidió na Life an chéad sraith seo ag 6.30in ar an Aoine, ag toiseacht an tseachtain seo chugainn, agus tá Gabriel ag súil le go gcraolfaidh siad an chéad sraith eile má fhaigheann siad an maoiniú arís.

‘BoldVoices’

Katie McGreal

D’OIBRIGH an comhlacht léiriúcháin BoldFace Productions le Clár na nGuthanna i dTuaisceart Éireann ar chlár nua. Is clár leathuair an chloig é ‘BoldVoices’ ina labhraíonn 68 duine óg ó Dhoire agus ó Bhéal Feirste faoi fhadhbanna sóisialta i bhfoirm gearrscannáin.

D’oibrigh sé ghrúpa de dhaoine óga idir 14 agus 25 ar na gearrscannáin seo, atá trí nó ceithre nóiméad ar fad. Fuair siad traenáil ó Chlár na nGuthanna agus rinne siad eagarthóireacht orthu sa stiúideo UTV i mBéal Feirste.

Ábhair na scannán ná gnéaschlaonadh, lucht siúil, daoine gan dídean, dúshaothrú tí agus an difríocht atá eadrainn mar dhaoine, agus cé chomh hiontach is atá na difríochtaí sin. Trí na scannáin is féidir leis na daoine óga dul i ngleic leis na fadhbanna seo, agus tuiscint a fháil orthu.

Tugann Clár na nGuthanna deis do dhaoine óga labhairt amach faoi chúrsaí reatha. Sa tionscadal seo, déanann siad é sin i mbealach éagsúil chomh maith le scileanna nua a fhoghlaim agus suimeanna nua a fhorbairt.

Beidh an clár le feiceáil ar UTV ar an Déardaoin seo ag 11in.

CEOL

BellX1 ar ais don Fhéile Ealaíon

Léirmheas le Caitríona Ní Chadhain

THÁINIG BellX1 amach le meascán mearaí, idir sheansaothar agus shaothar nua, ar stáitse an Big Top mar chuid de Fhéile Ealaíon na Gaillimhe. Thosaigh agus chríochnaigh BellX1 le hamhráin ón albam is déanaí ‘Bloodless Coup’. Is éasca an nua a aithint ón sean le fuaim i bhfad níos leictreonaí ar na hamhráin nua ná mar a bhí ar an saothar níos luaithe.

Is léir go bhfuil an banna ag iarraidh forbairt a dhéanamh ar an bhfuaim atá acu ach is féidir a cheistiú an bhfeileann an fhuaim seo don ghrúpa. Tá an iomarca bannaí amuigh ansin na laethanta seo ag úsáid buillí leictreonacha chun mothú úr a thabhairt dá saothar.

Seans go bhfuil siad ag diriú an iomarca ar fhuaim nua a tháirgeadh seachas ar chaighdeán an cheoil é féin. Is minic a dhéantar comparáid idir BellX1 agus an banna Meiriceánach ‘*Talking Heads*’.

Ag éisteacht leis an bhforbairt ó na hamhráin is sine ag BellX1 go dtí a leithéidí ar ‘Blue Lights on the Runway’ agus ‘Bloodless Coup’, le gach albam tá siad ag bogadh níos mó agus níos mó i dtreo fhuaim na Talking Heads.

Bhí aoisghrúpa leathan le feiceáil faoi fhoscadh an Big Top agus níor lig an banna aon réimse dá lucht féachana síos.

Sheinn siad amhráin as beagnach gach ceann den chúig albam atá curtha amach acu ón mbliain 2000. Is iad ‘Flame’ agus ‘The Great Defector’ na hamhráin is mó a spreag gleo ón slua. Mar is gnách leo chuir BellX1 a ndícheall isteach sa seó agus d’éirigh leo an puball ar fad a fháil ag éisteacht, fadhb a bhí ag roinnt achtanna sa Big Top anuraidh nuair a bhí tabhairt amach faoin torann ag teacht ón gcraic agus caint ag deireadh an phubaill.

Is é an rud is fearr faoi ghigeanna BellX1 ná an chodarsnacht idir na hamhráin mhalla mhachnamhacha agus a gcuid amhrán bríomhar, lán le fuinneamh agus éirim. Éiríonn leo an dá stíl a nascadh le chéile go héasca. Is gá BellX1 a chloisteáil beo chun a gcuid buanna a thuiscint i gceart.

OIDEACHAS

Faisnéis do Shaoránaigh

LÓ-GHLAO
1890 777 121
Luan go hAoine 9rn go dtí 9rn

Bíodh Eolas agat ar do Chearta : Ag Bogadh ó Thuaisceart Éireann agus ag Thabhairt d'Íocaíochtaí Míchumais Leat

Ceist : Tá mo dheartháir 50 bliain d'aois agus tá a shaol ar fad caite aige i dTuaisceart Éireann, ach anois ba mhaith leis a theach a dhíol agus bogadh ó dheas, níos gaire dom. Tá sé bodhar ón gcliabhán agus faigheann sé "Incapacity Benefit" agus an chomhchuid cúraim na "Disability Living Allowance". An mbeidh tionchar aige seo ar a shochair má thagann sé chun cónaí sa dlínse seo?

Freagra :
Níl aon bhacainn dlíthiúil ar do dheartháir teacht chun cónaí anseo. Chomh fada agus a gcomhlíonann sé na cúinsí liachta atá bainteach leis an íocaíocht, is féidir leis leanúint ar aghaidh ag fáil Incapacity Benefit. Sula mbogann sé, ní mór dó foirm BF5 a líonadh agus é a thabhairt dá oifig Job Centre Plus áitiúil sula mbogann sé.

A bhuí le rialú Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, tá cead aige cúram a éileamh faoin Disability Living Allowance. Ba cheart dó an oifig atá ag déileáil lena éileamh a chur ar an eolas agus ba cheart dó a mhíniú, i scríbhinn, go bhfuil sé i gceist aige bogadh agus deimhniú nach bhfuil athrú tagtha ar a chúinsí liachta.

Má chinneann sé a shochair a fhágáil ina dhiaidh, seans go mbeidh sé in ann Liúntas Míchumais a éileamh anseo, ach tá coinníollacha cáilitheacha ann, an coinníoll gnáthchónaithe san áireamh. Déanfar breithniú ar na cúig thosca seo a leanas chun cinntiú go bhfuil gnáthchónaí air in Éirinn:

- Fad agus leanúnachas a chónaithe in Éirinn nó in aon tír eile sa Chomhlimistéar Taistil;
- Fad agus cúis aon neamhláithreachta ó Éirinn;
- Cineál agus patrún a fhostaíochta;
- An lárionad is mó an bhfuil leas agatAn bhfuil sé ar intinn bheith ina chónaí in Éirinn de réir mar atá le sonrú ón bhfianaise.

Tá sé tábhachtach cuimhniú gur thástáil de réir acmhainne é an Liúntas Míchumais. Ciallaíonn sé seo go gcaithfidh ioncam iomlán do dhearthár a bheith faoi mhéid áirithe chun a bheith i dteideal an liúntais. Nuair a dhéantar measúnú ar a acmhainn, cuirfear aon ioncam ó íocaíochtaí eile san áireamh. Tá seans ann, áfach, nach gcuirfear fáltais ó dhíolachán a thí (suas le €190,460.71) san áireamh má chomhlíontar coinníollacha áirithe maidir le tithíocht amach anseo.

Nuair a chuireann do dhearthár iarratas isteach ar Liúntas Míchumais, beidh air tuairisc dochtúra a sheoladh go dtí an Roinn Coimirce Sóisialaí chun tacú lena éileamh.

Tá tuilleadh eolais le fáil ón Ionad Faisnéise do Shaoránaigh thíos.

Chuir Ionad Faisnéise do Shaoránaigh 'Bíodh Eolas agat ar do Chearta' le chéile. Cuireann an tIonad seo seirbhís shaor in aisce agus faoi rún ar fáil don phobal.

Tá faisnéis le fáil freisin ar líne ag citizensinformation.ie agus ón tSeirbhís Teileafóin um Fhaisnéis do Shaoránaigh, Íosghlao 1890 777 121.

An Saol Oibre agus Gairmeacha

Patricia Uí Fhlaithearta, Comhairleoir Gairmthreorach

Má tá tú fostaithe faoi láthair nó má tá tú ag cuimhneamh ar phost eile a fháil, ní mór duit bheith ar an eolas faoi céard atá ag tarlú maidir leis an margadh fostaíochta. Tá an saol oibre ag athrú an t-am ar fad agus ní mór duit a bheith réitithe le haghaidh an athraithe sin.

Bíonn ar fhostóirí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an margadh fostaíochta domhanda, áit a bhfuil iomaíocht ag dul i méid i gcónaí, agus ina bhfuil gá de shíor le hacmhainní a chur in oiriúint ionas go mbeidh an gnó in ann maireachtáil go heacnamaíoch. Ní mór dóibh siúd a bheas ag obair amach anseo a bheith ábalta tabhairt faoi dhúshláin nua. Ag foghlaim ar feadh do shaoil an meon nua má tá muid le bheith níos solúbtha. Mar dhaoine táimid in ann don fhoghlaim leanúnach. De réir mar a fhoghlaimímid, fásaimid agus athraímid. Faighimid scileanna nua agus tugann sé sin tuilleadh féinmhuiníne dúinn.

Go minic tosaíonn an rogha ghairme le spéis a bheith ag duine sna seirbhísí atá á dtairiscint ag earnáil ar leith.

Tá an chuid eile den phíosa seo le léamh ar www.gaelsceal.ie

Crosfhocal 29.07.2011



NODANNA

TRASNA
1 Fonn ceoil, píosa ceoil gur féidir damhsa a dhéanamh leis (4)
2 Tóg, tabhairt leat (4)
4 Bíonn sé faoi do chosa sa bhaile (5)
8 Ainmhí a fhaightear i Meiriceá a bhfuil eireaball mór aige (5)
10 Ainmhí is mian leat, madra nó cat mar shampla (5)
11 Péire, dís (5)
13 Smachtú, rudaí a choinneáil in ord (5)
14 Soitheach a ithimid ár ndinnéar as (5)
15 Bolgaigh amach, méadaigh (2)
16 Déan grianghraf as claonchló (4)
17 Déanach, nó gan mórán luas (4)
19 Baile mhór i gContae na Mí (5)
22 Gléas a snámhann ar bharr an uisce le treoir a thabhairt do bháid (4)
23 Fuaim a ligeann daoine astu i ndiaidh scéal greannmhar a chluinstin (5)
24 Tarna, idir an chéad agus an tríú áit (4)
25 Tús curfá an amhráin --- 'Sé do bheatha bhaile' (3)
27 Áras, áit chónaithe (5)
28 Leadránach, gan a bheith suimiúil (5)

SÍOS
1 Déan rud nach bhfuil an duine eile ag súil leis. Léim (5)
3 Milleán a chur ar dhuine (6)
5 Oideachas, foghlaim (5)
6 An bia, ar theip air, a mbíodh na hÉireannaigh ag brath air roimh 1847 (5)
7 An tarna lá den tseachtain (5)
9 Ní bheidh sé ann, go dtí go gcuirimis le chéile... (5)
10 Mar a bheadh plúr, siúcra, piobar srl - nó ábhar a chuirtí istigh gunna mór! (5)
12 Go deo, i gcónaí (5)
14 Clúdach ar an leaba.. roimh theacht an duvet ar ndóigh (5)
18 Sínigh an corp síos ar a dhroim (5)
20 Bia mar shampla ag dul as úsáid (5)
21 Tarraing, iarr ar dhuine teacht leat, nó aontú leat (5)
22 Mothúchán an-láidir go bhfuil tú ceart, agus an-sásta faoi sin (4)
23 Mar a bheadh solas láidir ag stealladh air (4)
26 Slóg siar deoch (2)

Crosfhocal 22.07.2011

Buaiteoir na Seachtaine seo:
Áine Seoige, Doire

Duais na seachtaine

Bronnfar dearbhán €20 urraithe ag Cló Iar Chonnacht ar bhuaiteoir na seachtaine.

Ní mór iarratais a bheith ar ais roimh 03.08.2011 chuig:
Crosfhocal, Gaelscéal, An Chuasnóg, An Spidéal, Co na Gaillimhe.

Ainm .....

Seoladh .....

.....

Fón..... Rphost.....

Indreabhán, Conamara, Co. na Gaillimhe. Tel. +353-91-593307
www.cic.ie

Bád Síneach le blaiseadh Éireannach ann

Gráinne McElwain

"IS iad na rudaí a mbeidh mé freagrach astu mar dhuine den chriú ná gach rud a tharlóidh ar an bhád a thógáil leis an cheamara físe, grianghrafanna agus blogs," a deir Frankie Leonard as Cathair na Gaillimhe a bheas ag obair ar an bhád Síneach Team Sanya i Rás Aigéin Volvo a bheidh ag tosnú in Alicante sa Spáinn ar an 29ú Deireadh Fómhair.

"Beidh orm na sonraí agus pictiúir a sheoladh ar aghaidh chuig Ceanncheathrú Rás Aigéin Volvo ionas go mbeidh siad in ann turas s'againne a chur amach timpeall an domhain ar fad."

"Tá an-taithí agam ag seoltóireacht ó bhí mé an-óg agus táim anphaiseanta faoi sheoltóireacht agus cursaí teilifíse agus scannánaíochta agus bhí an t-ádh liom go bhfuair mé an deis seo. Is dócha go raibh mé san áit cheart ag an am ceart agus táim ag dúil go mór leis."

"Le sé mhí anuas, bhí traenálaí pearsanta agam ag obair ar m'aclaíocht agus mo cholainn a neartú fríd an lár go háirithe. Tá meáchan caillte agam ach tá siad ag iarraidh go mbeadh duine aclaí do thuras mar seo," a deir Frankie.

Chaith sé an tseachtain seo caite sa bhaile ag fágáil slán le gach duine agus ag fáil réidh don turas mór. Beidh Team Sanya ag glacadh páirte sa chomórtas Fastnet ar an 14ú Lúnasa ag dul ó Inis Iocht go Corcaigh agus ar ais go Plymouth i Sasana. Idir seo agus tús Rás Aigéin Volvo, tá go leor oibre le déanamh ag Frankie.

"Le tamall, táim ag dul fríd gach rud teiciniúil ó thaobh trealaimh ar an bhád de, na ceamaraí a bheas agam, an córas eagarthóireachta agus mar sin de, ag cinntiú go bhfuil gach rud ag obair mar is ceart. Ach má theipeann ar rudaí tá go leor back-ups againn agus ar ndóigh ní chuirfidh an t-uisce isteach ar aon rud mar go bhfuil siad uiscedhíonach.

Tá ceithre cheamara ionsuite ar an bhád agus beidh siad sin ag taifeadadh gach lá."

"Tá céad lá ann anois go dtí tús an ráis mhóir in Alicante agus faoi láthair tá an bád á chóiriú amach le péint nua agus seoltaí nua agus tá an trealamh leictreonach le seiceáil chomh maith. Beidh naoi staid dhifriúla sa rás ó Alicante go Cape Town, Cape Town go hAbú Daibí, Abú Daibí go Sanya, Sanya go Auckland, Auckland go Itaji, Itaji go Miami, Miami go Liospóin, Liospóin go Lorient sa Fhrainc agus ansin ó Lorient go Gaillimh. Beidh muid i nGaillimh ar an 6ú Iúil 2012."

"Cinnte, tarlóidh eachtraí contúirteacha ach tá agus beidh muid ullmhaithe go maith chun dul i ngleic leo. Beidh 11 ball criú le gach bád ach idir seo agus tús mhí Dheireadh Fómhair beidh muid uilig ag cur sceideal ceart le chéile agus ag traenáil le chéile. Níl gach duine den chriú ainmnithe go fóill ach tiocfaidh sé sin ar ball."

"Is é Mike Sanderson scipéir an bháid agus tá an-taithí aige i Rás Aigéin Volvo agus é buaite aige faoi dhó. Táim ar bís le tús a chur leis ach tá a fhios agam cheana féin go mbeidh mé chomh sásta agus chomh bródúil teacht ar ais go Gaillimh i mí Iúil seo chugainn."

Go n-éirí go geal leat a Frankie.

Bád 'Team Sanya' ag briseadh na dtonnta

Frankie Leonard, Team Sanya.

Gráinne McElwain

Rugbaí Leaiste (Tag Rugby) ar an Trá

B'FHÉIDIR nach raibh an aimsir rómhaith go dtí seo ach má tá suim agat i Rugbaí Leaiste nó má tá foireann agat, tá dhá ócáid shuimiúla ag teacht aníos an mhí seo chugainn ar an trá i gCurrach Cló i Loch Garman ar an 6ú Lúnasa agus ar an trá i gCeann Trá, Ciarraí ar an 20ú Lúnasa. Rugbaí Leaiste ar an trá atá i gceist mar a thuigfeá ón ainm agus beidh na himeachtaí uilig oscailte d'fhoirne ó áiteacha ar fud na tíre. Anuraidh ghlac fiche foireann páirt san ócáid i gCurrach Cló agus chuidigh an aimsir go mór leis agus é ina shamhradh ceart. Is bealach iontach é Rugbaí Leaiste chun bualadh le daoine nua agus tar éis na gcluichí ar an trá, beidh an chraic ag leanstan ar aghaidh i dteach tábhairne T.Morris agus The Stores i Loch Garman agus i dteach táirbhne Pháidí Uí Shé i gCeann Trá i gCiarraí.

Niall Rua Ó Leannáin as an Lorgain, Co. Ard Mhacha ag lainseáil an 'Dublin Super Cup' ag Stáid Aviva. [Pic : Brian Lawless / SPORTSFILE]

€175 an costas iontrála do gach foireann agus is féidir tuilleadh eolais a fháil ar irfutag.ie nó ríomhphost a sheoladh chuig tag@irishrugby.ie.

Dublin Super Cup

IS i Staid Aviva i mBaile Átha Claith an deireadh seachtaine seo a thiocfaidh cuid de na hainmneacha is mó i saol peile an tsacair chun páirt a ghlacadh i gcomórtas úrnua, an "Dublin Super Cup" atá á eagrú ag an chomhlacht spóirt Endemol agus an FAI. Beidh an chéad fhoireann ó Manchester City, Na Ceiltigh ó Ghlaschú agus Inter Milan ag imirt in aghaidh a chéile agus in aghaidh na n-imreoirí is fearr ón tSraith Airtricity anseo, an Airtricity League XI. Tá sé ráite ag na bainisteoirí thar sáile go n-ainmneoidh siad foirne atá láidir agus go bhfuil siad ag úsáid an chomórtais seo mar chuid den traenáil roimh thús an tséasúir nua. Mar sin beidh imreoirí ar nós David Villa ón Spáinn, Adam Johnson agus James Milner ó Shasana, Samuel Eto'o ó Chamarún, Wesley Sneijder ón Isiltír agus Mario Balotelli ón Iodáil le feiceáil ag imirt. Dúirt bainisteoir Manchester City Roberto Mancini, "Tá mé ag súil go mór le teacht go Baile Átha Cliath le m'fhoireann, Manchester City, agus ag súil le fáilte mhór a fháil ó lucht tacaíochta na hÉireann atá fíorphaiseanta faoina spórt."

Níl na himreoirí uilig ar fáil do bhainisteoir Airtricity League XI, Damien Richardson, agus é ag iarraidh dul in iomaíocht leis na clubanna móra seo. Ní bheidh imreoirí ó Ruagairí na Seamróige, St Pat's ná Ruagairí Shligigh ar fáil mar go bhfuil siad i gComórtas Sraithe Europa. Aon imreoir is fiche atá ainmnithe ag Richardson ar an phainéal. Is le Cathair Dhoire a imríonn an chuid is mó den phainéal atá ainmnithe aige, deichniúr ar fad acu. Tá laghdú tar éis teacht ar chostas na dticéad le ticéid €10 ar fáil anois do pháistí agus €45 do dhaoine fásta. Is féidir ticéid a fháil sna suíocháin scothleibhéil ar €60.

Dé Sathairn 30 Iúil
2.00in Airtricity League XI v Manchester City
4.30in Inter Milan v Manchester City
Dé Domhnaigh 31 Iúil
2.00in Airtricity League XI v Celtic
4.30in Inter Milan v Manchester City

NFL ar ais arís

BEIDH siad ag imirt peile arís i Meiriceá (Peil Mheiriceánach ár ndóigh) mar go bhfuil deireadh tagtha leis an aighneas ceithre mhí a bhí ar siúl idir úinéirí na bhfoirne agus na ceardchumainn a thugann aire do na peileadóirí. Vótáil na húinéirí agus na himreoirí glacadh le socrú oibreachais nua a mhaireann deich mbliana agus a chinntíonn nach féidir le ceachtar páirtí tarraingt amach as an socrú sin. Mar sin, beidh seasmhacht i gcúrsaí peile do na deich mbliana amach romhainn ar a laghad. Ciallaíonn an socrú seo gur féidir le himreoirí filleadh ar a gcuid foirne den chéad uair ó chríochnaigh an socrú deireanach i mí an Mhárta. Ní thosnóidh an séasúr peile sna Stáit Aontaithe go dtí an 8ú Meán Fómhair.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 29 Iúil, 2011

Ar an gclaí

Timpeallán na mbainisteoirí iomána an-ghnóthach arís!

Níl mí Lúnasa ach cúpla lá uainn agus an séasúr peile ag druidim le ceann scríbe. Gach seachtain anois tá foirne ag fágáil slán le comórtas na bliana . An bhfuil an laoch Mick O'Dwyer críochnaithe i gceart an uair seo nó an dtiocfaidh sé arís? An mbeidh orainn (cosúil leis an vaimpír sna seanscéalta) cuaille a chur trína chorp chun bheith cinnte go bhfuil deireadh leis an uair seo?

Ag aois 75 cheapfá go mbeadh a dhóthain faighte aige de ag an uair seo dá shaol ach ná bíodh aon ionadh ar aon duine má fheicimid é ar an taobhline arís an bhliain seo chugainn pé rud a deireann sé idir an dá linn.

Tá timpeallán na mbainisteoirí sinsir iomána an-ghnóthach na laethanta seo le folúntais i Laois, Loch Garman, Uíbh Fhailí, Corcaigh, an Clár agus cúpla ceann eile le teacht go luath. An bhfuil an iomad brú ar bhainisteoirí na laethanta seo? Bhuel tá an spotsholas ar gach a ndéanann na bainisteoirí. Leis an méid páipéirí nuachta agus stáisiúin raidió agus teilifíse, gan trácht ar an idirlíon, ag plé gach gné d'obair na bhfoirne agus na mbainisteoirí, tá brú mór ar na himreoirí agus na bainisteoirí . Go minic bíonn lucht an idirlín (i bhfolach taobh thiar d'ainmneacha bréige) an-dian agus gránna agus iad ag caitheamh anuas ar mhórán a bhaineann leis an saol CLG.

Tá cuid des na bainisteoirí céanna ag fáil (caithfidh me bheith cúramach anseo) táillí taistil flaithiúla agus má tá, bhuel tá i bhfad níos mó brú orthu bheith freagrach as torthaí . Dar ndóigh tá bainisteoirí eile ann a dhéanann an gnó saor in aisce, nó ar fhíorbheagán, d'onóir an chontae agus is mór an trua go gcaitheann daoine anuas orthu sin chomh dian sin freisin . Gheall Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael Christy Cooney go raibh sé chun fadhb na híocaíochta do bhainisteoirí a phlé ach níl sé déanta fós agus is dócha nach mbeidh in aon chor. Pé rud é is dócha go mbeidh cúpla bainisteoir nua ar na taobhlínte an chéad bhliain eile agus cúpla ceann eile le dathanna difriúla ar a léine agus iad go léir fós faoi spotsholas géar na meán ar fad.

Sa pheil thug Corcaigh le fios go bhfuil siad fós i lár an aonaigh le taispeántas thar a bheith cuimsitheach i gcoinne an Dúin an Satharn seo caite . Ta painéal láidir acu agus thug cúpla des na fir ionaid a tháinig isteach comharthaí láidre don bhainistíocht go bhfuil siad maith go leor chun tosnú an chéad lá eile .

Ar an deireadh seachtaine seo leanann an pheil ar aghaidh agus nuair a deineadh an tarraingt dos na cluichí ceathrú ceannais an Domhnach seo caite caithfidh go raibh cúpla contae thar a bheith sásta go bhfuil Corcaigh agus Ciarraí ar an taobh céanna agus má bhuann siad beirt ar an Domhnach, go mbeidh siad i gcoinne a chéile sa leathchraobh.

De réir na fianaise a chonaiceamar go dtí seo i mbliana ceapaim go bhfuil sé tuillte ag Cill Dara, BÁC, Ciarraí agus Corcaigh bheith sna cluichí leathcheannais.

Cé a bheidh sa chraobh ? Mar a deireann muintir Chonamara, "níl fhios a'm," ach ceapaim go mbeidh dhá leathchraobh thar a bheith spéisiúil muna dtarlaíonn rud éigin as an ngnáth mar a tharla san iomáint an Domhnach seo caite.

Curaidh na hÉireann Corcaigh agus Maigh Eo a bheas ag dul in adharca a chéile i gCeathrú Ceannais Peile na hÉireann ag 4in ar an Domhnach beag seo i bPáirc an Chrócaigh. Beidh na buaiteoirí ag tabhairt aghaidhe ar bhuaiteoirí an chluiche idir Ciarraí agus Luimneach a bheas ar siúl ag 2in ar an lá céanna.

Bhuel tá an spotsholas ar gach a ndéanann na bainisteoirí. Leis an méid páipéirí nuachta agus stáisiúin raidió agus teilifíse, gan trácht ar an idirlíon, ag plé gach gné d'obair na bhfoirne agus na mbainisteoirí, tá brú mór ar na himreoirí agus na bainisteoirí . Go minic bíonn lucht an idirlín (i bhfolach taobh thiar d'ainmneacha bréige) an-dian agus gránna agus iad ag caitheamh anuas ar mhórán a bhaineann leis an saol CLG.

An raibh éinne ag súil le taispeántas na nDéise roimh a gcluiche i gcoinne na Gaillimhe san iomáint an deireadh seachtaine seo caite? Bhí siad le fáil ag na geallghlacadóirí ag 5/2 ach ní dóigh liom gur cuireadh mórán airgid orthu. Cheapas go mbuafadh an Ghaillimh ach ní rabhas róchinnte de. Bhíos mar aoi ar chlár Raidió 1 'Take Your Point' an lá i ndiaidh bhua na Gaillimhe ar Chorcaigh agus dúras nach rabhas cinnte in aon chor faoi ábaltacht na foirne dul chun cinn a dhéanamh . I gcoinne Chorcaí cheapas go rabhadar ag imirt le trí tosaithe agus go raibh an líne lánchúil (taobh amuigh de David Collins) faoi bhrú nuair a tháinig an liathróid isteach go tapaidh.

Caithfear ardmholadh a thabhairt dos na Déise. Bhíodar thar cinn ó thosach deireadh. Ní raibh aon chaint roimh ré faoi theaicticí agus d'imir siad le mórán scile, láidreacht croí agus spiorad, tréithe a bhí in easnamh ar fad i dtaispeántas an fhreasúra. Sa dara leath bhí an Ghaillimh gan cheannairí agus gan spiorad .

Caithfidh na himreoirí tromlach an mhilleáin a iompar. Bhí mórán den taispeántas dara leath sin truamhéalach.

Sa chluiche eile i nDúrlas Éile cheapas go raibh an t-ádh dearg ar Bhaile Átha Cliath teacht tríd. Gan dabht an difríocht mhór a bhí idir na foirne ná na trí chúl a scóráil Ryan O'Dwyer do Bhaile Átha Cliath sa chéad leath mar, i mo thuairim, d'imir Luimneach an iománaíocht is fearr. Loic an t-aimsiú agus rogha na mbuillí orthu ach caithfidh go bhfuil leantóirí an chontae sásta le dul chun cinn na foirne agus iad ag súil go mór le 2012.

Mar sin don deireadh seachtaine tabharfaimid aghaidh arís ar an bpeil agus sinn ag súil le mórán scóranna agus beagán cártaí .

Beir Bua.

Dushlán Sléibhe i gComórtas an Phoic Fhada

Gráinne McElwain

REÁCHTÁLFAR na cluichí ceannais i gComórtas an Phoic Fhada, atá urraithe ag M Donnelly & Co., ar Shliabh Áth na bhFearnaí, Gleann na bhFiach i gCo. Lú amárach. Leathchéad bliain atá an comórtas ar siúl agus gach bliain feictear na hiománaithe is fearr ó chontaetha timpeall na tíre ag glacadh páirte ann.

I measc na n-iomaitheoirí i mbliana, beidh Brendan Cummins, cúl báire Thiobraid Árann a bhfuil an comórtas seo buaite aige faoi cheathair. Chomh maith leis sin, beidh Davy Fitzgearld ann, fear a sheas idir phostaí an Chláir agus atá mar bhainisteoir ar Phort Láirge na laethanta seo. Bhuaigh Davy Craobh na hÉireann sa Phoc Fada in 1999 agus 2002. Beidh James McGarry, iarchúl báire Chill Chainnigh, a bhfuil cúig Chraobh na hÉireann buaite aige, i measc na n-iontrálaithe ar an lá agus feicfear seaimpín an chómortais ó anuraidh, Graham Clarke as an Dún, ag iarraidh é a bhuachan den dara bliain as a chéile. 14 iomaitheoir atá ar an liosta i mbliana agus beidh Patrick Stritch ón chlub Den Haag san Ísiltír ag teacht agus beidh seaimpíní agus tánaistí na gcúigí i láthair chomh maith.

Tosnóidh an deireadh seachtaine tráthnóna inniu ag 4.30in nuair a imreofar an Poc Fada faoi cheithre bliana déag. I dteannta an chomórtais sinsir, beidh Poc Fada sa chamógaíocht ina mbeidh seachtar ag glacadh páirte, Poc Fada f-16 agus comórtas beirte na bhfear.

Graham Clarke, buaiteoir 'Poc Fada' 2010 [PIC: RAY LOHAN / SPORTSFILE]

Campa Gaeilge agus Spóirt

LAinseáladh an Campa Gaeilge agus Spóirt Nuálach ar an Aoine, 24 Meitheamh i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich. Tosaíodh Campa Chormaic i Co. Thír Eoghain sé bliana ó shin i gcuimhne Chormaic Mhic an Ailín.

Beidh an chéad seachtain de Champa Chormaic Aontroma dírithe ar dhaoine óga i nGaelscoileanna agus ag titim amach ó 1-5 Lúnasa 2011 i mBunscoil an tSléibhe Dhuibh, Bóthar na Carraige Báine, Béal Feirste. Titfidh an dara seachtain, dóibh siúd ó scoileanna Béarla, amach in CBS, Bóthar an Ghleanna idir 8-12 Lúnasa.

Ní chosnaíonn an campa ach £40, £70 do bheirt agus £100 do thriúr as an teaghlach céanna.

Ní mór dóibh siúd a bhfuil suim acu páirt a ghlacadh sa chéad seachtain teagmháil a dhéanamh le Feargal Mac Ionnrachtaigh ar feargal@forbairtfeirste.com nó 078-41101630. Le haghaidh tuilleadh eolais ar sheachtain 2, déan teagmháil le Seán 078-72994559/ oifig@glornamona.com

Súil ar an Pheil

Gráinne McElwain

Dé Sathairn
Babhtha 4 - Babhta Cáilithe Péile
Ros Comáin v Tír Eoghain
Páirc an Chrócaigh @ 4.00in

Le tamall, tá daoine ag rá go bhfuil imreoirí Thír Eoghain róshean agus go bhfuil deireadh ag teacht leis an fhoireann iontach seo ach is cuma cad a deir daoine, tá Tír Eoghain fós sa chraobh agus is iad rogha na n-údar iad chun Ros Comáin a chloí amárach. Bhí Tír Eoghain go maith in aghaidh a seannaimhde Ard Mhacha an tseachtain seo caite agus is iad na himreoirí óga nua a tháinig chun cinn sa chluiche sin; thug Mark Donnelly, Seán O'Neill agus Peter Harte ard-taispeántas.

Ba chúis díomá iad Ros Comáin in aghaidh Mhaigh Eo i gCluiche Ceannais Chonnacht ach is beag a bhí eatarthu ag an deireadh, 0-13 le 0-11, ach cuimhnigh go raibh an aimsir uafásach ar an lá. Seo an chéad uair go mbeidh an dá fhoireann seo ag bualadh in aghaidh a chéile sa chraobh. Tá imní faoi Aidan Cassidy do Thír Eoghain a bhfuil gortú ar theannán na hioscaide ag cur as dó ach is é an taithí atá ag Tír Eoghan, agus an snas atá orthu,, an difear a bheas ann amárach.

Bua: Tír Eoghain.

Cluiche Ceathrú Ceannais Peile na hÉireann
Dún na nGall v Cill Dara
Páirc an Chrócaigh @ 6.00in
Beo ar RTÉ 2

Seo cluiche an deireadh seachtaine domsa agus an ceann is deacra chun buaiteoir a roghnú. Ar ndóigh feicfimid an-choimhlint idir seifteanna teicneolaíochta agus eolaíochta na beirte bainisteoir. Bhí Dún na nGall an-mhaith in aghaidh Dhoire i gCluiche Ceannais Uladh (1-11 le 0-8) agus iad iontach ar an ionsaí, ag tabhairt tacaíochta dá chéile agus go háirithe ag cosaint. Nuair a chas an dá fhoireann seo in aghaidh a chéile sa tsraith, chríochnaigh an cluiche ar comhscór (0-8 le 1-5) agus ní dóigh liom go mbeidh mórán idir na foirne seo amárach. Seo an ceathrú cluiche ag Cill Dara as a chéile agus tá fuinneamh leo tar éis buanna maithe in aghaidh Laoise, na Mí agus Dhoire. Tá tosaithe Chill Dara ag imirt go maith le James Kavanagh agus Tomás O'Connor ar fheabhas sa líne lántosach ach an bhfaighidh siad mórán spáis ó chosantóirí Dhún na nGall nach bhfuil ach 1-32 géillte sa chraobh acu go dtí seo? Sílim go mbeidh Cill Dara níos fearr ach ar éigean.

Bua: Cill Dara



Darran O'Sullivan, Ciarraí
[PIC : BRENDAN MORAN / SPORTSFILE]



Michael Hegarty, Dún na nGall
[PIC : OLIVER MCVEIGH / SPORTSFILE]



Alan Brogan, Baile Átha Cliath
[PIC : SPORTSFILE].



Cillian O'Connor, Maigh Eo
[PIC : DAVID MAHER / SPORTSFILE]

Dé Domhnaigh
Cluichí Ceathrú Ceannais Peile na hÉireann
Ciarraí v Luimneach
Páirc an Chrócaigh @ 2.00in
Beo ar RTÉ 2

Faoi dheireadh fuair Luimneach sciorta den ádh in aghaidh Loch Garman an tseachtain seo caite sna babhtaí cáilithe agus cé gur chríochnaigh an cluiche ar bhealach conspóideach, is beag duine a déarfadh nach raibh sé sin tuillte acu ag féachaint siar roinnt blianta agus an mí-ádh leo go minic. Ach d'athraigh sin nuair a tharraing siad Ciarraí as an phota san oíche Dé Domhnaigh seo caite. Chas an dá fhoireann seo in aghaidh a chéile i gCluiche Leathcheannais na Mumhan i mí an Mheithimh le Ciarraí ag buachaint go furasta 1-26 le 3-9 agus beidh sé an-deacair ag Luimneach arís Dé Domhnaigh seo. Dea-scéal do Luimneach ná go mbeidh Stephen Lucey agus Mark O'Riordan ar fáil mar go bhfuil na hiománaithe críochnaithe i mbliana agus tugann sé sin rogha níos fearr do Maurice Horan. Ach beidh Ciarraí róláidir dóibh agus seans go bhfeicfimid Tómás Ó Sé (ar ais ó fhionraí) agus Paul Galvin (ar ais ó ghortú).

Bua: Ciarraí

Maigh Eo v Corcaigh
Páirc an Chrócaigh @ 4.00in
Beo ar TV3

Ar pháipéar, tá an chuma ar an scéal go mbeidh bua éasca ag Corcaigh ach tá gortuithe ag cur as go mór dóibh. Ní amháin go bhfuil Ciarán Sheehan agus Colm O'Neill imithe don bhliain, ní imreoidh Daniel Goulding ar an Domhnach mar gheall ar ghortú ruitín agus má bhuann Corcaigh, beidh imní mhór faoi don chluiche leathcheannais chomh maith. Tháinig Barry O'Driscoll isteach in áit Goulding sa chluiche in aghaidh an Dúin ach bhris sé a ghiall cúpla nóiméad i ndiaidh dó teacht isteach. Mar sin, tá an méid tosaithe atá ag Corcaigh ag laghdú agus ní féidir leo aon tosaí eile a chailliúint.

Maidir le Maigh Eo, níor bhreathnaigh siad iontach i gCluiche Ceannais Chonnacht in aghaidh Ros Comáin ach rinne siad go leor chun an cluiche a bhuachan. Rud maith do Mhaigh Eo ná go bhfuil siad in ann brath ar Chillian O'Connor chun na ciceanna saora a thógáil, feicfidh muid cé chomh maith is a bheas an fear óg i mecca na peile, Páirc an Chrócaigh, ach tá sé deacair gan Corcaigh a roghnú anseo.

Bua: Corcaigh.

SPÓRT
Déan teagmháil linn ag sport@gaelsceal.ie
Gaelscéal
● 29.07.2011

Mórtas cine Luimnigh faoi bhagairt

Luimneach v. Ciarraí, 14:00, Páirc an Chrócaigh, Dé Domhnaigh.

Gráinne McElwain

"ÓH a leithéid de lá - níor thosaigh muid go maith agus ní raibh muid in ann teacht amach as sin. Bhí cuma neirbhíseach orainn ag an tús agus níl a fhios agam cén fáth," a dúirt Maurice Horan, bainisteoir pheileadóirí Luimnigh tar éis chluiche leathcheannais na Mumhan in aghaidh Chiarraí ag tús mhí an Mheithimh.

Ní rudaí maithe a thagann chun cuimhne do Luimneach ón lá sin i bPáirc Uí Chaoimh nuair a chaill siad 3-9 go 1-26.

Bhí tús iontach ag Ciarraí, 1-3 acu in aghaidh 0-1 taobh istigh de 12 nóiméad, agus bhí Ciarraí níos láidre i ngach áit ar an pháirc, bhí Tom O'Sullivan ag fáil na láimhe in uachtar ar Ger Collins agus ní raibh Shane Gallagher in ann Kieran Donaghy a láimhseáil san aer ná ar an talamh ach an oiread.

Bhí Luimneach gan John Galvin agus Stephen Lucey don chluiche sin mar gheall ar ghortuithe agus cé go bhfuair Luimneach cúpla cúl i dtreo dheireadh an dara leath, ní dhearna sé difear ar bith. An bua ag Ciarraí arís orthu. Is féidir a rá go bhfuil an mí-ádh ar Luimneach le cúig bhliana anuas. Chaill siad ceithre chluiche sna babhtaí cáilithe le cúilín nó in am cúitimh na gcluichí sin.

Dhá bhliain ó shin in aghaidh na Mí, d'aimsigh Stephen Lucey cúilín chun an cluiche a chur ar comhscór ach níor ceadaíodh an cúilín.

Cuir i gcás an bhliain seo caite, in aghaidh Chorcaí i mbabhta a ceathair de na babhtaí cáilithe, theastaigh am breise agus níor bhuaigh Corcaigh ach le dhá chúilín; ar ndóigh chuaigh siad ar aghaidh ina dhiaidh sin chun Craobh na hÉireann a bhuachan. Bhí cic éirice tuillte ag Luimneach an lá sin chomh maith agus ní bhfuair siad é.

Bhí an mí-ádh leo in aghaidh Chiarraí i gCluiche Ceannais na Mumhan, bhí an t-ádh ar Thomás Ó Sé fanacht ar an pháirc agus d'éirigh leis dhá chúilín a aimsiú sa chluiche. Chríochnaigh Ciarraí chun cinn le trí chúilín ar an lá.

"Is é an rud is tábhachtaí ná gur thaispeáin muid carachtar nuair a bhí rudaí ag dul glan inár n-aghaidh."

Dúirt Maurice Horan é sin tar éis an bhua in aghaidh Uíbh Fhailí sna babhtaí cáilithe i mbliana ach is féidir an mana sin a úsáid faoi Luimneach i mbliana. Níor thug éinne seans dóibh tar éis gur chaill siad in aghaidh Chiarraí agus ó shin i leith tá buanna maithe faighte acu in aghaidh Uíbh Fhailí, Phort Láirge agus Loch Garman sna babhtaí cáilithe. Seo an chéad uair ó 1896 go bhfuil trí chluiche craoibhe buaite ag peileadóirí Luimnigh.

"D'éist muid le go leor leor cáineadh ó dhaoine ag rá nach raibh croí ná paisean le feiceáil inár gcuid imeartha, go háirithe tar éis an chluiche in aghaidh Chiarraí, ach ba thoradh iontach againn é sa chluiche in aghaidh Uíbh Fhailí."

Fuair Luimneach an tús a bhí uathu, agus a bheidh ag teastáil in aghaidh Chiarraí chomh maith, nuair a d'aimsigh siad 2-2 taobh istigh de 15 nóiméad. Bhí Ian Ryan ar fheabhas ag aimsiú 1-7 ar an lá agus fuair Ger Collins 1-2 chomh maith.

In aghaidh Phort Láirge, d'imigh 14 nóiméad gan aon scór ag Luimneach ach bhí an lá leo 0-14 le 0-9. Ach ba é an cluiche drámatiúil in aghaidh Loch Garman an tseachtain seo caite a thug an deis do Luimneach imirt i gCluiche Ceathrú Ceannais na hÉireann i mbliana (1-18 le 1-17).

Mar sin, an bhfuil seans ar bith ag Luimneach an deireadh seachtaine seo? Tá sé ríthábhachtach do Luimneach go ndéanfaidh siad tús maith.

Tá tosaithe maithe acu atá in ann cúil a aimsiú ach caithfidh na tosaithe an lámh in uachtar a fháil ar chosantóirí Chiarraí, rud nach ndearna siad i gCluiche Leathcheannais na Mumhan.

Buntáiste mór dóibh ná go bhfuil Stephen Lucey agus Mark O'Riordan ar fáil arís agus ní bheidh easpa muiníne orthu ach an oiread.

Ach seo scrúdú géar dóibh in aghaidh iarsheaimpíní na hÉireann atá ag obair go maith dá chéile agus iad ag feabhsú le súil s'acu siúd ar chorn Sam Mhic Uidhir i mí Mheán Fómhair. Dúirt iar-bhainisteoir Luimnigh agus an Ciarraíoch Mickey Ned O'Sullivan "Níl a fhios ag Luimneach go fóill a gcumas iomlán agus ní bheidh sé i bhfad go mbeidh an briseadh fríd déanta acu."

Níl éinne ag tabhairt seans dóibh arís ar an Domhnach ach sin an dóigh a dtaitníonn sé leo.